# Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Nollaig 2019

# Clár na nÁbhar


Clár na nÁbhar 3

An Réamhrá 5

1. An próiseas athbhreithnithe 7

2. Peirspictíochtaí an scoláire 16

3. Peirspictíochtaí na dTuismitheoirí 29

4. Peirspictíochtaí príomhoidí scoile 37

5. Peirspictíochtaí múinteoirí 47

6. Peirspictíochtaí na bpáirtithe leasmhara 59

7. Comhairle i dtaca le treonna todhchaí 77

Aguisín A: Lucht freastail ag Cruinnithe comhairliúcháin Déthaobhacha agus Comhchéime 93

Aguisín B: Páirtithe leasmhara a d'fhreastail ar imeachtaí comhairliúcháin siompóisiam 95

Aguisín C: Liosta na nAighneachtaí Scríofa 97

Aguisín D: Obair i scoileanna 99

Aguisín E: Amlíne tháscach le haghaidh gníomhartha CNCM 100

Leabharliosta 101

**Táblaí**

Tábla 1. Freagróirí an tsuirbhé ar líne (Iúil-Deireadh Fómhair 2019) 11

Tábla 2. Modh tiomsaithe, taifeadadh sonraí agus líon rannpháirtithe 14

Tábla 3. Na háiteanna a gcuardaíonn daoine óga freagraí ar cheisteanna a bhaineann le OCG 25

# An Réamhrá

I mí Aibreáin 2018, d'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D., ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tabhairt faoi athbhreithniú mór ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i scoileanna ag gach céim den oideachas *lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais daoine óga an lae inniu in Éirinn* (litir ón Aire, 2018).

Tá OCG ina chroí-ghné den churaclam ó bhí 1995 ann, nuair a iarradh ar scoileanna tús a chur leis an bpróiseas trína bhforbrófaí polasaí scoile i gcomhar le tuismitheoirí, múinteoirí agus lucht bainistíochta. Is éard is aidhm leis an bpolasaí seo ná tabhairt isteach OCG mar chuid de churaclam níos leithne an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte a éascú. In 1996, tugadh isteach Curaclam agus Treoirlínte Eatramhacha (CNCM) don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. In 1999, glacadh le OCG mar mhír éigeantach den Churaclam Bunscolaíochta (ROS, 1999) agus sa bhliain 2000, mar mhír éigeantach de Chreat Curaclaim OSPS na Sraithe Sóisearaí.

Tá athrú mór tagtha ar an saol in Éirinn ó tugadh OCG isteach i scoileanna in 1995. Tá sé tráthúil mar sin breithniú a dhéanamh ar eispéireas OCG i scoileanna; ar ábharthacht an churaclaim reatha agus ar an gcaoi ar féidir tacú leis amach anseo. D'iarr an tAire *go gcuimseodh an t-athbhreithniú curaclam OCG, na hábhair tacaíochta sa réimse seo den churaclam, agus, chomh maith, soláthar an churaclaim do dhaltaí* (Litir an Aire, 2018) Maidir leis an gcuraclam, d'iarr an tAire go ndéanfaí breithniú ar na réimsí a leanas de OCG:

- Toiliú – a bhfuil i gceist leis agus an chúis a bhfuil sé tábhachtach
- Forbairtí i dtaca leis an bhfrithghiniúint
- Léiriú gnéasachta agus caidrimh fholláine agus dhearfacha
- Úsáid shábháilte an idirlín
- Na meáin shóisialta agus a dtionchar ar chaidrimh agus ar fhéinmhuinín
- Ceisteanna a bhaineann le LADTA+.

Agus na nithe seo chun cinn agus i gcomhthéacs eispéireas agus fírinne níos leithne OCG mar a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna é, d'fhéach an t-athbhreithniú le freagraí a fháil ar na ceisteanna seo a leanas:

- Conas a dhéantar pleanáil le haghaidh an churaclaim OCG, conas a theagasctar é agus cén bhaint atá ag tuismitheoirí leis?
- Cad é an ról atá ag an múinteoir ranga i dteagasc an churaclaim agus cad é an ról atá ag soláthróirí seachtracha maidir le bheith ag tacú le OCG i scoileanna?
- Cá mhéad ama a chuirtear ar fáil lena aghaidh, cad iad na hacmhainní a chuirtear ar fáil agus cad iad na hábhair tacaíochta atá in úsáid?
- Cé chomh héifeachtach is atá na deiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach atá á gcur ar fáil faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag forais eile do mhúinteoirí?

# 1. An próiseas athbhreithnithe

Tá cuntas sa chaibidil seo ar an bpróiseas athbhreithnithe a reáchtáladh idir Meitheamh 2018 agus Deireadh Fómhair 2019. Chuimsigh an t-athbhreithniú trí shnáithe fhorluiteacha:

- Tarraingt ar staidéir agus ar thaighde
- Comhairliúchán le ceannairí, eagraíochtaí agus daoine croí-lárnacha ag a bhfuil saineolas agus taithí i réimse an OCG
- Obair le Scoileanna

Sna rannáin a leanas, tugtar mionsonraí i dtaca le cuspóir agus próiseas gach snáithe agus tá cur síos ar an anailís sonraí ar tugadh fúithi le linn an athbhreithnithe.

## Tarraingt ar staidéir agus ar thaighde

Tá méadú tagtha ar an gcorpas taighde atá ann i réimse an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta le deich mbliana anuas. Mar chuid den obair ullmhúcháin don athbhreithniú ar OCG, rinneadh iniúchadh deisce ar thaighde, idir thaighde idirnáisiúnta agus taighde náisiúnta, ó leibhéal na luathbhlianta aníos go dtí aois 18 a choimisiúnú. I gcomhréir le hiarratas an Aire, cuireadh roinnt réimsí sainiúla san áireamh le go dtabharfaí aird ar leith orthu le linn an athbhreithnithe ar an taighde. De thoradh na hoibre seo, foilsíodh *Relationships and Sexuality Education (RSE) in Primary and Post-primary Irish Schools: A Research Paper* (Keating et al, 2018). Leagtar amach sa pháipéar seo an cúlra agus an comhthéacs le haghaidh an athbhreithnithe ar OCG mar aon le forléargas ar thaighde ábhartha a bhaineann leis an eispéireas de OCG in Éirinn, agus ar bhonn idirnáisiúnta. Cé gur tháinig an creatlach taighde leis an bpáipéar agus gur leagadh amach roinnt eochaircheisteanna ann ar féadadh iad a mheas, tharraing an t-athbhreithniú chomh maith ar staidéir eile ar ghnéithe sainiúla de OCG agus dá chur i bhfeidhm i scoileanna. Threoraigh sé seo ar fad an dá shnáithe eile san athbhreithniú atá leagtha amach thíos.

# Comhairliúchán le ceannairí, eagraíochtaí agus daoine croí-lárnacha

Chuaigh an t-athbhreithniú i gcomhairle le ceannairí, eagraíochtaí agus daoine croí-lárnacha in Éirinn agus thar lear, lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, seirbhísí tacaíochta agus lucht acadúil. Chuir a gcuid eispéireas agus peirspictíochtaí i dtaca le fírinne chomhthéacsúil OCG a chur i bhfeidhm in Éirinn bonn tábhachtach fianaise a bheadh le breithniú le linn an phróisis athbhreithnithe. Tugadh cuireadh d'eagraíochtaí, grúpaí sainleasa agus daoine croí-lárnacha a raibh nó a bhfuil baint dhíreach acu le soláthar OCG freastal ar chruinnithe déthaobhacha, cainteanna comhchéime agus dhá imeacht comhairliúcháin siompóisiam ar OCG. Thug CNCM, trína suíomh gréasáin, cuireadh do ghrúpaí agus daoine eile leasmhara rannpháirt a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe ach shuirbhéanna ar líne agus aighneachtaí scríofa a dhéanamh.

Chruthaigh éagsúlacht na bhfreagairtí a tháinig ó na grúpaí agus daoine éagsúla dioscúrsa saibhir agus é dírithe ar na heispéiris reatha mar aon leis na deiseanna a bheidh ann sa todhchaí le haghaidh OCG i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Bhí guth an scoláire lárnach i ngach eilimint den chomhairliúchán agus reáchtáladh roinnt cruinnithe déthaobhacha a raibh baint ag grúpaí scoláirí leo mar a bhfuarthas deis thábhachtach bhreise peirspictíocht na scoláirí sa phróiseas athbhreithnithe a chloisteáil.

Áirítear leis formáidí rannpháirtíochta iad seo a leanas:

- Comhphlé déthaobhach agus comhchéime
- Imeachtaí comhairliúcháin
- Suirbhéanna ar líne
- Aighneachtaí scríofa.

### Comhphlé déthaobhach agus comhchéime

Idir Deireadh Fómhair 2018 agus Márta 2019, chuaigh CNCM i gcomhairle le héagsúlacht mhór de pháirtithe leasmhara a oibríonn i réimse OCG nó atá freagrach as an réimse sin i scoileanna. Ach cuireadh a thabhairt dóibh, nó léiriú spéise a lorg, bhí páirtithe leasmhara rannpháirteach i gcruinnithe déthaobhacha nó comhchéime, mar ar roinn siad a gcuid tuairimí ar OCG. Bhí dhá dhuine is seasca idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí rannpháirteach sna cruinnithe sin (tá sonraí ar fáil in Aguisín A). Fuarthas ionadaíocht ó réimse grúpaí, lena n-áirítear forais bainistithe scoileanna, daoine

a oibríonn san earnáil neamhfhoirmeálta óige, grúpaí a dhéanann ionadaíocht do scoláirí, soláthróirí seachtracha OCG agus acadóirí a oibríonn sa réimse seo. Thug na cruinnithe deis do pháirtithe leasmhara a bpeirspictíocht i dtaca leis an eispéireas agus an cleachtas reatha ó thaobh OCG de i scoileanna a chomhroinnt. Bunaíodh an comhphlé ar thrí cheist threoracha:

- Cad iad na heochairtheachtaireachtaí a bhaineann leis an g**curaclam** reatha OCG ar cheart don athbhreithniú breithniú a dhéanamh orthu?
- Cad iad na heochairtheachtaireachtaí a bhaineann le **cur i bhfeidhm OCG** ar cheart don athbhreithniú breithniú a dhéanamh orthu?
- Cad iad na heochairtheachtaireachtaí maidir leis **an tacaíocht atá de dhíth** ar cheart don athbhreithniú breithniú a dhéanamh orthu?

### Imeachtaí comhairliúcháin

Tá réimse leathan d'eagraíochtaí ann a bhfuil saineolas agus taithí acu a bhaineann le OCG agus ba den tábhacht go gcloisfeadh an t-athbhreithniú a gcuid peirspictíochtaí agus eispéireas. Chun na críche seo, reáchtáladh dhá imeacht comhairliúcháin siompóisiam - reáchtáladh an chéad siompóisiam i nDún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath ar an $27^{ú}$ Samhain, 2018 chun na dúshláin agus deiseanna reatha a phlé. Reáchtáladh siompóisiam leantach i gCaisleán Átha Cliath ar an $10^{ú}$ Meán Fómhair, 2019, d'fhonn plé agus rannpháirtíocht níos doimhne sa phróiseas athbhreithnithe a éascú agus chun aiseolas a iarraidh i dtaca leis na luathléargais agus gníomhartha beartaithe a bhí ag eascairt as an athbhreithniú. D'fhreastail breis agus 70 toscaire ó 51 eagraíocht leasmhar ar an gcéad siompóisiam agus d'fhreastail níos mó ná 120 toscaire ó 80 eagraíocht leasmhar ar an dara siompóisiam (féach Aguisín B le haghaidh liosta den lucht freastail ag an dá imeacht).

De bhreis air sin, chuaigh CNCM i bpáirt leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGO) chun imeacht comhairliúcháin aon lae a eagrú ar ar fhreastail 77 ionadaí de chuid Chomhairle na nÓg Reáchtáladh é sin ag an RLGO, ar an $13^{ú}$ Márta, 2019. Rinne coiste comhairleach de bhaill na Comhairle an lá a dhearadh agus rinne oifigigh rannpháirtíochta óige de chuid RLGO é a éascú. Rinneadh scríbhneoir tuairiscí neamhspleách a choimisiúnú le hanailís a dhéanamh ar na nótaí agus tuairisc ghairid a ghiniúint, rud a cuireadh san áireamh in éineacht le peirspictíochtaí foriomlána na scoláirí. Is féidir an tuairisc a fháil ag www.ncca.ie.

### Suirbhéanna ar líne

Tugadh dhá dheis don phobal a gcuid tuairimí a nochtadh ach suirbhéanna ar líne a dhéanamh. Osclaíodh an chéad suirbhé ón $1^{ú}$ Samhain 2018 go dtí an $15^{ú}$ Feabhra 2019, i nGaeilge agus i

mBéarla. Bhí an suirbhé roinnte ina thrí chuid; ceann don scoláire, ceann do mhúinteoirí, agus ceann do thuismitheoirí. Díríodh ceisteanna an tsuirbhé ar na gnéithe seo a leanas:

- An t-eispéireas reatha OCG
- Réimsí, luachanna, eolas agus scileanna tábhachtacha in OCG
- Tuairimí maidir le bealaí chun OCG a fheabhsú.


Cuireadh spéis nach beag sa chéad chéim den chomhairliúchán agus fuarthas 5,883 freagra suirbhé comhlánaithe le linn an phróisis, is curiarracht é sin do CNCM. Tháinig 512 freagairt ó scoláirí, 1,333 freagairt ó mhúinteoirí/oideachasóirí agus 4,038 freagairt ó thuismitheoirí/caomhnóirí. Is freagróirí féinroghnaitheacha a bhí i gceist anseo agus, dá réir sin, ní raibh siad ionadaíoch, ach tugann líon na bhfreagairtí léargas dúinn ar réimse na ndearcthaí i dtaca le OCG i scoileanna.

Is fiú a lua chomh maith go ndearna an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Bunbhrainse, aighneacht i dtaobh an athbhreithnithe bunaithe ar 3,300 suirbhé le tuismitheoirí agus go ndearna Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunoideachas) aighneacht ina thaobh bunaithe ar 553 suirbhé le tuismitheoirí. B'ionann é sin go léir agus 7,891 freagairt ó thuismitheoirí a ndearnadh breithniú orthu ag an gcéim seo den athbhreithniú.

Osclaíodh an dara suirbhé ar líne idir an 9ú Iúil agus an 25ú Deireadh Fómhair, 2019, d'fhonn aiseolas a fháil ar an *Dréacht-Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna.* Bhí leibhéal ard spéise poiblí le sonrú arís le linn na céime seo den chomhairliúchán agus fuarthas 5,100 freagairt ar an gceistneoir ar líne, mar a léiríonn tábla 1 thíos.

Bhí tionchar ag roinnt tosca ar an rannpháirtíocht le linn an dara céim den chomhairliúchán. Ar dtús, tháinig sé chun solais gur cheangail go leor freagróirí na moltaí ó *Thuarascáil an Chomhchoiste Oideachais agus Scileanna ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta* agus ón m*Bille um Oideachas Gnéis Oibiachtúil* lena mbaineann leis an dréacht-*Tuairisc ar an Athbhreithniú ar OCG* de chuid CNCM. Rud eile a chuaigh i bhfeidhm air is ea an feachtas eagraithe a díríodh ar dhaoine nach bhfuil i bhfách le ról na scoile agus an stáit i soláthar OCG. Bhailigh an feachtas seo neart le linn na seachtainí deireanacha den chomhairliúchán nuair a seoladh suíomh gréasáin, scaipeadh bileoga i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna eile, agus d'éirigh an feachtas iontach feiceálach ar na hardáin meán sóisialta.

**Tábla 1: Freagairtí ar an suirbhé ar líne, Iúil go Deireadh Fómhair 2019**




**Aighneachtaí scríofa**

Is cuid thábhachtach de phróiseas athbhreithnithe CNCM iad aighneachtaí scríofa. Glacadh le haighneachtaí scríofa ón 1ú Meitheamh, 2018 go dtí an 31ú Eanáir 2019 agus arís ón 9ú Iúil go dtí an 25ú Deireadh Fómhair 2019. San iomlán, fuarthas 85 aighneacht scríofa ó eagraíochtaí agus ó ghrúpaí leasmhara le linn an gcomhairliúchán. Fuarthas 145 aighneacht scríofa eile ó dhaoine aonair. Tá liosta de na haighneachtaí ar fad a fuarthas ó eagraíochtaí ar fáil in Aguisín C den tuairisc seo. Mar a bhfuarthas cead aighneachtaí scríofa ón gcomhairliúchán a fhoilsiú, tá na haighneachtaí sin ar fáil ar líne mar chuid den athbhreithniú. Sna ceithre seachtainí deireanacha den athbhreithniú, fuair CNCM thart ar 1,000 aighneacht mar ar úsáideadh teimpléad comhchoiteann.

# Obair le scoileanna

Ba cuid ríthábhachtach den athbhreithniú é an comhairliúchán a rinneadh le scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus ceannairí scoile sna scoileanna féin lena chinntiú gur léiríodh na fírinní i dtaca leis an bhfíorthaithí a fhaigheann daoine de OCG. A bhuí le tacaíocht a fuarthas ó na forais bainistithe scoileanna, tugadh cuireadh do scoileanna a bheith rannpháirteach san athbhreithniú. Sainaithníodh

trí scoil is fiche - trí bhunscoil déag agus deich n-iar-bhunscoil - lenar cuimsíodh cineálacha éagsúla scoileanna agus áiteanna éagsúla (féach Aguisín D).

### Bunscoileanna

Forbraíodh réimse ábhar le tacú leis an rannpháirtíocht le scoláirí i mbunscoileanna. Rinne oifig an Ombudsman do Leanaí athbhreithniú ar na hábhair seo lena chinntiú go raibh na gníomhaíochtaí agus cuir chuige insroichte ag gach aon pháiste. Agus prionsabal na neamhdhochrachta chun cinn, socraíodh go bpléifí le scoláirí sna ranganna sinsearacha sa bhunscoil agus go ndíreofaí ar ghnéithe de OSPS seachas na topaicí íogaire a bhaineann le OCG amháin. Fuarthas cead tuismitheora do gach dalta a bhí rannpháirteach san athbhreithniú. Ar an iomlán, bhí sé ghrúpa de dhaltaí rang 5 agus grúpa amháin de dhaltaí rang 3 agus 4 rannpháirteach sa cheardlann.

Iarradh ar scoileanna cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach sna fócasghrúpaí. San iomlán, éascaíodh ocht bhfócasghrúpa. Bhí obair na bhfócasghrúpaí seo bunaithe ar thrí cheist leathana;

- Cad é an taithí atá agat ar OCG sa scoil seo?
- Cad iad na tuairimí atá agat de na cuir chuige agus cláir reatha OCG?
- Cén sórt tacaíochta nó áiseanna atá de dhíth ort sa réimse seo?

Iarradh ar scoileanna múinteoirí a roghnú le páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí. Éascaíodh dhá fhócasghrúpa dhéag. Ar a bharr sin, tionóladh deich bhfócasghrúpa mar a raibh baill den bhainistíocht scoile páirteach. I gcás an dá ghrúpa, threoraigh ceithre cheist leathana an comhphlé:

- Cad iad na heispéiris atá agatsa de OCG?
- Cad iad na dúshláin a bhaineann le OCG?
- Cén tacaíocht atá de dhíth le haghaidh OCG?
- Conas a thugtar ról do thuismitheoirí in OCG?

### Iar-bhunscoileanna

Le tacú leis an gcomhairliúchán, forbraíodh réimse ábhar chun tacú leis an rannpháirtíocht le scoláirí in iar-bhunscoileanna. Cuireadh na hábhair seo ar fáil ar líne freisin do na scoileanna sin a bhí ag iarraidh a bheith rannpháirteach agus cur leis an gcomhairliúchán. Laistigh de gach iar-bhunscoil, bhí na grúpaí scoláirí seo a leanas rannpháirteach:

- cruinniú le rang amháin sa chéad bhliain

- fócasghrúpa ina raibh idir deichniúr agus dháréag scoláirí idirbhliana
- fócasghrúpa ina raibh idir deichniúr agus dháréag scoláirí séú bliain.

Iarradh ar scoláirí sa chéad bhliain machnamh a dhéanamh ar a gcuid eispéireas i rang 5 agus rang 6, éascaíodh do scoláirí idirbhliana a gcuid eispéireas sa tsraith shóisearach a phlé agus phléigh scoláirí séú bliain an t-eispéireas foriomlán de OCG san iar-bhunscolaíocht agus fócas ar leith ar an eispéireas sa tsraith shinsearach. San iomlán, bhí breis agus 450 scoláire iar-bhunscoile rannpháirteach san athbhreithniú in 10 scoil.

Iarradh ar scoileanna múinteoirí a roghnú le haghaidh cruinniú fócasghrúpa. San iomlán, éascaíodh deich bhfócasghrúpa. Ar a bharr sin, éascaíodh deich bhfócasghrúpa mar a raibh baill d'fhoireann shinsearach bainistithe na scoile páirteach. I gcás an dá ghrúpa, threoraigh ceithre cheist leathana an comhphlé:

- Cad iad na heispéiris atá agatsa de OCG?
- Cad iad na dúshláin a bhaineann le OCG?
- Cén tacaíocht atá de dhíth le haghaidh OCG?
- Conas a thacaítear le tuismitheoirí in OCG?

Iarradh ar scoileanna cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach sna fócasghrúpaí. Éascaíodh dhá fhócasghrúpa in iar-bhunscoileanna.

# Anailís ar Shonraí

Tiomsaíodh líon suntasach sonraí le linn an chomhairliúcháin. Tá achoimre i dTábla 2 ar leibhéal na rannpháirtíochta i ngach formáid chomhairliúcháin agus tá breac-chuntas ann ar an gcineál sonraí a tiomsaíodh.

**Tábla 2: Modh tiomsaithe sonraí, taifeadadh sonraí, agus líon rannpháirtithe**

| Modh tiomsaithe sonraí | Taifeadadh sonraí | Líon rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Cruinnithe déthaobhacha | Nótaí allamuigh | 62 |
| Siompóisiamaí ar OCG | Nótaí ón gcomhphlé boird | 178 |
| Suirbhé ar líne, tuismitheoirí | Aighneachtaí féintuairiscithe ar líne | 7,584 |
| Suirbhé ar líne, scoláirí | Aighneachtaí féintuairiscithe ar líne | 650 |
| Suirbhé ar líne, múinteoirí | Aighneachtaí féintuairiscithe ar líne | 1846 |
| Suirbhé ar líne, ar cuireadh 'eile' síos dó | Aighneachtaí féintuairiscithe ar líne | 739 |
| Imeacht comhairliúcháin Chomhairle na nÓg | Scríbhneoir neamhspleách tuairiscí | 77 duine óg |
| Aighneachtaí scríofa ó eagraíochtaí agus grúpaí leasmhara | Aighneachtaí ar líne agus páipéarbhunaithe | 85 |
| Aighneachtaí scríofa ó dhaoine aonair | Aighneachtaí ar líne agus páipéarbhunaithe | 145 |
| Aighneacht scríofa ó theimpléad comhchoiteann | Aighneachtaí páipéarbhunaithe | Timpeall 1,000 |
| Obair le scoileanna, fócasghrúpaí agus ceardlanna | Nótaí allamuigh | 23 scoil, thart ar 600 rannpháirtí |

**Cruinnithe déthaobhacha agus comhchéime**

B'iondúil ball den Fhoireann Tionscadail OCG a bheith sa chathaoir le linn cruinnithe le páirtithe leasmhara agus go mbeadh ball eile den fhoireann ag glacadh nótaí. Rinneadh taifead scríofa de príomhphointí plé le linn gach cruinnithe. Rinneadh athbhreithniú ar an taifead seo agus cuireadh bailchríoch air ach mioncheistiúchán struchtúrtha a dhéanamh laistigh d'fhoireann an tionscadail. Ar chur i gcrích na gcruinnithe déthaobhacha agus comhchéime, rinneadh athbhreithniú ar an tacar iomlán de nótaí d'fhonn raon agus minicíocht fhoriomlán na dtuairimí a fháil.

**Siompóisiamaí ar OCG**

Úsáideadh cur chuige struchtúrtha grúp-phlé sna siompóisiamaí, arna threorú ag eochaircheisteanna a bhaineann le OCG. D'éascaigh Oifigeach Oideachais gach pléghrúpa, agus rinne sé taifead ar na heochairphointí agus eochair-ráitis a rinne na rannpháirtithe. Rinneadh anailís ina dhiaidh sin ar na nótaí d'fhonn aon téamaí a bhí ag teacht chun cinn a aithint agus aibhsíodh eochair-ráitis.

**Ceistneoirí ar líne**

Tiomsaíodh sonraí cáilíochtúla, den chuid is mó, leis na suirbhéanna ar líne. Mar atá amhlaidh le tacair eile de shonraí cáilíochtúla, rinneadh anailís ar na freagairtí seo chun raon na ndearcthaí a cuireadh in iúl agus téamaí bainteacha a bhí ag teacht chun cinn a shainaithint. Rinne cara criticiúil

athbhreithniú, freisin, ar an anailís agus ar shainaithint na dtéamaí lena chinntiú go raibh léirmhíniú na Foirne Tionscadail OCG cruinn.

Mar atá amhlaidh le gach suirbhé rochtana oscailte, bhí na freagróirí féinroghnaitheach agus, dá réir sin, ní raibh siad ionadaíoch do leasanna sainiúla. Ar na nithe is mó a raibh tionchar acu ar an suirbhé ar líne, bhí feachtas a eagraíodh ar na hardáin meán sóisialta, a d'iarr ar thuismitheoirí a gcuid buarthaí a chur in iúl faoin ngá atá le OCG i scoileanna agus nádúr OCG i scoileanna. B'as an bhfeachtas seo a d'eascair breis agus 70% de fhreagairtí don suirbhé ar líne mar aon le cóipeanna d'aighneachtaí scríofa. Ar an iomlán, bhí speictream tuairimí le sonrú sna freagairtí don suirbhé ar líne agus ar na heochairchritéir lenar cinneadh ar ghá breithniú orthu, bhí ábharthacht na bhfreagraí do na ceisteanna a cuireadh in athbhreithniú CNCM.

**Aighneachtaí scríofa**

Rinneadh gach aighneacht scríofa a léamh agus a bhreithniú ina iomláine le linn an athbhreithnithe. Rinne an Fhoireann Tionscadail OCG anailís ar gach ceann astu féin agus ansin le chéile d'fhonn bailíochtú a chinntiú agus chun na téamaí a sainaithníodh a chur i gcomparáid lena chéile. Rinne cara criticiúil athbhreithniú, freisin, ar an anailís agus ar shainaithint na n-eochairthéamaí lena chinntiú go raibh léirmhíniú na Foirne Tionscadail OCG ar gach aighneacht scríofa cruinn.

**Obair le Scoileanna**

Chuaigh breacaire neamhspleách nótaí le baill den Fhoireann Tionscadail OCG ar chuairteanna scoile. Tugadh faoi mhioncheistiúchán struchtúrtha tar éis gach cuairte lena chinntiú go raibh léirmhíniú na n-eispéireas agus na dtuairimí a cuireadh i láthair cruinn. Nuair a bhíothas réidh leis na cuairteanna ar scoileanna, tháinig an Fhoireann Tionscadail OCG agus an breacaire nótaí le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí ina n-iomláine agus ar na heochairthéamaí a tháinig chun cinn.

Ba mhaith le CNCM aitheantas agus buíochas a ghabháil leis na *scoláirí, tuismitheoirí, príomhoidí, eagraíochtaí agus daoine aonair a thóg an t-am lena n-eispéiris agus tuairimí a roinnt linn.*

# 2. Peirspictíochtaí an scoláire

Táthar tar éis imscrúdú a dhéanamh, le roinnt staidéar a cuireadh i gcrích le blianta beaga anuas, ar eispéireas agus riachtanais bhraite daoine óga i dtaca leis an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Tá cuid de na príomhthorthaí ó na staidéir sin san áireamh in *Relationships and Sexuality Education (RSE) in Primary and Post-primary Irish Schools: A Research Paper* (Keating et al, 2018). Tagann sé aníos arís agus arís eile sa taighde go measann tromlach na scoláirí an t-eispéireas OCG a fhaigheann siar ar scoil a bheith go dona. Tá faisnéis bhreise sa chaibidil seo a tiomsaíodh mar chuid den athbhreithniú seo i dtaca le taithí daoine óga ar OCG.

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar agallaimh fócasghrúpa ar scoláirí in éagsúlacht de scoileanna, cruinnithe le grúpaí ionadaíocha óige (Foróige, Obair d'Ógra Éireann, Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann, agus Comhairle na nÓg), agus 650 freagairt ar líne ó dhaoine óga idir 12-18 mbliana d'aois ar shuirbhé a bhí ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Cuirtear san áireamh freisin dearcadh 77 duine óg a d'fhreastail ar imeacht comhairliúcháin de chuid Chomhairle na nÓg a eagraíodh i gcomhpháirt le RLGO. Den chuid is mó, baineann na torthaí sa chaibidil seo leis an mbunscolaíocht uachtarach agus leis an iar-bhunscolaíocht.

Tá na torthaí a fuarthas ó na scoláirí leagtha amach faoi na ceannteidil seo thíos a leanas:

- Cad é a bhíonn á theagasc?
- Conas a theagasctar OCG?
- Céard is múinteoir maith OCG ann?
- Ról na dtuismitheoirí agus suíomhanna neamhfhoirmeálta foghlama
- Cad iad na rudaí ba mhaith le scoláirí a athrú?

## Cad é a bhíonn á theagasc in OCG?

Tá cosúlachtaí le sonrú idir torthaí an athbhreithnithe agus staidéir a rinneadh roimhe seo mar ar léiríodh, a bheag nó a mhór, go bhfeictear do dhaoine óga go bhfuil OCG a fhaigheann siad easnamhach, nó, ar an lá is fearr, nach bhfreastalaíonn sé ach ar chuid de na riachtanais atá acu. Ar an iomlán, léirigh scoláirí frustrachas maidir le héagothromaíochtaí ó thaobh ábhar agus caighdeán an tsoláthair de agus faoi chur chuige comhsheasmhach cuimsitheach i leith theagasc OCG i

scoileanna a bheith in easnamh. Níl aon cheist ann i dtaca lena thábhachtaí atá OCG i measc scoláirí mar gur dhearbhaigh siad arís agus arís eile a éigeantaí atá an fhoghlaim sin dá bhforbairt. I roinnt mhaith cásanna, áfach, is beag feasacht a léirigh scoláirí ar raon na dtopaicí atá cuimsithe faoin gcuraclam OCG. Léiríonn ráitis mar seo a leanas sin; *níl a fhios againn go fiú cad ba cheart a bheith ar eolas againn; níl barúil againn, ní raibh a fhios againn go dtí inniu na rudaí ba cheart dúinn a bheith ag foghlaim.*

Nuair a rinneadh plé le scoláirí rang 5, bhí sé soiléir go raibh an clár *Bí Sábháilte* á chur i bhfeidhm ag scoileanna, rud a thacaíonn le heilimintí de OCG. Is minic a d'úsáid scoláirí é seo mar phointe tagartha agus iad ag meabhrú ar ar teagascadh dóibh in OCG. Ba léir go raibh scoileanna ag teagasc agus ag cur béim ar theachtaireachtaí a bhain leis an tsábháilteacht, le cairdeas agus le bulaíocht. Nuair a cuireadh ceisteanna ar scoláirí sa chéad bhliain faoina n-eispéiris de OCG sa bhunscoil uachtarach, is minic a cheangail siad OCG leis 'an gcaint'. Ba iad na topaicí is minice ar chuimhnigh siad a bheith ag foghlaim fúthu ná an caithreachas, sláinteachas pearsanta agus an ghiniúint. Nuair a fiafraíodh díobh faoi thopaicí eile ar fhoghlaim siad fúthu, is iad cairdeas, bulaíocht agus sábháilteacht phearsanta, rud a dtugtar an clár *Bí Sábháilte* air de ghnáth, is minice a luaigh siad. Mhothaigh líon beag scoláirí gur chlúdaigh siad réimse cuimsitheach topaicí, amhail bealaí le mothúcháin a láimhseáil agus a chur in iúl agus an chaoi le bheith ag plé le brúnna. I gcás thromlach na scoláirí, áfach, níor bhain na cuimhní a bhí acu den OCG ag céim na bunscolaíochta ach amháin le bheith ag foghlaim faoi na hathruithe bitheolaíocha a thiteann amach le linn an chaithreachais. Mhothaigh líon beag scoláirí sa chéad bhliain nach bhfuair siad aon cheachtanna in OCG. Dúirt beagnach gach uile scoláire gur mhaith leis nó léi níos mó a fhoghlaim faoi mhothúcháin agus caidrimh, lena n-áirítear caidrimh rómánsúla agus na brúnna bainteacha a thagann lena leithéid de chaidreamh, rud nár pléadh go hiondúil. Mhothaigh siad, freisin, gur cheart OCG a theagasc ó aois óg. Nocht go leor scoláirí sa chéad bhliain barúil freisin i dtaca le heasnamh na dtagairtí do chineálacha difriúla teaghlach agus gnéaschlaontaí éagsúla.

> *Ní bhfuair mise aon OCG sa bhunscoil.* (Scoláire iar-bhunscolaíochta, Imeacht comhairliúcháin Chomhairle na nÓg)
>
> *Ba cheart é a dhéanamh de réir a chéile tríd an mbunscoil chun nach mbeidh tú chomh ciotach céanna faoi ansin agus tú i rang 5 agus 6.* (Scoláire sa chéad bhliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Níor cheart go gcaithfeá fanacht go dtí rang 5 agus 6 le haghaidh gach rud.* (Scoláire sa chéad bhliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Agus iad ag caint ar a dtaithí ar OCG, is minic a dúirt scoláirí go raibh sé teoranta do réimse cúng topaicí agus go raibh róthionchar ag múinteoirí air sa mhéid is gur roghnaigh siad na topaicí is mó a

raibh siad féin compordach leo nó ar mheas siad féin iad a bheith ábhartha do na scoláirí. Bhí sé seo fíor do scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

Ag díriú go sainiúil ar an iar-bhunscolaíocht, dúirt go leor scoláirí gur dhírigh na múinteoirí OSPS a bhí acu, sa tsraith shóisearach, go príomha ar shláinte agus cothú, bulaíocht, mí-úsáid substaintí agus athruithe fisiceacha a bhaineann leis an gcaithreachas. I gcás scoláirí sa tsraith shinsearach, is minic a chuathas siar ar na topaicí sin, agus go ndearnadh roinnt topaicí breise bitheolaíocha a chíoradh, go háirithe giniúint, frithghiniúint agus Ionfhabhtuithe Gnéas-tarchurtha. Dúirt líon beag scoláirí go raibh plé déanta acu ar thoiliú i gcomhthéacs OSPS/OCG agus, nuair a tharla seo, go raibh sé teoranta agus míshásúil. Mothaíonn scoláirí go gcaithfidh siad foghlaim faoin toiliú gnéasach agus na scileanna bainteacha chun caidrimh chomhthoiliúla a shocrú ina mbíonn meas agus taitneamh i réim, seachas an bonn dlíthiúil atá leis an toiliú amháin.

Ar bhonn ginearálta, dúirt scoláirí gur dóchúla go mbeidís ag foghlaim faoi na fíricí eolaíocha (sa rang Eolaíochta nó in OSPS) agus mheas siad gurbh é an ghné is criticiúla a bhí in easnamh in OCG ná gné na mothúchán agus na gcaidreamh. Labhair siad freisin faoina riachtanaí atá sé labhairt ar luachanna amhail meas agus cearta agus labhair siad ar an nasc idir féinfheasacht, féinmheas, íomhá choirp agus dea-shláinte mheabhrach. D’aithin scoláirí go bhfuil dlúthbhaint ag na topaicí sin le OCG, ach gurb annamh a phléitear iad.

Ba mhinic a luaigh scoláirí an easpa deiseanna a bhíonn ann foghlaim faoi ghnéaschlaontaí difriúla laistigh de OCG. Sna fócasghrúpaí, léirigh scoláirí i roinnt scoileanna gur mhian leo foghlaim a dhéanamh faoin toircheas ógánach agus dúirt scoláirí i scoileanna eile gur ceist mhór í an ghnéastéacsáil (nó *nudes* a chur, mar a thug siad féin air) ar gá dul i ngleic léi. I roinnt scoileanna cailíní, léirigh scoláirí imní faoi thionchar na pornagrafaíochta ar ionchas buachaillí i dtaca le caidrimh agus gníomhaíocht ghnéasach. Tugann na ráitis seo a leanas léargas ar raon na gceisteanna a d’ardaigh scoláirí i dtaca le buarthaí agus riachtanais reatha.

> *Níor labhair muid ach ar an ngnéas, mar shampla, na cineálacha galar atá ann agus faoin gcosaint ach níor labhair muid ar chúrsaí caidrimh, an dóigh le briseadh suas le duine, cuirim i gcás.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Níor fhoghlaim muid riamh faoi chaidrimh agus cad is caidreamh luachmhar ann, agus measaim gur tábhachtaí sin.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *An t-aon rud a rinne muid ná bia, dea-chothú agus bulaíocht an t-am ar fad.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Níor fhoghlaim muid ach tríd an Eacnamaíocht Bhaile agus Bitheolaíocht, ní raibh aon mhothúcháin ann, fíricí amháin.* (Scoláire iar-bhunscolaíochta, Imeacht comhairliúcháin Chomhairle na nÓg)

> *Tá sé tábhachtach go bpléimis an dóigh a mothaímid fúinn féin agus ár bhféinmheas, nó, mar shampla, b'fhéidir go n-aontódh duine imníoch neirbhíseach rudaí a dhéanamh, agus d'fhéadfadh sé nár mhaith leis nó léi iad a dhéanamh, le fírinne.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

> *An chuma a bhíonn ar fhir agus mná sa phornagrafaíocht, níl sé réadúil. Bíonn buachaillí ag dúil leis go mbeidh sé mar sin agus ní mar sin atá sé ar chor ar bith… is féidir le duine pornagrafaíocht a chuardach in am ar bith ar a nguthán…níl sna mná ach rudaí, oibiachtaí – sin an fhírinne.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscoile)

Tagann na topaicí a sainaithníodh sna fócasghrúpaí go dlúth leis na freagairtí don suirbhé ar líne ó dhaoine 12-18 mbliana d'aois. Áirítear leis na topaicí ba thábhachtaí a shainaithin scoláirí a d'fhreagair ar líne iad seo a leanas: LADTA+ agus gnéaschlaonadh (61), caidrimh dhearfacha (58), toiliú (40) agus luadh go minic ina dhiaidh sin frithghiniúint, ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha, gnéas sábháilte agus cosaint.

# Conas a theagasctar OCG?

Léirigh daltaí i mbunscoileanna barúlacha suimiúla faoin gcaoi a dtaitníonn sé leo a bheith ag foghlaim, agus bunús na bpáistí ag taobhú le stíl chomhráiteach foghlama. Phléigh go leor páistí na háiseanna a bhíonn in úsáid ar scoil agus léirigh gur fearr a thaitin na háiseanna sin leo a léirigh páistí *amhail iad féin* agus a raibh cur chuige idirghníomhach ag baint lena gcur i láthair. Nuair a iarradh ar scoláirí sa chéad bhliain machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar teagascadh OCG i rang 5/6 sa bhunscoil, mhothaigh siad nár cuireadh go leor ama ar fáil lena aghaidh agus nach raibh go leor béime air.

> *Mhothaigh mé go ndearnadh faoi dheifir é, le go mbeadh sé déanta.* (Scoláire sa chéad bhliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

> *Dúirt siad na rudaí linn ach níor mhínigh siad aon rud.* (Scoláire sa chéad bhliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Chuimhnigh thart ar an leath de na scoláirí ar *an gcaint* a fháil sa bhunscoil ó sholáthróir seachtrach nó ó mhúinteoir eile seachas an príomh-mhúinteoir ranga. Léirigh go leor scoláirí gur fearr a bheith ag foghlaim faoi roinnt topaicí astu féin (buachaillí/cailíní) agus ansin teacht ar ais le chéile arís sa rang le piaraí le haghaidh comhphlé níos leithne. Cheistigh scoláirí eile an cur chuige sin, ar fhaitíos go bhfágfadh sé go mbeadh an topaic rúnda, agus gur tabú a bheadh ann. Nuair a labhair daltaí i rang 5 faoin dóigh ar mhaith leo OCG a bheith á theagasc, is minice a léirigh siad gurbh fhearr leo go ndéanfadh duine a mbeadh aithne acu air nó uirthi é a theagasc.

> *An múinteoir ranga nó múinteoir eile, ach is cinnte nach mbeinn ag iarraidh go ndéanfadh strainséir é.* (Dalta Rang 5, fócasghrúpa bunscolaíochta)

> *Duine a mbeimis compordach leis agus duine a mbeadh muinín againn as agus a bheadh maith ag tabhairt amach eolais.* (Dalta Rang 5, fócasghrúpa bunscolaíochta)

Léirigh roinnt scoláirí sa chéad bhliain, buachaillí go háirithe, imní i dtaca le bheith ag mothú *cúthail* os comhair an mhúinteora ranga, agus, dá réir sin, go mbeadh an soláthróir seachtrach ina chuidiú. I dtaca le soláthróirí seachtracha, dúirt roinnt scoláirí freisin go raibh sé de bhuntáiste acu go raibh siad *oilte san obair seo*. Ar an lámh eile, thug idir scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon le fios gur cheart bogadh 'ón gcaint' go ranganna níos rialta in OCG. Fágann nádúr ainmhinic an eispéiris faoi láthair gurb amhlaidh …

> *Go gcruthaíonn sé cultúr míshuaimhnis agus cuireann le hatmaisféar míchompordach, rud a fhágann nach nglacann daoine go dáiríre é agus go mbíonn siad ag gáire le linn 'na cainte'. Caithfear rang a dhéanamh go rialta chun sin a stopadh* (Scoláire iar-bhunscolaíochta, Imeacht comhairliúcháin Chomhairle na nÓg)

Cuirtear síos ar chuir chuige éagsúla i leith theagasc OCG sa litríocht, ó chur chuige an Staonta amháin go dtí cuir chuige Chuimsitheacha agus Iomlánaíocha (Keating et al, 2018). Bhí scoláirí iar-bhunscoile thar a bheith oscailte agus iad ag míniú faoin gcur chuige ceannasach a bhfuair siad féin taithí air in OCG. Seachas scoil amháin, labhair na scoláirí go léir a bhí rannpháirteach sna fócasghrúpaí ar mhúnla an staonta agus cur chuige fadhb-bhunaithe i leith OCG a bheith i réim; cur chuige a phléigh go príomha le rioscaí agus contúirtí na gníomhaíochta gnéasaí in áit a bheith ag díriú ar na gnéithe dearfacha de chaidrimh agus den ghnéasacht. Laistigh de chur chuige seo na 'rioscaí agus na gcontúirtí, dar le scoláirí go luaitear frithghiniúint agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha go minic. Creideann scoláirí go han-láidir gur beag cabhair é, agus gur rud dícheíllí é, a rá leo gan rud a dhéanamh nó gan ach na contúirtí amháin a bhaineann leis an ngníomhaíocht ghnéasach a chur ar a súile dóibh. Ina ionad sin, deir daoine óga go gcaithfidh siad a bheith in ann labhairt faoi na brúnna a n-eascraíonn gníomhaíocht ghnéasach astu, na fáthanna leis an ngníomhaíocht ghnéasach agus na háiteanna inar féidir cabhair a lorg nuair a bhíonn comhairle de dhíth orthu faoina sláinte ghnéasach.

> *Cén fáth a bpléann an t-oideachas gnéasach i gcónaí leis an taobh diúltach?* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

> *Téann siad siar ar rudaí atá ar eolas agat cheana, amhail STInna, arís agus arís eile. An teachtaireacht a bhíonn ann ná ná tolg iad agus ná déan é!* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

> *An teachtaireacht chéanna – seachain, ar ais nó ar éigean. Tá siad dall ar an bhfírinne go mbeimid á dhéanamh cibé. Tá sé éasca a rá gan seo a dhéanamh agus gan siúd a dhéanamh ach ní leor sin.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Beidh gnéas ag daoine gan choiscíní agus tolgfaidh siad STInna agus caithfimid a bheith in ann labhairt faoi agus an tabú a dhíbirt* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Ní deirtear linn in am ar bith faoin taobh mothúchánach… Baineann sé an iomarca leis na contúirtí.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Bhraith go leor scoláirí in iar-bhunscoileanna gur minic a cuireadh múinteoirí i mbun OSPS/OCG a theagasc ach gach spéis ná oiliúint acu san ábhar. Nocht scoláirí barúlacha i leith an chleachtais choitianta a bhreathnaigh siad, mar atá múinteoirí foirme agus múinteoirí reiligiúin a chur i mbun theagasc OSPS agus OCG. Cé go bhfeiceann go leor scoláirí buntáistí tréadchúraim a bheith ag baint le bualadh leis an múinteoir gach seachtain le haghaidh OSPS, chonacthas dóibh freisin nach n-oireann gach múinteoir do theagasc OSPS agus go bhféadfadh sé go mbeidís míchompordach le OCG a theagasc go háirithe. Sa chomhthéacs sin, dar leo go gcailleann siad foghlaim bhríoch. Tá léiriú thíos ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le múinteoirí foirme a bheith ag teagasc OSPS/OCG.

*Mothaímid go bhfuil duine ann a dtig linn dul chuige má bhíonn fadhb againn.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Is iomaí múinteoir nach bhfuil ag iarraidh é a theagasc.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Is rud é OCG ba cheart dúinn a dhéanamh ach nach bhfuil á dhéanamh.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Dealraíonn sé, in amanna, go bhfuil eagla ar an múinteoir roimh stuif amhail OCG.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Do na scoláirí, oibríonn ailíniú OCG le múinteoirí Reiligiúin go han-mhaith, in amanna, agus in amanna eile, cruthaíonn sé deacrachtaí. In dhá scoil, mhothaigh na scoláirí go ndearna na múinteoirí Reiligiúin jab den scoth ag teagasc OCG mar gheall ar a meon oscailte agus na scileanna a bhí acu i dtaca le comhphlé agus ceisteanna a láimhseáil. Sa dá chás, mhothaigh scoláirí nach raibh aon réimsí coiscthe ann ná ceisteanna nach bhféadfaí a fhiosrú agus go raibh an rang dírithe go mór mór ar dhaoine óga a chumasú le bheith ag smaoineamh dóibh féin agus cinntí críonna a dhéanamh.

*Bíonn sé níos fusa labhairt le múinteoirí reiligiúin.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Níl sé bunaithe ar an eagla anseo… teagasctar dúinn dóigheanna le haire a thabhairt dúinn féin seachas gan é a dhéanamh.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

I roinnt scoileanna ina raibh na múinteoirí Reiligiúin freagrach as OCG, mhothaigh scoláirí gur chruthaigh sé deacrachtaí, go háirithe aon áit ar bhraith siad gur chuir múinteoirí a gcuid luachanna morálta féin i bhfeidhm ar an gcomhphlé. Chuir sé isteach ar chumas na scoláirí comhráití ionraice oscailte a dhéanamh.

*Cuireann sé as dom nuair a theagasctar é sa rang Reiligiúin. Smaoiním liom féin, cén fáth a bhfuil mé ag foghlaim seo anseo?* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Bíonn creideamh agus barúlacha an mhúinteora sa bhealach…agus tugann sé náire ort.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Ní féidir dul ar aghaidh ar do dhóigh féin ná bheith ionraic os comhair roinnt múinteoirí. Mothaímid, in amanna, nuair a thugaimid freagra gurb é an freagra mícheart é. Agus, mar sin, tugaimid na cineálacha freagraí a theastaíonn ó na múinteoirí… mar gur múinteoirí Reiligiúin iad agus bíonn tionchar aige sin ar an dóigh a mbíonn siad.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Is minic a léirigh scoláirí frustrachas nó mhothaigh siad nach raibh siad ag fáil an oideachais a bhí de dhíth orthu sa réimse tábhachtach seo.

*Bhí roinnt múinteoirí go maith, cuid eile, ní raibh. Bhraith sé ar an múinteoir agus a chompordaí a bhí sé nó sí.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Bheadh uafás ar an bpobal dá mbeadh an éagsúlacht chéanna ann ó thaobh eispéireas de in aon ábhar eile.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Chuaigh an litir abhaile, agus bhí muid ag dúil leis ach níor tharla sé.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Ag breathnú siar, is sórt cur amú ama a bhí ann. Bhí mo chuid ionchas agam agus mé ag teacht isteach sa mheánscoil ach níor glacadh i ndáiríre é.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Is rud é OCG ba cheart dúinn a dhéanamh ach nach bhfuil á dhéanamh. Is minic a úsáidtear é le haghaidh rudaí eile amhail gairmthreoir nó anuraidh, bhain an rud ar fad le drugaí agus alcól.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Ba mhian le scoláirí sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht bheith ag foghlaim faoi OCG ar bhonn níos doimhne agus níos rannpháirtí. Is minic a labhair siad ar mhúinteoirí ag iarraidh topaicí a sheachaint nó topaic a chur ina láthair ach gan go leor ama a chur ar fáil do scoláirí chun dul i ngleic mar is ceart leis an topaic ná í a phlé.

*Ní dhearnadh ach tagairt dó le go bhféadfaí a rá gur chlúdaigh muid é.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Bhí topaicí ann ar cuireadh tús leo ach fágadh iad ina dhiaidh sin.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Ní raibh muid ach ag scríobadh an uachtair in OCG… agus ar aghaidh linn chuig an gcéad topaic eile.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Cé gur aithin scoláirí an réimse de chéimeanna ullmhachta agus de chéimeanna forbartha i measc grúpaí éagsúla scoláirí, mhothaigh siad, ar an iomlán, go mbíonn claonadh ag múinteoirí glacadh leis

go bhfuil gach duine soineanta agus measann scoláirí go bhfuil bunús na múinteoirí dall ar a dtaithí saoil agus na ceisteanna a bhíonn acu.

> *Ceapaim gur cheart go mbeadh OCG na sraithe sóisearaí níos mionsonraithe mar go mbíonn sé rómhall ag roinnt scoláirí foghlaim faoi sa tsraith shinsearach.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)
>
> *Ní mór é a dhéanamh ag an am ceart agus é a dhéanamh arís agus arís eile – ó thús deireadh na scolaíochta.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Caithfidh múinteoirí a bheith réadúil agus iad a bheith eolach ar a dtarlaíonn san fhíorshaol.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Nuair a tugadh cuireadh do dhaltaí bunscoile rang 5 labhairt ar a dtaithí ar OCG, ba léir gur minic a cheangail siad é le ceacht nó le heispéireas ciotach. Is minic nach raibh aon chomhrá ag na daltaí riamh roimhe sin ar an gcaithreachas. Labhair go leor acu ar an gcaoi a mbeadh comhráití ar bhonn leanúnach níos éasca ná an rud ar fad a theagasc san aon lá amháin nó ag an aon am amháin i gcaitheamh na bliana. I dtaca le huainiú na gceachtanna ar an gcaithreachas, dar le roinnt páistí gur tharla na ceachtanna rómhall ina n-eispéireas bunscolaíochta féin.

> *Tá sé ag tarlú domsa cheana agus caithfidh mé eolas a bheith agam air.* (dalta rang 5, bunscoil)
>
> *Ba mhaith liom a fháil amach an bhfuil an méid atá ag tarlú dom normálta.* (dalta rang 5, bunscoil)

Measann scoláirí de gach aois an lionsa heitreanormatach trína dteagasctar OCG a bheith achrannach. Labhair siar ar an ngá atá le deiseanna a bheith ann le foghlaim faoin éagsúlacht caidreamh agus féiniúlachtaí gnéasacha atá ann agus iad a normalú.

> *Nuair a theagasctar rud amháin duit, ach nach dtiteann tusa isteach sa bhosca sin, mothaíonn tú mar a bheadh coimhthíoch ionat.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)
>
> *Ní bhfuair muid aon oideachas faoi chaidrimh chomhghnéisagus níor clúdaíodh aon cheisteanna faoin bhféiniúlacht inscne.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)
>
> *Ní mór na leabhair OSPS a bheith níos ionchuimsithí, níos mó cothromaíochta a bheith iontu, seachas peirspictíocht amháin.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

# Céard is múinteoir maith OCG ann?

Tá comhdhearcadh soiléir ann i measc scoláirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon i dtaca leis na tréithe atá de dhíth ar mhúinteoir maith OCG. D'aontaigh scoláirí a d'fhreagair don suirbhé ar líne go láidir go mbíonn múinteoirí maithe OCG oscailte (219), tuisceanach (94) agus neamhbhreithiúnach (94). Chomh maith leis sin, bíonn siad muiníneach (48) agus compordach (49) agus an t-ábhar á theagasc acu. Braitheann scoláirí freisin gur cheart go mbeadh sé furasta labhairt leo (36), iad a bheith ina n-éisteoirí maithe, iad a bheith comhbhách (25) agus socair (14). Tréith thábhachtach eile is ea go mbeifí in ann a bheith ag brath orthu agus labhairt leo faoi rún (13). I suíomhanna fócasghrúpa, d'athdhearbhaigh scoláirí gur tréithe riachtanacha gach ceann acu sin agus chuir béim láidir ar an ngá atá leis an múinteoir a bheith *oilte* nó *cáilithe* agus meon dearfach a bheith aige nó aici i leith theagasc an ábhair.

> *Tá sé maslach go gcuirfí duine isteach chun topaicí a theagasc nach mbeadh aon eolas aige orthu.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Ba mhaith liom an múinteoir a bheith dearfach.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)
>
> *[Bíonn sé] Breá soiléir nuair nach mbíonn an múinteoir compordach á theagasc.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

De bhreis air sin, bíonn scoláirí ag iarraidh duine a mbeadh na scileanna aige nó aici chun comhphlé ranga ar chásanna fíorshaoil a éascú. I gcruinnithe fócasghrúpa, chuir scoláirí béim láidir freisin ar a thábhachtaí atá sé múinteoir a bheith ann atá ábalta a bheith oscailte ionraic gan a chuid luachanna ná a dhearcadh féin a bhrú ar an rang. Ní bhíonn sé furasta acu nuair is é clár oibre nó tuairimí pearsanta an mhúinteora a bhíonn i réim sa chomhphlé.

> *Ba mhaith liom múinteoir nach mbrúnn a chuid tuairimí féin.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)
>
> *Nach mbíonn ag seanmóireacht ná a rá linn cad ba cheart dúinn bheith ag smaoineamh.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Labhair scoláirí sa tsraith shinsearach go minic freisin ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an múinteoir in ann tabúnna a bhriseadh síos agus comhphlé i dtaca le ceisteanna gnéasacha a normalú.

> *Mura ndéanaimid comhráití agus caint faoin ngnéas a normalú, rachaidh daoine óga sa seans.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

# Ról na dtuismitheoirí agus suíomhanna neamhfhoirmeálta foghlama

Mheas daltaí bunscoile gur daoine iontaofa, a bhféadfaidís labhairt leo faoi cheisteanna a bhaineann le OCG, iad a dtuismitheoirí, a múinteoirí, deartháireacha agus deirfiúracha níos sine agus, in amanna, cairde leo. Nuair a cuireadh ceisteanna ar scoláirí iar-bhunscolaíochta faoi ról na dtuismitheoirí in OCG, d'aontaigh siad go mbeadh sé inmhianaithe go mbeifí in ann labhairt le tuismitheoirí faoi na topaicí seo, cé gurbh amhlaidh, arna gceistiú faoi rannpháirt na dtuismitheoirí, gurbh é an fhreagairt is minice a fuarthas ná *seans ar bith, tromluí, bheadh sé róchiotach.* Bhí sé amhlaidh i ngach cineál scoile agus le gach aoisghrúpa. Dúirt mionlach daltaí go mothóidís compordach ag caint le tuismitheoirí faoi cheisteanna a bhaineann le OCG. Deir scoláirí go *gceapann tuismitheoirí go bhfuil sé á dhéanamh ar scoil,* cé go bhféadann sé nach mbíonn sé amhlaidh i gcónaí.

De cheal OCG tráthúil, dúirt scoláirí iar-bhunscolaíochta go bhfuair siad bunús a gcuid eolais óna chéile. Dúirt scoláirí níos sine freisin go dtéann siad chuig an idirlíon le haghaidh eolais cé gur léirigh scoláirí níos óige imní éigin nó bhí siad éiginnte faoi na háiteanna le dul agus faoin méid a d'aimseoidís ansin. I ngach aoisghrúpa, deir scoláirí go dteastaíonn foghlaim duine le duine in OCG uathu, bunaithe ar phlé oscailte ar thopaicí atá ábhartha dá saol féin. D'iarr an suirbhé ar líne ar fhreagróirí a rá cén áit a ndeachaigh siad ag lorg freagraí ar cheisteanna a bhaineann le OCG agus tá achoimre ar na freagraí ón 512 freagróir dhá bhliain déag go hocht mbliana déag d'aois leagtha amach thíos.

**Tábla 3: Áit a lorgaíonn daoine óga freagraí ar cheisteanna a bhaineann le OCG**

| | Cairde | Idirlíon | Tuismitheoirí | Múinteoirí |
|---|---|---|---|---|
| I gCónaí | 206 | 347 | 65 | 50 |
| Uaireanta | 324 | 57 | 216 | 229 |
| Riamh | 91 | 218 | 341 | 343 |

Dealraíonn sé, nuair a dhéantar neamhshuim de thopaicí nó nuair nach dteagasctar in am trátha iad, go dtugtar ar dhaoine óga foinsí eile eolais a aimsiú, rud nach mbíonn i gcónaí ina chuidiú ná oiriúnach.

> *Fuair mé amach gach rud atá ar eolas agam faoi chaidrimh ghnéasacha ó mo chuid foinsí féin; ó chairde agus ó áiteanna eile.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

> *Labhraímid lenár gcairde le foghlaim faoin ngnéas.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Bhí gach rud faoin ngnéas ar eolas agam ón idirlíon faoin am a bhí mé seacht mbliana d'aois.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

I dtaca le spásanna neamhfhoirmeálta inar féidir a bheith ag foghlaim faoi chaidrimh agus faoin ngnéasacht, luaigh roinnt scoláirí go mbíonn eispéiris OCG den scoth ar fáil i gcumainn óige agus ó sheirbhísí óige. Labhair scoláirí a tháinig i dtír ar cheardlanna sna comhthéacsanna seo go han-dearfach faoin ábhar agus faoi na modheolaíochtaí araon. Tá dlúthbhaint ag scoil amháin ar tugadh cuairt uirthi i lár chathair Bhaile Átha Cliath le seirbhís áitiúil sláinte don aos óg agus soláthraíonn éascaitheoirí ón tseirbhís seo ceardlanna OCG thar roinnt seachtainí do scoláirí sa scoil gach bliain. Is ionann é sin agus nasc úsáideach do scoláirí nó bíonn a fhios acu go bhféadann siad dul ansin má bhíonn tacaíocht bhreise ag teastáil.

> *D'fhoghlaim mé gach rud faoin ngnéas ó thionscadal óige.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *D'fhoghlaim muid an dóigh le coiscíní a chur ort ag an tionscadal óige.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Caithfimid níos mó de na cineálacha comhráití a bhíonn againn sa chlub óige againn a bheith againn ar scoil.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

# Cad ba mhaith leat a athrú?

Nuair a fiafraíodh díobh cad is gá a athrú chun an t-eispéireas de OCG i scoileanna a fheabhsú, is é an rud is minice a luaigh scoláirí gur cheart cur chuige comhráiteach a úsáid i leith OCG, i ngrúpaí níos lú agus múinteoirí sain-oilte a bheith ann. D'iarr siad freisin go gcuirfí níos mó ama ar fáil do OCG, agus go mbeadh spás tiomnaithe ann dó ar an gclár ama. Ó thaobh an churaclaim de, mhol siad cur chuige cuimsitheach ionchuimsitheach céimnithe ábhartha dearfach i leith OCG a chuirtear ar fáil do gach scoláire. Ar a bharr sin, labhair siad ar an ngá atá le tosaíocht a dhéanamh de OCG agus an stádas atá dlite dó a bhronnadh air sa churaclam scoile.

Tá roinnt ráiteas a léiríonn an dearcadh sin leagtha amach thíos.

> *Bheadh sé maith bloic ama a bheith ar fáil le haghaidh OCG. Ní leor rang daichead nóiméad nó faoin am a mbíonn tú ag tosú, bíonn an rang thart.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Tá sé i bhfad níos fusa bheith ag foghlaim agus plé a dhéanamh i ngrúpaí níos lú. (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)*

*Dá mbeadh ar mhúinteoir cáilíocht a bhaint amach in OCG, ghlacfadh sé é nó í a bheith oilte sa taobh bitheolaíoch agus sa taobh a bhaineann le caidrimh araon.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

*Cuir tús leis ag aois óg agus tabhair isteach na coincheapa tábhachtacha agus an teanga uile ag aois óg agus ansin cuir leis de réir a chéile.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

*Níor cheart go ndéanfadh sé difear ar bith pé acu a chónaíonn tú i gCorcaigh nó i nDún na nGall, ba cheart go mbeadh OCG céanna á fháil ag chuile dhuine ar scoil.* (Scoláire iar-bhunscoile, suirbhé ar líne)

*Tá OCG níos tábhachtaí ná scrúduithe ach ní aithnítear a luach.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

# Achoimre

Aontaíonn na scoláirí d'aon ghuth faoi thábhacht OCG. Cé go luann scoláirí cairde agus an t-idirlíon go minic mar fhoinsí eolais faoi chaidrimh agus gnéasacht, bhí siad feasach ar laigí na bhfoinsí sin. Teastaíonn uathu go soláthródh scoileanna OCG atá cuimsitheach, ábhartha agus aoisoiriúnaithe ag gach céim den oideachas. Tá braistint ag scoláirí gurb é an bac is mó atá ann i dtaca leis sin a réadú ná stádas íseal agus tosaíocht íseal OCG i scoileanna. Léiríonn siad frustrachas nach bhfaigheann siad OCG cuimsitheach agus nach mbítear ag freastal ar a gcuid riachtanas. Tá braistint láidir ann i measc scoláirí go bhfuil éagothromaíocht ann i dtaca le soláthar OCG laistigh de scoileanna agus idir scoileanna, rud a fhágann nach féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfaighidh scoláirí an caighdeán eispéiris céanna in OCG is a mbeidís ag súil leis in ábhair eile.

Is é an ghné is sonraí de OCG do scoláirí go bhfuil claonadh ann i measc scoileanna glacadh le cur chuige, dar le scoláirí, atá *róbhitheolaíoch.* I gcomhthéacsanna bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta araon, tá scoláirí míshásta le OCG atá dírithe go príomha ar fhíricí bitheolaíocha ('an chaint' i gcás scoláirí bunscoile agus eolas ar an nginiúint, an fhrithghiniúint agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha i measc scoláirí iar-bhunscoile) agus nach soláthraíonn deiseanna dóibh na gnéithe mothúchánacha a bhaineann le bheith ag fás aníos agus ag cothú caidrimh dhearfacha a phlé. Feictear dóibh freisin go gcuirtearbéim ar na rioscaí agus na contúirtí a bhaineann le caidrimh agus gníomhaíocht ghnéasach, agus go bhfuil fiosrú na ndea-ghnéithe sláintiúla taitneamhacha thíos leis. Bíonn timpeallacht shábháilte ionchuimsitheach de dhíth ar scoláirí, áit ar féidir plé a dhéanamh, ceisteanna a chur agus labhairt ar an uile ghné de chaidrimh agus gnéasacht. Teastaíonn níos mó uathu ná faisnéis eolaíoch agus fíricí (rud, dar leo, a bhféadann siad a fháil go héasca dóibh féin). Labhair scoláirí níos sine faoin ngá atá le topaicí 'fíorshaoil' a phlé go hoscailte agus go hionraic i

gcomhthéacs ceart, freagrachtaí, dearcthaí agus luachanna (agus tagairt á déanamh go minic don mheas). I measc gach aoisghrúpa, mhothaigh scoláirí gur minic na ceachtanna a bheith páistiúil agus gan iad a bheith ag freastal ar a gcuid riachtanas. De bhreis air sin, léirigh siad an bharúil go mbíonn barraíocht athrá sna ceachtanna OCG, agus téamaí amhail bulaíocht agus alcól ag teacht aníos bliain i ndiaidh bliana ach gan dul chun cinn oiriúnach le sonrú ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile.

Do na scoláirí, is é an múinteoir an t-eochairchumasóir, i dtaca le heispéireas OCG ardchaighdeáin. Aithníonn scoláirí a thábhachtaí atá sé múinteoir a bheith ann atá compordach muiníneach agus é mbun theagasc an ábhair, ag a mbíonn caidreamh maith leis na scoláirí agus atá in ann an fhoghlaim a éascú ar bhealach dearfach rannpháirteach. Is í an phróifíl is mó a mbeadh luí ag scoláirí léi le haghaidh múinteoir OCG ná duine atá oscailte tuisceanach neamhbhreithiúnach. Ceistíonn scoláirí an nóisean go bhféadfadh múinteoir ar bith OSPS/OCG a theagasc agus braitheann go bhfuil oiliúint shainiúil ag teastáil lena chur ar chumas múinteoirí an meon, an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a fhorbairt.

Mar fhocal dearfach, deir na scoláirí sin a fuair eispéireas dearfach OCG go mbraitheann siad níos muiníní anois faoina gcumas plé le cásanna ina saol féin agus a gcumas cabhrú lena gcuid cairde chomh maith.

# 3. Peirspictíochtaí na dTuismitheoirí

Tá leagtha amach sa chaibidil seo na peirspictíochtaí tuismitheora a tiomsaíodh le linn an phróisis athbhreithnithe i dtaca le soláthar OCG. Léirigh líon na bhfreagairtí a fuair CNCM sna suirbhéanna ar líne an spéis mhór atá ag tuismitheoirí agus caomhnóirí sa réimse seo d’fhoghlaim a gcuid páistí. Bhí sé sin soiléir freisin sna cruinnithe fócasghrúpa a reáchtáladh i ndeich scoil. Tar éis anailís a dhéanamh ar na tacair sonraí, tá raon agus éagsúlacht na dtuairimí ar ábhar agus ar chur chuige OCG araon i scoileanna soiléir. Tá tuismitheoirí agus caomhnóirí ann atá iomlán i bhfách leis an gcuraclam OCG a chur i bhfeidhm i ngach scoil agus ar mian leo a dteagasctar san ábhar a bheith chomh leathan agus is féidir; tá tuismitheoirí ann freisin a áitíonn go diongbháilte gur cheart dá gcuid páistí eolas aoisoiriúnaithe a fháil san ábhar ach gur cheart gur go mbeadh tuismitheoirí agus caomhnóirí ina gcomhpháirtithe comhionanna sa phróiseas; agus tá tuismitheoirí ann nach bhfuil i bhfách le teagasc OCG mar chuid den churaclam scoile nó dar leo gurb iad tuismitheoirí amháin atá freagrach as an réimse seo den oideachas. Bhí sé soiléir gur eascair líon mór aighneachtaí ar líne as feachtas eagraithe a díríodh ar bhaill den phobal nach bhfuil i bhfách le ról na scoile agus an stáit i soláthar OCG. Baineann na heochairbhéimeanna ón dearcadh seo le soineantacht na bpáistí a chosaint, cearta tuismitheoirí feidhmiú mar sholáthróir eisiach an oideachais gnéasachta agus an gá atá le gach oideachas dá leithéid a bheith fréamhaithe i gcreideamh reiligiúnach agus luachanna an teaghlaigh.

> *Níor cheart don scoil luachanna a theagasc don pháiste s’agamsa, ba cheart domsa é a dhéanamh.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Ní luíonn an fhreagracht leis an gcóras oideachais.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Is ceist é ba cheart a theagasc laistigh den teaghlach, níor cheart go ndéanfadh múinteoir scoile é. Is ábhar é nach bhfuil gá leis. Ní teiripeoirí iad múinteoirí, tá siad ann le heolas acadúil a theagasc. Is ceist phearsanta é OCG.* (Freagairt ar líne, CNCM)

Tá achoimre ar na téamaí agus dearcthaí is coitianta a d’eascair as na comhairliúcháin fócasghrúpa agus as na suirbhéanna tuismitheora eile leagtha amach thíos.

## Ról OCG i scoileanna

Is léir go n-aithníonn cuid mhór tuismitheoirí a ról féin mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí, rud a chuimsíonn freagracht i leith oideachas caidrimh agus gnéasachta. Chuir go leor acu an bharúil chun cinn gurb é an baile an áit is oiriúnaí le páistí a theagasc faoi chaidrimh agus gnéasacht. Mar sin féin,

léirigh tuismitheoirí gur mhian leo go dtacódh an scoil leo sa ról sin agus dhearbhaigh siad tábhacht OCG mar chuid den churaclam scoile. Thug ochtó a hocht faoin chéad de na freagairtí ar shuirbhé bunscolaíochta Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí le tuiscint gur fhéach tuismitheoirí ar OCG mar chuid ríthábhachtach den churaclam scoile i ngach aoisghrúpa agus ag gach céim d'oideachas na bpáistí. Go sonrach, d'aibhsigh go leor tuismitheoirí tábhacht OCG i dtaca lena chur ar chumas a gcuid páistí aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile; feasacht agus inghlacthacht a chothú ina leith féin agus i leith daoine eile; scileanna cinnteoireachta freagraí a fhorbairt; agus an dóigh le caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a chothú ina mbíonn meas i réim.

> *Baineann OCG le hoideachas an duine trí chéile. Ba cheart é a dhéanamh mar chuid den oideachas iomlánaíoch, ina bhféachtar le daoine óga a dhéanamh réidh don saol aosach, mar aon leis an eolas a bheas de dhíth don saol aosach a thabhairt dóibh.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Tá sé éigeantach go mbeadh na páistí ag foghlaim faoi sin agus go bpléifidís é ar bhealach treoraithe, fíriciúil agus aibí le lucht a gcomhaoise.* (Freagairt ar líne, CNCM)

Chuir tuismitheoirí eile béim ar a luachmhaire atá sé do pháistí agus daoine óga deiseanna éagsúla foghlama a bheith acu agus d'aibhsigh siad an tábhacht atá leis an mbaile agus an scoil a bheith ag obair i gcomhpháirt d'fhonn oideachas ar chaidrimh agus gnéasacht a chur ar fáil.

> *Is é an bealach is fearr le teagasc éifeachtach an ábhair a bhaint amach ná tríd an scoil agus an baile a bheith ag obair i gcomhpháirt d'fhonn an t-eolas a sholáthar atá de dhíth chun na scoláirí a chumasú.* (Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-Bhunscolaíochta, aighneacht scríofa lch 1)
>
> *Tá OCG cothrom le dáta agus bunaithe ar fhianaise ríthábhachtach d'fhonn daoine óga a ullmhú le go bhféadfaidh siad cúram a dhéanamh dá sláinte agus folláine ar feadh a saoil. Má sholáthraítear go maith é, is fearr a bheas daoine óga in ann caidrimh ghnéasacha a láimhseáil, caidrimh dhrochídeacha a sheachaint agus gan daoine eile a ghortú.* (Freagairt ar líne, CNCM)

Chomhroinn roinnt tuismitheoirí an bhraistint nach féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfaighidh gach páiste oideachas ar chaidrimh agus gnéasacht sa bhaile.

> *Tá sé de cheart ag gach páiste OCG a fháil ach is amhlaidh nach bhfaighidh gach páiste an teagasc sin óna dtuismitheoirí.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Is amhlaidh gurb í an scoil an áit is fearr leis seo a theagasc…bíonn a gcuid bac féin ag tuismitheoirí* (Freagairt ar líne, CNCM)

Dúirt roinnt tuismitheoirí go bhféadfadh sé go bhfágfadh aiféaltas nó míshuaimhneas, ar pháistí agus ar thuismitheoirí, go mbeadh comhráití faoi ghnéasacht agus caidrimh dúshlánach. Bhí sé seo amhlaidh go háirithe le déagóirí agus bhí ráitis amhail *ní labhróidh mo mhac liom faoi na nithe seo* coitianta. Tá sé sin ar cheann amháin de na fáthanna a ndúirt tuismitheoirí go raibh sé tábhachtach

go n-éascaítear do scoláirí comhráití eolacha a bheith acu ar scoil. Léirigh go leor tuismitheoirí a d'fhreagair don suirbhé ar líne an dearcadh nach dtugtar an stádas atá dlite dó do OCG laistigh de scoileanna. Fáth eile a mbíonn tuismitheoirí ag brath ar scoileanna le haghaidh tacaíochta sa réimse seo ná go d*tugann roinnt tuismitheoirí le tuiscint nach bhfuil siad féin feasach ar go leor de na fíricí i saol ina mbíonn an tuiscint ar na brúnna a bhaineann le caidrimh agus gnéasacht agus na tionchair agus brúnna a bhaineann leo, ar líne agus as líne, ag athrú chomh sciobtha sin go mbíonn sé deacair acu fanacht ar an eolas* (Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-Bhunscolaíochta, aighneacht scríofa lch 2)

# Curaclam agus cur i bhfeidhm

Tá go leor éagsúlachta ann i dtuairimí na dtuismitheoirí i dtaca leis an am iomchuí do pháistí tús a chur leis an bhfoghlaim faoi chaidrimh agus gnéasacht. I gcás cuid mhaith tuismitheoirí, feictear OCG mar rud ar gá é a theagasc go céimnitheach, ó aois óg. Léirigh tuismitheoirí eile an tuairim nár cheart go gcloisfeadh páistí faoi choincheapa ná teanga nach mbeidís réidh lena n-aghaidh agus a chuirfeadh isteach orthu go fiú. Is minice an dearcadh seo á léiriú in aighneachtaí ar líne, mar a léiríonn an ráiteas seo: *Lig do na páistí a bheith ina bpáistí, ná báimis iad leis an iomarca eolais ag an aois iontach óg seo.* Bhí a mhalairt de thuairim ag mórán tuismitheoirí a dúirt go bhféadfadh sé go mbeadh páistí níos leochailí mura mbíonn deiseanna acu bheith ag foghlaim faoi OCG. D'aibhsigh tuismitheoirí a thábhachtaí atá sé an fhoghlaim in OCG a bheith aoisoiriúnaithe agus go mbeifí meabhrach ar éagsúlachtaí ó thaobh riachtanas agus leibhéil ullmhachta de.

> *Is toisc chosantach é an t-eolas, ní hamháin i gcoinne toircheas neamh-inmhianaithe agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, ach i dtaca leis an bhforéigean gnéasach chomh maith. Dá luaithe a chuireann páistí eolas ar a gcorp, sláinte agus gnéasacht agus a mhothaíonn siad ar a suaimhneas agus iad ag labhairt orthu, is amhlaidh is luaithe a bheas siad ábalta cuidiú agus comhairle a lorg maidir le gach gné den tsláinte atáirgthe agus gnéasach.* (Freagairt ar líne, CNCM)

Aontaíonn tuismitheoirí go mbíonn brúnna suntasacha ar pháistí an lae inniu, go háirithe i dtaca leis na dúshláin a thagann leis an saol ar líne. Is cúram ríthábhachtach de chuid tuismitheoirí é sábháilteacht fhisiceach agus mothúchánach páistí a chosaint agus a chothú agus measann go leor acu ról tábhachtach a bheith ag OCG maidir leis seo. Ní hionadh é gur mhaith le go leor tuismitheoirí go bpléifí le contúirtí an idirlín agus na meán sóisialta in OCG agus go ndéanfaí sin ag aois níos óige. Is minic a léirigh tuismitheoirí páistí bunscoile gur gá plé leis an gcaithreachas agus leis na hathruithe fisiceacha agus mothúchánacha a bhaineann leis an bhfás aníos ag céim níos luaithe, agus go leor ag

tagairt don chaoi a gcuireann páistí tús leis an scoil agus iad níos sine na laethanta seo agus a n-aibíonn siad níos luaithe.

> *Tosaigh a bheith ag caint faoi ó aois óg agus déan é go rialta le gur gnáthrud a bheas ann, seachas tabú.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *Tá sé tábhachtach ár gcuid páistí a theagasc faoi gach gné de seo i dtimpeallacht aibí shábháilte. Ba cheart go mbeidís eolach ar a gcorp féin, ba cheart a theagasc dóibh faoi mheas ar dhaoine eile, ba cheart oideachas a chur orthu faoin toiliú agus faoin bhféinluach.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Ní mór feasacht choirp a theagasc ó aois níos óige ná mar atáthar a dhéanamh faoi láthair.* (Freagairt fócasghrúpa)

Nuair a iarradh orthu eolas an ábhair a bhfuil sé tábhachtach dóibh go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí faoi in OCG, is iad na topaicí a leanas is coitianta a luaigh tuismitheoirí páistí bunscoile (3433) sa chéad suirbhé ar líne; meas (2542), caidrimh (1060), toiliú (374), sábháilteacht (306) agus meáin shóisialta (120). Sna cruinnithe fócasghrúpa leis na tuismitheoirí bunscoile, rinneadh tagairt do na topaicí seo chomh maith mar aon le topaicí eile lena n-áirítear; féinfheasacht, glacadh leo féin agus le daoine eile, scileanna caidrimh, scileanna i dtaca le bheith ag déileáil le rudaí agus mar is féidir fanacht sábháilte. Léirigh roinnt tuismitheoirí bunscoile an mhian go mbeadh an curaclam OCG níos ionchuimsithí, go háirithe i dtaca le héagsúlacht na dteaghlach agus na gcaidreamh atá ann a léiriú. Cé gur léirigh go leor tuismitheoirí barúil láidir gur gá comhráití agus feasacht ar cheisteanna LADTA+ a bheith mar chuid den churaclam bunscolaíochta OCG, léirigh líon beag barúlacha a bhí chomh láidir céanna nár cheart sin.

> *Cinntíonn sé seo nach mbíonn na tuismitheoirí seo buartha faoi dhofheictheacht a dteaghlaigh sa scoil agus na héifeachtaí a bheadh aige seo ar a bpáiste.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *Ní mór inghlacthacht na dtuismitheoirí aeracha a thabhairt isteach níos mó ag leibhéal na bunscoile.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *Níor mhaith liomsa go dteagascfaí do mo pháiste faoin 5% atá aerach.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *Ní ceart aon chaint ar an ngnéas ná ar LADTA+ a bheith ann ar thailte na scoile. Is ceist phríobháideach é an gnéas agus nuair a labhraítear faoi ar scoil, ní dhéantar ach é a normalú.* (Freagairt ar líne, CNCM)

I dtaca leis an bhfoghlaim is tábhachtaí dar le tuismitheoirí iar-bhunscoile (n = 604) is minic a luadh sna freagairtí ar líne don chéad suirbhé ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (243), meas orthu féin agus ar a chéile, toiliú (166), gnéaschlaonadh (79) agus frithghiniúint (51). De bhreis air sin, shíl go leor tuismitheoirí iar-bhunscoile (mar a shíl tuismitheoirí bunscoile) go raibh sé tábhachtach go gcuirfeadh OCG ar chumas a bpáistí foghlaim faoi chaidrimh dhearfacha, feasacht a chothú orthu féin agus ar dhaoine eile, féinmheas a fhorbairt, an dóigh le déileáil le brúnna éagsúla a fhoghlaim agus a

bheith in ann na rioscaí a bhaineann leis an saol ar líne a aithint. Luaigh tuismitheoirí iar-bhunscoile tábhacht na foghlama faoin mí-úsáid substaintí agus faoin bpornagrafaíocht chomh maith.

> *Níor cheart go mbainfeadh OCG leis an oideachas heitrighnéasach amháin. Ba cheart go bpléifeadh sé le gach uile ghné den ghrá.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Tá sé rí-éigeantach go dtuigeann ár gcuid páistí caidrimh dhearfacha, an chiall atá le toiliú ó aois óg, agus gur gá meas a bheith againn ar a chéile.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *Meas ar a chéile agus a fhios a bheith acu cá huair ba cheart rud éigin a rá mura mothaíonn rud i gceart.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *An chaoi le taitneamh a bhaint as a chéile go fisiceach agus go mothúchánach ar bhealach measúil.* (Freagairt ar líne, CNCM)

Ar an iomlán, d'aontaigh tuismitheoirí go bhfuil na scileanna cuí agus oiliúint shainiúil de dhíth ar mhúinteoirí chun OCG a theagasc. Is minic a cheistigh siad cé acu a d'fhéadfaimis a bheith ag súil leis an múinteoir ranga (i gcás na bunscolaíochta) nó duine a bheadh oilte chun ábhar eile a theagasc an ról seo a ghlacadh chuige féin gan forbairt ghairmiúil leanúnach shuntasach a fháil agus tacaíocht a bheith ann.

Tá tuismitheoirí iar-bhunscoile, den chuid is mó, i bhfách leis go dtabharfadh scoileanna soláthróirí seachtracha agus gairmithe sláinte isteach d'fhonn clár OCG na scoile a chomhlánú. Luaigh siad freisin, áfach, an gá atá le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar a leithéid de rannphháirtithe roimh ré maidir lena dteachtaireacht agus a gcur chuige. Ní raibh tuismitheoirí bunscoile chomh tacúil céanna le húsáid soláthróirí seachtracha. Léiríodh é seo i suirbhé Bunscolaíochta Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí nó léirigh breis agus 50% de thuismitheoirí gur *múinteoir sa scoil a bhfuil spéis, scileanna agus oiliúint shainiúil aige nó aici in OCG is oiriúnaí le OCG a theagasc*, ina dhiaidh sin, tháinig *múinteoir ranga* (23%) agus bhí beagán faoi bhun 20% i bhfách le *soláthróir seachtrach*.

Faoi dheireadh, i dtaca leis na cineálacha cur chuige foghlama atá ag teastáil in OCG, bhí contanam de pheirspictíochtaí soiléir i measc tuismitheoirí. Bhí éagsúlacht de dhearcthaí ann, ó dhaoine a dúirt gur cheart an cur chuige a dhíriú ar *eolas fuarchúiseach stóinsithe oibiachtúil*, agus *nár cheart aon ról a bheith ag an reiligiún i dteagasc OCG*; go dtí daoine eile a dúirt *gur cheart go léireodh OCG i scoileanna Caitliceacha luachanna Caitliceacha*.

Leis an suirbhé ar líne CNCM, tugadh deis do thuismitheoirí machnamh a dhéanamh ar na luachanna ar cheart clár OCG i scoileanna a bhunú orthu agus luaigh níos mó ná an leathchuid de fhreagróirí an meas mar an luach is tábhachtaí. Ar na luachanna eile, bhí oscailteacht, cineáltas, ionchuimsitheacht, daoine a chothú agus daoine a bheith ar an eolas faoi chúrsaí.

Gach rud san áireamh, is í an teachtaireacht is láidre a tháinig ó na freagairtí ar líne agus na cruinnithe fócasghrúpa araon, gur mian le tromlach na dtuismitheoirí cur chuige a fheiceáil i leith theagasc OCG atá leathan, cothrom agus a thacaíonn le gach páiste agus duine óg.

> *Ní mór an cur chuige s'againn a bheith bunaithe ar chúram… déanaimid go léir cúram dár bpáistí agus ní hé cur chuige an scanraithe an bealach chun cinn… tá sé tábhachtach go mbeadh cothromaíocht ann idir rioscaí agus suáilcí an ghnéis.* (Freagairt ar líne, CNCM)
>
> *Déan an páiste a theagasc le go mbeidh sé eolach ar na hiarmhairtí agus/nó contúirtí ach, freisin, le nach aon mbeidh eagla air roimhe, ar bhealach ar bith…meas agus tuiscint stuama a bheith aige air.* (Freagairt fócasghrúpa)

# Teagmháil tuismitheora leis an scoil

Bhí éagsúlacht mhór le sonrú ó thaobh na cumarsáide le tuismitheoirí de maidir leis an gclár OCG, ó thuismitheoirí a dúirt nár cuireadh ar an eolas iad ar chor ar bith, go dtí na tuismitheoirí sin a bhraith eolach go maith faoi ábhar an chláir i scoileanna. Cé gur dóchúla go mothódh tuismitheoirí bunscoile gur cuireadh ar an eolas iad (trí litreacha, ríomhphoist, cruinnithe tuismitheora), chonacthas do thuismitheoirí gur tháinig maolú ar an gcumarsáid faoi OCG de réir mar a d'aistrigh a gcuid páistí isteach san iar-bhunscoil. I suirbhé ar líne CNCM, dúirt níos mó ná an tríú cuid de fhreagróirí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nach bhfuair siad aon chumarsáid faoi OCG ón scoil.

Léirigh bunús na dtuismitheoirí gur mhian leo cumarsáid agus eolas níos fearr a fháil ó scoileanna i dtaca lena mbíonn a bpáiste ag foghlaim in OCG. D'athdhearbhaigh freagróirí shuirbhé iar-bhunscolaíochta Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí é seo nó bhí siadsan ag iarraidh go dtabharfaí níos mó eolais dóibh faoin ábhar le go bhféadfaidís iad féin a ullmhú chun ceisteanna óna bpáistí a fhreagairt agus le cur leis an ábhar aon áit ar mhothaigh siad bearna a bheith ann. Mhothaigh tuismitheoirí sna fócasghrúpaí agus i bhfreagairtí do na suirbhéanna ar líne go mbeadh sé ina chuidiú an t-eolas seo a fháil ar bhonn leanúnach mar go gcuideodh sé leo tacú le foghlaim a bpáistí. Thug go leor de na fócasghrúpaí de thuismitheoirí bunscoile le fios go mbeadh níos mó nasc trí obair baile i réimse OCG ina gcuidiú, mar go gcuideodh sé leo leanúint den chomhrá nó go fiú comhrá a thosú sa bhaile. Léirigh fócasghrúpa amháin de thuismitheoirí iar-bhunscoile an bharúil gur cheart cumarsáid le tuismitheoirí i dtaca le OCG a bheith mar an gcéanna leis an gcumarsáid faoi ghnéithe eile de OSPS. Dar leo, ar an gcaoi chéanna is a mbíonn eolas faoin meabhairshláinte agus mí-úsáid substaintí ar shuíomh gréasáin na scoile, go bhféadfaí a leithéid chéanna d'eolas faoi OCG a chur suas taobh leis.

Léirigh go leor tuismitheoirí gur mhian leo a bheith ag obair i gcomhpháirt le scoileanna agus mhol bealaí ina bhféadfaí comhoibriú idir scoil agus baile a fheabhsú sa réimse seo. Ar na moltaí, bhí suirbhéanna ar líne, grúpchruinnithe le tuismitheoirí sa scoil, nuashonruithe ríomhphoist ar a mbítear ag teagasc agus comhroinnt áiseanna (scéalta, físeáin, naisc ghréasáin) a d'fhéadfaí a úsáid d'fhonn comhphlé a spreagadh sa bhaile. Mhol grúpa amháin de thuismitheoirí iar-bhunscoile go mbeadh ceardlanna comhpháirteacha tuismitheora/scoláire faoi stiúir soláthróirí seachtracha ina gcuidiú, ar aon dul le ceann ar fhreastail siad uirthi le deireanas mar chuid de chlár oideachas alcóil na scoile.

> *Bheadh sé ar dóigh dá mbeadh eolas ag tuismitheoirí ar na cineálacha difriúla tacaíochta atá ar fáil do dhaoine óga i réimse iomlán an OSPS/OCG.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *Caithfidh mé eolas a bheith agam ar dhóigheanna leis an gcomhphlé a thosú sa bhaile.* (Freagairt fócasghrúpa)
>
> *D'fhéadfadh sé níos mó cumarsáide idir an baile agus an scoil a bheith ann.* (Freagairt fócasghrúpa)

# Achoimre

Chuir tuismitheoirí raon suntasach de bharúlacha chun tosaigh i dtaca le OCG. Tá tuismitheoirí, den chuid is mó, ar aon intinn faoin tábhacht atá le hoideachas aoisoiriúnaithe ábhartha a chur ar fáil ar chaidrimh agus gnéasacht, sa bhaile agus ar scoil; cé go bhfuil tuismitheoirí ann freisin a chreideann go láidir agus a chuireann chun cinn an dearcadh nach ceart do scoileanna agus múinteoirí a leithéid d'oideachas a chur ar fáil.

Ar an iomlán, ní raibh bunús na dtuismitheoirí eolach ar scóip na foghlama laistigh de churaclam OCG agus ba mhaith le go leor acu go ndéanfadh scoileanna níos mó le ról a thabhairt dóibh agus iad a choinneáil ar an eolas faoin réimse seo d'oideachas a gcuid páistí.

Tá barúil láidir ag cuid mhór tuismitheoirí gur gá an clár OCG a theagasc go céimnitheach agus go híogair. Ba mhaith leo a chinntiú go mbíonn uainiú OCG oiriúnach dá gcuid páistí. Tá siad rí-eolach freisin ar an iliomad brúnna a mbíonn ar dhaoine óga atá ag fás aníos sa lá atá inniu ann agus measann an mhórchuid acu go bhfuil deis ar leith ag scoileanna spás a chur ar fáil ina bhféadann páistí na ceisteanna seo a phlé ar bhealach eolasach, smaointeach oscailte in éineacht lena bpiaraí. Sa chomhthéacs seo, deir tuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh OCG á mhúineadh dá gcuid páistí ag múinteoirí a mbeadh an tacaíocht iomchuí faighte acu chun an t-ábhar a theagasc.

Cé go measann bunús na dtuismitheoirí gur chuid thábhachtach d'oideachas a bpáistí é OCG, tháinig sé chun solais in agallaimh go mbíonn deacrachtaí ag go leor tuismitheoirí agus iad ag iarraidh tabhairt faoi chomhráití leis na páistí sa bhaile, agus go mbeidís sásta tacaíocht a fháil maidir leis sin.

# 4. Peirspictíochtaí príomhoidí scoile

Mar chuid den athbhreithniú, cuireadh agallamh ar phríomhoidí, agus i roinnt cásanna, leas-phríomhoidí, i ndeich mbunscoil agus in ocht n-iar-bhunscoil. Ba é ba chuspóir leis na cruinnithe seo ná eolas a fháil faoin eispéireas agus faoin bhfírinne de OCG i scoileanna agus béim faoi leith ar cheisteanna a bhaineann le:

- Curaclam agus pleanáil
- Forbairt ghairmiúil agus tacaíocht eile
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí
- An méid atá ag teastáil chun OCG a fheabhsú.

## Curaclam agus pleanáil

Bhí réimse cur chuige i leith phleanáil agus theagasc OCG le sonrú sna scoileanna a ndeachthas i gcomhairle leo san athbhreithniú seo. Den chuid is mó, léirigh ceannairí scoile gur chreid siad go bhfuil OCG luachmhar agus chonacthas dóibh go raibh gá leis an athbhreithniú ar an soláthar reatha. I dtaca leis an bpleanáil le haghaidh OCG, tá éagsúlachtaí ann i gcomhthéacsanna bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta. I mbunscoileanna, déantar an phleanáil le haghaidh OSPS agus OCG a chomhtháthú sa phleanáil ranga agus bítear ag súil le gur múinteoirí OCG gach aon mhúinteoir bunscoile. Go praiticiúil, ceanglaítear OCG go príomha leis *an gcaint* mar a thugtar air go minic, a thiteann amach i rang 5 agus 6. Labhair bunús na bpríomhoidí ar chur chuige cúng i leith theagasc OCG i rang 5 agus 6, agus ceachtanna á dteagasc i mbloic ghairide ama agus nádúr aon uaire ag baint leo den chuid is mó. Sa chomhthéacs seo, is minic a theagascann soláthróir seachtrach nó múinteoir eile seachas an múinteoir ranga gnéithe den churaclam OCG (go háirithe na gnéithe bitheolaíocha de bheith ag fás aníos agus faisnéis faoin atáirgeadh). Labhair go leor príomhoidí faoi na dúshláin a thagann le comhráití leanúnacha le páistí faoi OCG. D'aibhsigh príomhoidí míshuaimhneas na múinteoirí, easpa ama, treoir leorga a bheith in easnamh agus dúshláin i dtaca le bheith ag bogadh ar aghaidh ón múnla traidisiúnta d'ionchuir aon uaire.

Aithníonn cuid mhór príomhoidí bunscoile an ról a bhíonn ag caidrimh dhearfacha idir múinteoirí agus páistí in OCG. Tugadh le fios go bhfuil sé míréadúil a bheith ag dúil leis go mbunódh soláthróirí seachtracha caidreamh iontaoibhe le linn cuairt aon uaire. Ar an lámh eile, thug príomhoidí scoile

eile le tuiscint go gcuireann soláthróirí seachtracha seirbhís fhónta ar fáil agus gur mhaith leo iad a bheith ag obair i gcomhpháirt leis an scoil ar bhonn leanúnach. Dúirt roinnt príomhoidí bunscoile go mbaineann siad feidhm as seirbhísí na soláthróirí seachtracha toisc gur nós é agus mar gheall ar an mbarúil go bhféadfadh sé go bhfreagródh na páistí níos fearr do dhuine seachtrach. Léiríonn an méid seo a leanas réimse na bpeirspictíochtaí a bhí ag príomhoidí bunscoile.

> *Tugadh mise isteach dhá uair nuair nach raibh múinteoirí ag iarraidh an chaint a dhéanamh. Níl sé foirfe. Tá an caidreamh sin ag múinteoirí.* (Príomhoide bunscoile)

> *Tógann sé níos faide ná an t-aon lá amháin síolta a fhás, mar sin, cén fáth a ndéanaimid an chaint seo san aon lá amháin?* (Príomhoide bunscoile)

> *Faoi láthair, tá duine seachtrach againn a thagann isteach ach ba mhaith liomsa dul i dtreo gach rud a dhéanamh go hinmheánach ach bheadh níos mó oiliúna ag teastáil ó mhúinteoirí, rud a chuirfeadh le muinín na múinteoirí.* (Príomhoide bunscoile)

In iar-bhunscoileanna, tá éagsúlacht le sonrú sa chleachtas ó thaobh phleanáil agus theagasc OCG de agus tá sé coitianta saineolas seachtrach a úsáid. Arís eile, léirigh príomhoidí iar-bhunscoileanna an dearcadh gur cheart do sholáthróirí seachtracha tacú le ról na múinteoirí in OCG seachas teacht isteach ina n-áit. Amhail a gcuid scoláirí, is minic a thrácht siad ar an saineolas faoi leith san ábhar agus na scileanna éascaithe a thugann soláthróirí seachtracha leo, rud atá luachmhar agus iad ag obair le scoláirí in OCG. Labhair roinnt príomhoidí iar-bhunscoile go han-dearfach faoina bheith ag obair i gcomhpháirt le seirbhísí áitiúla sláinte agus óige. Dúirt príomhoidí eile go mbeadh sé ina chuidiú acu eolas a fháil ar na háiteanna inar féidir teacht ar thacaíocht sheachtrach ábhartha agus mheas go mbeadh clár de sholáthróirí seachtracha creidiúnaithe OCG ina chuidiú ag scoileanna. I suíomhanna iar-bhunscolaíochta, bhraith roinnt príomhoidí gur cheart an phleanáil le haghaidh OCG a bheith ag teacht leis an bpleanáil le haghaidh Folláine agus chonacthas dóibh gur deis é clár Folláine sa tsraith shóisearach chun sin a dhéanamh.

> *Sa scoil seo, breathnaímid ar OCG mar chuid de réimse níos leithne na Folláine agus dar linn gur cuid dhílis den Fholláine é OCG.* (Príomhoide iar-bhunscoile)

Dúirt roinnt príomhoidí iar-bhunscoile go raibh siad ag dúil go dtiocfadh scóip leis an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach le go bhféadfaí clár Folláine a shíneadh isteach sa tsraith shinsearach.

> Caithfimid bogadh chuig múnla ina mbíonn *níos lú ábhar le déanamh ag scoláirí don Ardteist, rud a chruthódh spás le haghaidh foghlaim in OSPS/OCG agus scileanna tábhachtacha saoil eile* (Príomhoide iar-bhunscoile)

Cé gur phléigh príomhoidí bunscoile nádúr comhtháite OCG laistigh de OSPS, phléigh siad freisin na cuir chuige uile-scoile a bhí ag teastáil le tacú le OCG éifeachtach. I roinnt scoileanna, ní raibh OCG teoranta don fhoghlaim scoite i réimse OSPS amháin. I dtaca le cur i bhfeidhm Churaclam OCG i

scoileanna, b'ionann an príomhdhúshlán, mar a chonacthas do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile araon, agus muinín na múinteoirí. Mheas príomhoidí bunscoile gur cheist níos mó é seo ag barr na bunscoile, nuair a iarrtar ar mhúinteoirí gnéithe íogaire de OCG a theagasc amhail caithreachas agus atáirgeadh.

Luaigh príomhoidí freisin an easpa ama a chuirtear ar fáil do OCG agus dearcthaí éagsúla tuismitheoirí ina ndúshláin ar leith i gcomhthéacs na pleanála le haghaidh OCG. Is dúshlán ar leith é am struchtúrtha le haghaidh pleanáil rialta in OCG in iar-bhunscoileanna mar go mbíonn go leor múinteoirí ag teagasc OSPS/OCG mar thríú ábhar agus is minic líon mór múinteoirí a bheith bainteach le teagasc an ábhair. Dá thoradh sin, go fiú nuair a eagraítear cruinnithe pleanála, ní bhíonn gach aon mhúinteoir in ann a bheith rannpháirteach mar gheall ar chruinnithe ábhair eile a bheith ag titim amach ag an am céanna. In iar-bhunscoil amháin, bhí beirt chomhordaitheoirí OSPS ann agus tréimhse aon ranga amháin sa tseachtain d'am tiomnaithe ann le haghaidh comhordaithe. Bhí an bheirt mhúinteoirí nua-cháilithe, gan aon oiliúint acu in OSPS ná OCG agus bhí treoir ag teastáil uathu maidir leis an mbealach is fearr leis an am sin a úsáid.

> *Tá an méid ama a bhíonn ann le haghaidh OSPS ar cheann de na dúshláin is mó.* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Tá an t-am ar an dúshlán is mó mar go dtugtar tús áite don Mhatamaitic agus don Bhéarla* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Níl go leor ama ann le haghaidh OSPS/OCG – b'fhéidir go gcuideodh an curaclam úr folláine sa tsraith shóisearach anseo.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Tá níos mó spáis de dhíth le haghaidh OSPS/OCG sa tsraith shinsearach Ba cheart go dtiocfadh sé sin mar chuid de leasú na sraithe sinsearaí…beidh an bealach réitithe ag Folláine na sraithe sóisearaí. Má éiríonn leis an múnla seo sa tsraith shóisearach, cén fáth nach n-éireodh leis sa tsraith shinsearach?* (Príomhoide iar-bhunscoile)

Bhí meascán de dhearcthaí agus de chleachtais ann i measc príomhoidí iar-bhunscoile i dtaca le húsáid múinteoirí agus braistintí i dtaca le cé is oiriúnaí le OCG a theagasc. Níor léirigh ach príomhoide amháin an dearcadh *go bhféadann gach aon mhúinteoir a bheith ina mhúinteoir OSPS* agus, dá réir sin, OCG a theagasc chomh maith. D'aontaigh bunús na bpríomhoidí go raibh sé inmhianaithe go mbeadh croí-ghrúpa de mhúinteoirí sainoilte OCG ann a mbeadh spéis acu san ábhar agus dúirt go raibh siad ag obair ina threo sin. Dúirt gach príomhoide iar-bhunscoile go n-úsáideann sé múinteoirí a mbeadh spéis léirithe acu sa teagasc sa réimse seo, cé nach bhfuil sé sin ag teacht le dearcadh na múinteoirí toisc nár aontaigh múinteoirí i leath na scoileanna ar a laghad gurb é sin an cleachtas atá i réim. Is minic a dúirt príomhoidí go ndéanann siad iarracht múinteoirí foirme nó múinteoirí Reiligiúin a úsáid, mar gur measadh deis ar leith a bheith acu seo caidreamh dearfach oscailte a bheith acu le scoláirí. Ghlac roinnt príomhoidí leis go mbíonn múinteoirí Reiligiúin oilte in OSPS/OCG

mar chuid dá n-oiliúint tosaigh múinteoirí[1] agus luadh é sin corruair mar chúis le múinteoirí Reiligiúin a úsáid chun OCG a theagasc, go háirithe sa tsraith shinsearach.

Léirigh roinnt príomhoidí an bharúil nach féidir talamh slán a dhéanamh de gurb é an múinteoir foirme nó an múinteoir Reiligiúin an duine is oiriúnaí le OCG a theagasc. Aibhsíodh sampla OCG na sraithe sinsearaí mar spás ar leith ina mbíonn gá le héascú oilte agus múinteoir muiníneach le plé le réimse de thopaicí íogaire. Léirigh roinnt príomhoidí imní gur dhírigh múinteoirí, i roinnt cásanna, ar thopaicí ar mhothaigh siad compordach leo, rud a d'fhág gur beag tagairt a rinneadh do thopaicí eile nó gur tugadh neamhaird iomlán orthu. Léiríonn na ráitis a leanas na pointí a bhfuil tagairt orthu thuas:

> *Táimid ag teacht chuig an bpointe nuair is é an cineál sin ábhair é a d'úsáidfeá le ham múinteora a líonadh leis, chun na huaireanta a dhéanamh suas.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Bíonn idirbheartaíocht ann i gcónaí i dtaca leis an gclár ama OSPS… Ní mír bhreise atá ann! Déanaimid iarracht freisin níos mó ná an t-aon rang amháin a thabhairt do mhúinteoirí ar an gclár ama – measaimse gur fearr má bhíonn siad ag an múinteoir le haghaidh ábhar eile le go bhféadann an múinteoir aithne a chur orthu.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Ní mór an-chuid comhbhá a bheith ag baint lena theagasc ach teorainneacha soiléire a bheith ann chomh maith.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *In amanna, bíonn míbhuntáistí ann nuair a úsáidtear múinteoirí foirme mar mhúinteoirí OSPS… ní bhíonn tú i gcónaí cinnte go mbíonn OCG á theagasc.* (Príomhoide iar-bhunscoile)

Bhí príomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile ar aon an tuairim gur gá OCG a theagasc ar dhóigh chuimsitheach ionchuimsitheach. Sa dá chomhthéacs, léirigh príomhoidí an tuairim go mbíonn ar dhaoine óga an lae inniu plé le réimse dúshlán agus roghanna – go leor acu sin i ngach fhios dá dtuismitheoirí, agus caithfidh siad an t-eolas, an meon agus na scileanna a fhorbairt le go mbeidh siad in ann cinntí dearfacha eolacha a dhéanamh. Bhí comhaontú forleathan ann i measc príomhoidí gur cheart na réimsí foghlama a leanas a chuimsiú i gcuraclam leasaithe, ar bhealach a oireann d'aois agus do chéim forbartha an scoláire:

- Gach cineál teaghlaigh lena n-áirítear teaghlaigh chomhghnéis, tuismitheoir aonair, altramas, agus seantuismitheoir agus gach cineál caidrimh (lena n-áirítear LADTA+)
- Imscrúdú ar fhéiniúlacht inscne, róil inscne agus steiréitíopaí

[1] Is é Coláiste San Aingeal, Sligeach, an t-aon choláiste oiliúna do mhúinteoirí iar-bhunoideachais faoi láthair ina mbíonn modúl roghnach OSPS ar fáil sa cheathrú bliain do mhúinteoirí a bhaineann cáilíocht amach mar mhúinteoir Reiligiúin.

- Toiliú agus an chiall atá leis i réimse cásanna – i gcomhthéacs ina mbeifí i mbun imscrúdaithe ar chaidrimh dhearfacha, cearta agus freagrachtaí, scileanna cumarsáide agus idirbheartaíochta
- Tionchair na meán sóisialta agus an idirlín ar chaidrimh, féinmheas agus féiniúlacht ghnéasach.

Nuair a fiafraíodh díobh ar bhacainn é éiteas na scoile i dtaca le OCG cuimsitheach a sholáthar, dúirt gach uile phríomhoide iar-bhunscoile seachas duine amháin nach bacainn é éiteas na scoile. Chreid siad go daingean gur gá oideachas a chur ar scoláirí i dtaca le gach gné den oideachas caidrimh agus gnéasachta le go bhféadann siad tuiscint agus meas a bheith acu orthu féin agus ar dhaoine eile, caidrimh dhearfacha a bheith acu agus cinntí eolasacha a dhéanamh. Labhair siad faoi cheart ar eolas a bheith ag an scoláire agus dúirt nach raibh aon *topaicí coiscthe* ann. Fuair roinnt príomhoidí cáineadh ó thuismitheoirí, áfach, a mheas gnéithe den chlár OCG a bheith ag teacht salach ar éiteas na scoile. Dúirt príomhoide amháin go gcaithfidh ceannairí scoile Caitlicí ceannasaíocht láidir a léiriú ó thaobh OCG de sna cásanna seo. Luaigh sé sampla a tharla tamall roimhe sin nuair a eagraíodh *LGBT Stand Up Week* sa scoil agus dúirt go raibh air a bheith in ann a mhíniú go raibh sé ag teacht go hiomlán le héiteas Caitliceach na scoile. Thug sé le fios go bhféadfadh sé go bhfáilteodh príomhoidí roimh dheiseanna le teacht le chéile lena dtaithí ar thacú le OCG i scoileanna a chomhroinnt, lena n-áirítear an dóigh a bpléann siad le freagairtí diúltacha.

> *An bacainn é éiteas na scoile, ní hea ar chor ar bith, níl aon topaic ann nach bpléann siad leis in OCG.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Táimid bródúil gur scoil Chaitliceach muid… Tá an Chairt Iontaobhas Scoileanna Éamainn Rís (ERST) atá againn iontach tábhachtach dúinn… Ní thagann Iontaobhaíocht ERST salach ar bhealach ar bith ar éiteas iomlánaíoch… tá dualgas cúraim orainn agus cuimsíonn sé sin dualgas OCG maith a sholáthar.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Níl aon cheist ann i dtaca le OCG a sholáthar… Baineann sé leis an scoláire a dhéanamh freagrach.* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Ní bacainn é éiteas na scoile anseo ach bíonn ar roinnt príomhoidí soiléiriú a fháil go bhfuil sé maith go leor.* (Príomhoide iar-bhunscoile)

I mbunscoileanna, ba mhó seans go labhródh príomhoidí scoile ar éiteas scoile a bheith ina bhacainn fhéideartha roimh mhúinteoirí glacadh le cur chuige cuimsitheach i leith OCG. Mar shampla, chonacthas gur chruthaigh éiteas na scoile dúshláin i dtaca leis an gcomhphlé a leathnú faoi chineálacha éagsúla teaghlach agus caidrimh chomhghnéis, nó i dtaca le ceisteanna a thagann chun cinn faoin bhfrithghiniúint a fhreagairt i gcomhthéacs na foghlama faoin nginiúint. Chuir príomhoidí in iúl gur dícheangal é seo idir an méid, dar leo, a rabhthas ag súil leis uathu bunaithe ar éiteas na scoile, agus iad a bheith ag plé le fírinní an tseomra ranga agus ag freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí. Ar a bharr sin, d'fhág easnaimh i dtaca le comhroinnt cleachtais idir scoileanna gur chreid

príomhoidí go raibh siad ag obair i spás liath, nó i roinnt cásanna, nach raibh siad *á dhéanamh i gceart*. Is minic a nocht príomhoidí an bharúil go mbeadh treoir níos soiléire ina cuidiú. Bhraith siad go n-éascódh sé seo ailíniú níos mó idir curaclam, polasaí agus éiteas. Is minic, a tugadh le tuiscint, a d'íoslaghdódh a leithéid d'ailíniú líon na bhfadhbanna a thiocfadh chun cinn.

> *Mothaím go gcaithfidh mé a bheith cróga an t-am ar fad. Is ormsa a thiteann sé mura mbíonn an patrún sásta.* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Go bunúsach, caithfidh múinteoirí tacaíocht a fháil ón gcuraclam, ón bpatrún agus ón bpríomhoide.* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Tá neamhréireanna ann idir éiteas, tuismitheoirí, múinteoirí agus an méid iarbhír atá ag teastáil ó na páistí.* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Úsáidtear an t-éiteas mar leithscéal (gan topaicí/réimsí áirithe a theagasc). Tá éiteas tréadchúraim Críostaí againn agus bímid ag teagasc laistigh den chreatlach sin.* (Príomhoide bunscoile)

I gcomhthéacs beagáinín éiginnteachta i leith roinnt topaicí íogaire a bhaineann le OCG a theagasc, dúirt roinnt príomhoidí bunscoile go mbeadh sé ina chuidiú dá mbeadh níos mó soiléireachta ann sa churaclam i dtaca leis an méid ba cheart a theagasc. De bhreis air sin, moladh go mbeadh sé ina chuidiú dá bhféadfadh scoileanna a gcuid dea-chleachtais in OCG a chomhroinnt, go háirithe i dtaca le cuid de na topaicí níos íogaire a theagasc.

# Forbairt ghairmiúil agus tacaíocht

Ar an iomlán, léirigh príomhoidí tuiscint ar an gcineál meoin agus scileanna atá ag teastáil chun OCG a theagasc i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus labhair ar a thábhachtaí atá sé forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a chur ar fáil a thacódh le forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta an mhúinteora araon. D'aontaigh siad go léir go bhfuil *muinín an mhúinteora* croí-lárnach agus go bhfuil forbairt ghairmiúil réamhsheirbhíse agus leanúnach ríthábhachtach chun an mhuinín seo a fhorbairt. D'aontaigh siad freisin go n-éilíonn nádúr OCG níos mó ná cur chuige tarchurtha i leith FGL agus go gcaithfidh múinteoirí *suí síos agus labhairt faoi* le comhghleacaithe ar scoil agus le héascaitheoirí sainiúla. Ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, bhí comhaontú suntasach ann i dtaca leis an ngá atá le croí-fhoireann laistigh de scoileanna a bhunú agus a fhorbairt go gairmiúil. D'fhéadfadh an fhoireann sin deiseanna a thairiscint do mhúinteoirí le haghaidh tacaíocht ghairmiúil agus pleanáil chomhoibritheach agus eispéireas comhsheasmhach dearfach de OSPS/OCG a sholáthar don scoláire.

Phléigh go leor príomhoidí scoile an chaoi a mbíonn FGL uile-scoile úsáideach, go háirithe chun cur chuige níos comhsheasmhaí a fhorbairt. Dúirt roinnt príomhoidí gur rud tairbheach é múnla

tacaíochta ina bhféadfaí tacú le riachtanais na scoile ach roinnt cuairteanna a thabhairt ar an scoil le tabhairt faoi pholasaí, pleanáil, modheolaíochtaí agus áiseanna. Cé gur dhearbhaigh siad luach an FGL agus thug le fios go bhfaigheann siad aiseolas dearfach ó mhúinteoirí nuair a bhíonn siad rannpháirteach i laethanta FGL, shainaithin siad roinnt dúshlán a bhaineann leis, lena n-áirítear:

- Na deacrachtaí a bhíonn ag múinteoirí rochtain a fháil ar imeachtaí oiliúna mar gheall ar easpa spásanna ar chúrsaí
- Go mbíonn ar mhúinteoirí taisteal bealach fada le teacht ar oiliúint
- Deacrachtaí i dtaca le múinteoirí ionadaíochta a aimsiú le teacht isteach in áit múinteoirí ar mian leo freastal ar oiliúint
- Nádúr aon uaire na hoiliúna agus easpa na tacaíochta leanúnaí.

> *Tá an oiliúint maith ach níor cheart gur cúis ceiliúrtha é nuair a dhéantar tú a rolladh san oiliúint. Níl go leor oiliúna ann!* (Príomhoide iar-bhunscoile)
>
> *Is fadhb mhór í an ionadaíocht; níl aon mhúinteoirí ar fáil chun ligean dúinn múinteoirí a chur ar chúrsaí oiliúna.* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Croí na faidhbe ná oiliúint mhaith a bheith ar fáil agus faoi láthair, níl go leor ann.* (Príomhoide bunscoile)
>
> *Bíonn oiliúint PDST (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí) de dhíth ar bhonn leanúnach mar go mbíonn ceisteanna ag múinteoirí sna laethanta tar éis na hoiliúna i gcónaí. Ní mór gur eispéireas orgánach é an oiliúint foirne… bíonn gá le tacaíocht mharthanach.* (Príomhoide bunscoile)

Phléigh roinnt príomhoidí bunscoile bealaí le muinín na múinteoirí in OCG a fhorbairt, trí thionscnaimh amhail meantóireacht agus cómhúinteoireacht. Agus iad sna fócasghrúpaí, dhearbhaigh múinteoirí a luachmhaire is a bhí sé, agus chuir béim ar an am, tacaíocht ó chomhghleacaithe agus deiseanna machnaimh a tháinig leis agus mar a d’fhorbair sé a muinín i dtaca le OCG a theagasc. Luaigh roinnt príomhoidí scoile gur mhaith leo féin deis a fháil tabhairt faoi oiliúint le haghaidh ceannairí scoile i réimse OCG. Ar na moltaí a rinneadh, bhí tacaíocht do phríomhoidí ar bhonn rialta, amhail braislí foghlama gairmiúla, áit a bhféadfaí cleachtas agus foghlaim a chomhroinnt. Ar shamplaí eile, bhí oiliúint do Bhoird Bainistíochta ar na bealaí is fearr le OCG a sholáthar ar scoil. Faoi dheireadh, luaigh roinnt príomhoidí iar-bhunscolaíochta gné de na Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí a tugadh isteach le déanaí a bhfuil sé d’fhéidearthacht aige OCG a fheabhsú i scoileanna; is é sin go bhfiafrófar de na scoláirí féin faoina dtaithí ar OCG mar chuid den phróiseas cigireachta.

# Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Dhearbhaigh gach príomhoide gurb iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a gcuid páistí in OCG agus gur gá do scoileanna caitheamh le luachanna na dtuismitheoirí go híogair measúil. I mbunús na mbunscoileanna, rinneadh cumarsáid le tuismitheoirí ach litir a chur abhaile agus, i roinnt cásanna, tugadh cuireadh dóibh teacht chuig cruinniú chun ábhar agus cur chuige OCG i rang 5 agus 6 a mhíniú. Thug roinnt príomhoidí bunscoile le fios gur ghnách nach raibh freastal maith ar na cruinnithe a eagraíodh do thuismitheoirí, agus, thar na blianta, gur cuireadh deireadh leo ar an ábhar sin. In iar-bhunscoileanna, ba mhinic a cuireadh litir abhaile le tuismitheoirí 'a chur san airdeall' faoi theagasc topaicí íogaire. Bhí roinnt príomhoidí iar-bhunscoile den bharúil nach raibh gá lena leithéid de litreacha nó tugann siad an teachtaireacht do thuismitheoirí go bhfuil an réimse seo den churaclam éagsúil le réimse eile den churaclam nó go bhfuil fadhbanna ag baint leis ar chúis éigin.

I ngach scoil, shainaithin príomhoidí dúshláin i dtaca le naisc idir an baile agus an scoil a fhorbairt maidir le OCG, orthu seo, tá: easpa ama, easpa áiseanna OCG do thuismitheoirí, leibhéil ísle litearthachta i measc roinnt grúpaí tuismitheoirí agus eispéiris dhiúltacha ag roinnt tuismitheoirí ar scoil. Thug roinnt príomhoidí bunscoile le fios gur chruthaigh ilchineálacht na gcúlraí, na gcultúr agus na gcreideamh ionchais dhifriúla agus mhol go mbeadh áiseanna agus tacaíocht de dhíth le cuidiú le múinteoirí cur chuige na scoile i leith OCG a chur i láthair do thuismitheoirí.

Ar an iomlán, léiríonn príomhoidí go dtacaíonn tuismitheoirí go láidir le soláthar OCG i scoileanna agus gur beag tuismitheoir a iarrann go mbainfí a gcuid páistí as an rang le linn ceachtanna. Nuair a tharla sin, dúirt príomhoidí gur dóchúla gur tuismitheoirí páistí ón lucht siúil nó tuismitheoirí páistí de chúlra creideamh mionlaigh a bhí i gceist. Sna cásanna sin, moltar do mhúinteoirí teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus cur chuige agus ábhar OCG a mhíniú dóibh, agus gurbh iondúil go mbeadh sé sin éifeachtach chun tuiscint a chruthú agus lena chinntiú nach gcaillfeadh na páistí ceachtanna tábhachtacha in OCG. Go ginearálta, thug príomhoidí le tuiscint go mbíonn gach páiste rannpháirteach i gceachtanna OSPS/OCG ar bhonn leanúnach i gcaitheamh an lae scoile/na scoilbhliana. Ach shonraigh siad gurb amhlaidh, nuair a dhéantar cumarsáid faoi leith le tuismitheoirí chun toiliú a iarraidh i dtaca le teagasc an chaithreachais nó an atáirgthe, nó i dtaca le soláthróir seachtrach a úsáid, gur mó tuismitheoirí a dhiúltaigh a bpáiste a bheith i láthair don cheacht. Dar le príomhoidí, den chuid is mó, gurb annamh a fhaigheann siad aiseolas diúltach ó thuismitheoirí i dtaca le topaicí a thagann aníos nó cuir chuige a nglactar leo sa rang.

> *Tá tuismitheoirí sásta go ndéanaimid OCG.* (Príomhoide iar-bhunscoile)

*Tá rannpháirtíocht tuismitheora go maith ag an taobh sóisearach ach téann sí i laghad i dtreo an taoibh shinsearaigh* (Príomhoide bunscoile)

*Ba cheart an chomhpháirtíocht a choinneáil chun tosaigh ach bíonn sé deacair é sin a bhaint amach nuair is luathfhágálaithe scoile iad na tuismitheoirí féin.* (Príomhoide iar-bhunscoile)

*Ní chuimhnímse ach ar an aon uair amháin a scairt tuismitheoir isteach … Ach dá mbeimis lena theagasc ar bhonn ní ba chuimsithí, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh breis freagairtí ó thuismitheoirí.* (Príomhoide iar-bhunscoile)

# Cad atá ag teastáil chun OCG a fheabhsú?

Nuair a iarraidh orthu achoimre a thabhairt ar na príomhchumasóirí i dtaca le OCG feabhsaithe i scoileanna, luaigh na príomhoidí ar cuireadh agallamh orthu mar chuid den athbhreithniú seo an méid seo a leanas:

- Oiliúint réamhsheirbhíse fheabhsaithe do mhúinteoirí in OSPS/OCG, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbeadh cáilíocht ghairmiúil ann
- FGL a bheadh lonnaithe go háitiúil agus pobail foghlama gairmiúla ina bhféadann múinteoirí agus ceannairí scoile tacú lena chéile in OSPS/OCG
- Ní mór dul i ngleic le FGL agus áiseanna i gcomhthéacs páistí atá faoi mhíchumas intleachtach
- Curaclam nuashonraithe agus treoir agus áiseanna breisithe d'fhonn caighdeán an teagaisc in OSPS/OCG a fheabhsú
- Cumarsáid le tuismitheoirí
- Ranganna níos lú

# Achoimre

D'aontaigh príomhoidí go raibh muinín na múinteoirí agus FGL feabhsaithe ina n-eochairchumasóirí d'fhonn eispéireas OCG níos fearr a sholáthar i scoileanna. D'aontaigh siad freisin go mbeadh sé fiúntach pobail foghlama gairmiúla a chruthú ina bhféadfadh múinteoirí foghlaim óna chéile agus tacú lena chéile in OSPS/OCG (ina scoil féin agus idir scoileanna). Dhearbhaigh siad freisin a luachmhaire a bheadh cáilíocht ghairmiúil réamhsheirbhíse. D'athdhearbhaigh siad go bhfuil gá le hoiliúint réamhsheirbhíse in OSPS/OCG mar go bhfuil sé deacair an bhearna a dhruidim trí FGL inseirbhíse dá huireasa.

D'aontaigh príomhoidí go bhfuil níos mó ama ag teastáil le haghaidh OSPS/OCG agus a spás féin de dhíth ar an gclár ama. Léirigh roinnt príomhoidí dóchas go n-ardóidh próisis athbhreithnithe curaclaim atá idir lámha faoi láthair feasacht gur gá níos mó airde a dhíriú ar scileanna caidrimh agus saoil.

Dúirt príomhoidí go bpléitear úsáid múinteoirí chun OSPS/a theagasc leis na múinteoirí roimh ré i gcónaí. Ní raibh braistint na múinteoirí féin ag teacht leis sin, áfach, i mbunús na scoileanna ar tugadh cuairt orthu. Is iondúil gur mheas príomhoidí ról a bheith ann do chainteoirí seachtracha chun tacú le clár OCG na scoile, go háirithe nuair a bhíonn a leithéid d'ionchur comhtháite agus deis ann don mhúinteoir ranga iarphlé a stiúradh. Léirigh roinnt acu imní i dtaca le róspleáchas ar sholáthróirí seachtracha (go háirithe i rang 5/6 agus san idirbhliain) agus thug le fios go mbeadh clár d'éascaitheoirí faofa ina chuidiú ag scoileanna.

Tháinig an dúshlán a bhaineann le bheith ag obair i gcomhpháirt le tuismitheoirí chun cinn le linn cruinnithe le príomhoidí.Dar le bunús na bpríomhoidí gur toisc chumasaithe í an rannpháirtíocht tuismitheora in OCG cé gurb eol do roinnt acu go bhféadann líon beag de ghuthanna criticiúla tionchar iomarcach a imirt agus tionchar diúltach a bheith aige ar an méid a mhúintear. D'fhiafraigh roinnt príomhoidí cén fáth nach gcaitear le OCG mar a chaitear le gnéithe eile de OSPS. Nó cén fáth nach gcaitear leis mar a chaitear le codanna eile den churaclam?

Tá príomhoidí na hÉireann meabhrach go maith ar an ngá atá le ceannasaíocht láidir sa réimse seo, bunaithe ar thuiscint ar thábhacht OCG mar chuid d'oideachas iomlánaíoch agus mar bhunchuid de chultúr foriomlán an chúraim a bheadh i réim sa scoil. Tá siad sin ar cuireadh agallamh orthu dóchasach gurb é a eascróidh as an athbhreithniú ar OCG ná treoir níos soiléire do scoileanna, polasaithe níos láidre, agus deiseanna feabhsaithe chun inniúlachtaí múinteora a fhorbairt, rud a fhágfaidh go mbeidh scoileanna in ann bheith ag comhoibriú le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí eile d'fhonn eispéireas níos ábhartha agus níos cuimsithí de OCG a chur ar fáil do gach scoláire.

# 5. Peirspictíochtaí múinteoirí

Tá an taighde idirnáisiúnta doshéanta i dtaca le múinteoirí muiníneacha inniúla a shainaithint mar an eochairchumasóir i leith Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ardchaighdeáin. Ar feadh an athbhreithnithe seo, dhearbhaigh ceannairí scoile, scoláirí agus tuismitheoirí ról ríthábhachtach na múinteoirí. Tá plé sa chaibidil seo ar pheirspictíochtaí na múinteoirí.

D'fhonn léargas a fháil ar eispéireas agus peirspictíocht na múinteoirí OCG, reáchtáladh 20 comhairliúchán fócasghrúpa in éineacht le múinteoirí ar fud na tíre (12 i mbunscoileanna agus 8 in iar-bhunscoileanna). I gcás na bhfócasghrúpaí iar-bhunscolaíochta, bhí idir mhúinteoirí OCG sraithe sóisearaí agus mhúinteoirí OCG sraithe sinsearaí rannpháirteach iontu. De bhreis air sin, chuir níos mó ná 1,333 múinteoir a gcuid tuairimí isteach tríd an gcéad suirbhé ar líne - 75% ó bhunscoileanna, 20 ó iar-bhunscoileanna agus 5% ar chuir siad eile síos dóibh féin (an mhórchuid acu ag obair i suíomhanna oideachais speisialta) agus d'fhreagair 513 múinteoir don dara suirbhé ar líne.

Tá forléargas sa chaibidil seo ar pheirspictíochtaí na múinteoirí agus béim go háirithe ar cheisteanna a bhaineann le:

- Pleanáil agus cur i bhfeidhm
- An curaclam
- Forbairt ghairmiúil
- Acmhainní
- Cur chuige i leith theagasc OCG
- Ról na dtuismitheoirí in OCG
- Cad atá ag teastáil?

## Pleanáil agus cur i bhfeidhm

D'aibhsigh múinteoirí bunscoile comhtháthú OCG in OSPS agus na riachtanais ghearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha phleanála lena baineann a bheith ina láidreacht i dtaca le soláthar OCG. Chuir go leor múinteoirí síos ar an gcaoi a dtacaíonn an phleanáil lena dteagasc in OCG sa seomra ranga agus an chaoi a gcruthaíonn sé braistint mhéadaithe comhghleacaíochta nuair a ghlactar le cur chuige

uile-scoile i leith na pleanála. Go deimhin, léirigh go leor múinteoirí an bharúil go bhfuil gá as an úr le cuir chuige uile-scoile i leith OCG le deireanas mar gheall ar leasuithe ar chláir agus polasaithe bainteacha lena n-áirítear an clár Bí Sábháilte agus na Cigireachtaí úra um Chosaint agus Chumhdach Leanaí.

> *Tá an polasaí OCG uile-scoile againn ina chuidiú mór, tá a fhios againn an rud atá le teagasc ag gach leibhéal.* (Múinteoir bunscoile)

Mar an gcéanna, aithníonn múinteoirí iar-bhunoideachais an gá atá le ham pleanála agus comhoibriú gairmiúil. Is dúshlán é seo, áfach, i gcuid mhaith iar-bhunscoileanna mar gheall ar líon na múinteoirí a bhíonn bainteach le teagasc OSPS/OCG. Go minic, i gcás bhunús na múinteoirí OSPS/OCG, ní hé an príomhábhar teagaisc atá acu, rud a chruthaíonn dúshláin bhreise nuair a bhítear ag sceidealú cruinnithe pleanála. Tugann múinteoirí le fios go mbíonn sé deacair acu teacht le chéile go fiú le linn uaireanta Pháirc an Chrócaigh nuair a bhíonn orthu a n-aird a dhíriú ar ábhair scrúdaithe. Léiríonn an teanga a úsáidtear le cur síos ar OSPS agus OCG, amhail *an $2^{ú}$ hábhar atá agam, an $3^{ú}$ hábhar atá agam*, áit a seasann OSPS/OCG in ordlathas na n-ábhar. D'aontaigh gach múinteoir go raibh gá le ham agus spás le go bhféadfaí a bheith ag pleanáil go comhoibritheach, topaicí dúshlánacha a phlé, agus tacú lena chéile san obair seo. Is minic a dúirt múinteoirí nár measadh luach a bheith ag baint le OSPS/OCG agus gurb ionann é agus 'Luaithríona' na n-ábhar scoile.

Dar le múinteoirí nach gnáthrudaí iad comhordú ná cumarsáid idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach in OCG, agus roinnt múinteoirí á rá gurb é an fócasghrúpa an chéad deis dóibh labhairt ar a raibh ar bun acu sna ranganna difriúla. Go fiú sna cásanna ina raibh comhordú ann, dúirt múinteoirí gurb annamh a bhíonn níos mó i gceist leis ná acmhainní a chur ar fáil.

De bhreis ar am a bheith ag teastáil le haghaidh pleanála, dar le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon go bhfuil gá le níos mó ama chun OCG a theagasc. I mbunscoileanna, mhothaigh múinteoirí nár leor leathuair sa tseachtain le haghaidh OSPS/OCG agus san iar-bhunscolaíocht, bhraith múinteoirí freisin go raibh an curaclam i bhfad ró-uaillmhianach i gcoibhneas leis an méid ama a bhí ar fáil. In iar-bhunscoileanna, dúirt roinnt múinteoirí freisin go raibh ranganna aon uair an chloig de dhíth nó *leis na ranganna 40 nóiméad, níl tú ach ag teacht isteach ar an topaic agus bíonn ort í a fhágáil san aer.*

Cé gur mheas múinteoirí iar-bhunscolaíochta iad féin a bheith mar chuid de chroí-fhoireann, i mbunús na gcásanna, fuair an fhoireann seo tacaíocht ó ghrúpa níos mó múinteoirí, ar múinteoirí iad an mhórchuid acu nár dheonaigh OSPS a theagasc agus a bhféadfadh sé nach mbeadh ach rang amháin OSPS á theagasc acu. Ina leithéid de chásanna, léirigh múinteoirí imní i dtaca le cé acu a bhí na gnéithe OCG de OSPS á dteagasc nó nach raibh.

I suíomhanna iar-bhunscolaíochta, d'áitigh múinteoirí nach n-oibríonn sé an múinteoir foirme a úsáid mar mhúinteoir OSPS ach amháin nuair a bhíonn múinteoirí toilteanach OSPS a theagasc. Mar an gcéanna, tá éagsúlacht de thuairimí ann i measc múinteoirí i dtaca le cé acu ba cheart nó nár cheart OCG a theagasc laistigh den Oideachas Reiligiúnach. Dar le roinnt daoine go n-oibríonn seo go maith, go háirithe nuair nach bhfuil an tOideachas Reiligiúnach á theagasc mar ábhar scrúdaithe. Bhraith tromlach na múinteoirí, lena n-áirítear go leor múinteoirí Reiligiúin, áfach, go mbeadh sé inmhianaithe spás ar leithligh a bheith ag an dá ábhar ar an gclár ama mar aitheantas ar na haidhmeanna difriúla atá acu. Sa chomhthéacs seo, thug roinnt múinteoirí le fios gur cheart OSPS a chur ar an gclár ama sa chúigiú agus sa séú bliain le go mbeadh spás sábháilte ann lena aghaidh.

> *Chonaic mé é ar mo chlár ama nuair a thosaigh mé anseo agus níor smaoinigh mé ar chor ar bith fiú agus mé ar an gcoláiste go bhféadfadh sé go n-iarrfaí orm OSPS a theagasc.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

> *Is iondúil go bhfágtar OCG go dtí an deireadh agus go mbraitheann sé go mór ar leibhéal compoird an mhúinteora cé acu a theagasctar é nó nach dteagasctar.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

> *Gan ord ná eagar … sin mar a chuirfinn féin síos ar an bpleanáil. Ní aon fheasacht ar a mbíonn ag tarlú in OCG sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

> *Ní bheadh taithí dhearfach agamsa agus b'fhearr liom gan a bheith ag teagasc OSPS ardteiste. Ní mhothaím compordach ná cáilithe chun OCG a theagasc ag an leibhéal seo agus, mar sin, ní dhearna mé riamh é… Tá scéim oibre agam le mé féin a chlúdach ach dá gcuirfeá ceist ar na scoláirí céard atá ar bun agam, déarfaidís nach ndéanaim mórán. Dá bhféadfainn roghnú gan OSPS a theagasc sa tsraith shinsearach, dhéanfainn sin. …Tá oiliúint shuntasach ag teastáil lena aghaidh. (múinteoir* foirme séú bliain agus múinteoir OSPS, iar-bhunscolaíocht)

In dhá cheann de na hiar-bhunscoileanna ar tugadh cuairt orthu, áit a bhfuil foireann bheag de mhúinteoirí oilte, ar spéis leo an t-ábhar, agus arb iad amháin a theagascann OSPS agus OCG, tharla comhordú foirmiúil mar aon le pleanáil neamhfhoirmeálta níos réidhe. Sa dá scoil, bhí tacaíocht láidir ó lucht ceannasaíochta do OCG le sonrú freisin agus labhair idir mhúinteoirí agus scoláirí go dearfach ar a gcuid eispéireas de OCG.

# An curaclam

Dhearbhaigh múinteoirí as measc gach grúpa tábhacht OCG i gcuraclam na scoile, mar a léiríodh le ráitis mar seo a leanas:

> *Tá sé lárnach d'fhorbairt agus d'fhéiniúlacht an pháiste.* (Múinteoir bunscoile)

> *Is eispéireas fad saoil é OCG, agus ról ríthábhachtach ag an scoil ann.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

> *Tá sé bunriachtanach d'fhorbairt iomlánaíoch an pháiste.* (Múinteoir bunscoile)

Léiríodh an dearcadh i mionlach na bhfreagairtí ar líne ó mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile nach raibh OCG oiriúnach ná ag teastáil i gcuraclam na scoile.

> *Tá an bhunscoil róluath lena aghaidh seo.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Ní muidne na tuismitheoirí. Seo freagracht na dtuismitheoirí.* (Múinteoir bunscoile)

Go minic, nuair a iarradh orthu barúil a léiriú ar an gcuraclam, is beag feasacht ná eolas ar an gcuraclam féin a léirigh múinteoirí i bhfócasghrúpaí iar-bhunoideachais. Ina áit sin, rinne siad tagairt d'áiseanna nó do théacsleabhair agus úsáideadh iad seo mar bhunús don phleanáil agus don teagasc. Is minic a mheas múinteoirí ag leibhéal na bunscoile nár bhain OCG ach amháin le topaicí a bpléitear leo i rang 5 agus 6 agus is minic a cheangail siad é leis *an gcaint* a thugann soláthróirí seachtracha go hiondúil. In ainneoin easpa ghinearálta eolais ar an gcuraclam, d'aontaigh múinteoirí faoin ngá atá le curaclam nuashonraithe OSPS/OCG don oideachas bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta a d'fhreastalódh ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga sa chomhthéacs reatha atá againn. I bhfianaise uileláithreacht an idirlín agus na meán sóisialta i saol daoine óga, mar aon leis an bhfócas sna meáin ar na mallaibh ar thoiliú agus ciapadh gnéasach, spreagadh go leor múinteoirí iar-bhunscoile chun barúlacha a léiriú i dtaca leis an ngá atá leis na nithe seo, agus ceisteanna ábhartha eile, a phlé laistigh den spás OCG.

I gcuraclam OCG na bunscoile, is iad na leasuithe seo a leanas is minice a mhol múinteoirí - tionchar an idirlín agus na meán sóisialta ar shábháilteacht agus féiniúlacht páistí; cineálacha éagsúla teaghlach; mealladh de chineálacha difriúla; agus féiniúlachtaí difriúla gnéasacha. Mhothaigh siad gur gá tús a chur le comhráití i dtaca leo sin agus topaicí eile sa bhunscoil. Dúirt siad freisin gur mhór leo treoir agus áiseanna i dtaca le bealaí leis na topaicí sin a chur i láthair ar chaoi aois-oiriúnaithe. D'iarr múinteoirí treoir bhreise chomh maith i dtaca le teanga agus teorainneacha laistigh de thopaicí lena chinntiú *nach rachaidís rófhada*, agus, dá réir sin, nach gcuirfidís as do thuismitheoirí agus nach mbeidís ag teacht salach ar dhóigh éigin ar éiteas na scoile.

Dar le go leor múinteoirí bunscoile, agus iad ag meabhrú ar an gcaoi a dteagasctar OCG i rang 5 agus 6, gur gá comhráití faoin gcaithreachas a thosú níos luaithe toisc go gcuireann páistí tús níos moille leis an scoil. Tuigeann múinteoirí bunscoile go bhfuil dúshlán ann i dtaca le curaclam níos ábhartha a chruthú ach aithníonn siad freisin na héagsúlachtaí aonair atá ann i ranganna, go háirithe sa chás go mbeadh páistí ag foghlaim i ranganna ilghráid. Mar an gcéanna, dar le múinteoirí iar-bhunscoile gur gá an curaclam OCG a nuashonrú le go gcuimseofar, mar shampla, plé ar thoiliú agus ar an bpornagrafaíocht, agus amhail a gcomhghleacaithe bunscolaíochta, ba mhór leo féin freisin treoir i

dtaca le bealaí le tabhairt faoi na topaicí seo sa seomra ranga. Ar an gcaoi chéanna, mhothaigh siad gur gá tabhairt faoi go leor de na topaicí a theagasctar faoi láthair ag céim níos luaithe agus léirigh imní *nach raibh go leor le fáil ag daoine óga ó OCG, agus é ag teacht rómhall*.

Cé gur mhol múinteoirí go gcuirfí isteach ceisteanna fíorshaoil a bhaineann le saol na scoláirí, áitíonn siad freisin go bhfuil sé dodhéanta leanúint de bheith ag cur topaicí le curaclam atá fairsing go leor cheana. Mhothaigh siad go mbeadh athbhreithniú curaclaim ar OCG úsáideach dá mba rud é go n-eascródh nuashonrú ábhair as, mar aon le béim níos géire a chur ar thopaicí ag céimeanna éagsúla d'fhorbairt an pháiste. Dúirt múinteoirí gur mhothaigh siad go bhfuil barraíocht ábhair ann i láthair na huaire agus go ligeann sé sin don mhúinteoir na topaicí is fearr leis féin a roghnú agus topaicí eile a fhágáil ar leataobh. Ar an iomlán, thug go leor múinteoirí le fios gur chuidiú é treoir níos soiléire a bheith ann i dtaca le hábhar OSPS/OCG mar go gcinnteodh sé níos mó comhsheasmhachta ó thaobh na foghlama de do scoláirí mar aon le múinteoirí a dhéanamh níos muiníní. Léiríodh an tuairim seo ar éagsúlacht de bhealaí, ó na múinteoirí sin a bhí ag iarraidh níos mó soiléireachta go dtí múinteoirí a raibh *croíchuraclam éigeantach* ag teastáil uathu.

> *Má deir sibhse liomsa (CNCM) gur cheart dom a bheith ag teagasc faoin ngnéaschlaonadh sa tSraith Shóisearach, ní bheadh aon fhadhb agamsa é sin a dhéanamh. Ach mura bhfuil sé sa leabhar, bheadh drogall orm a phlé!* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Sílim go bhfuil achoimre shoiléir de dhíth ar na teorainneacha i dtaca leis na nithe is ceadmhach agus nach ceadmhach a theagasc ag gach leibhéal. Tugann sé cosaint dúinne.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Duine a rá liom "Chuaigh tú rófhada". Sin an imní is mó a bheadh ormsa.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Fágann easpa na sainorduithe muid trína chéile i dtaca leis an méid ba cheart a theagasc.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

Dúirt a lán múinteoirí go dtacaíonn polasaí láidir scoile leo agus tugann muinín dóibh i dtaca lenar ceart a bheith ag teagasc, go háirithe nuair a dhéantar é seo a chomhroinnt le tuismitheoirí agus nuair a shonraítear go soiléir an méid a theagasctar i ngach réimse agus ag gach leibhéal de OCG.

> *Tá an polasaí OCG uile-scoile againn ina chuidiú mór…Tá a fhios againn an rud atá le teagasc ag gach leibhéal. Tá sé iontach sainiúil. Is comhrá leanúnach é i measc na foirne. Tá oscailteacht ghinearálta ann… Féadaimid a rá má bhímid ag streachailt.* (Múinteoir bunscoile)

# Forbairt ghairmiúil

Ba é an cumasóir is tábhachtaí a shainaithin múinteoirí i dtaca le forfheidhmiú rathúil OCG, ó thús deireadh an athbhreithnithe, ná an fhorbairt ghairmiúil. Dúirt múinteoirí arís agus arís eile, go *mbaineann gach rud le hoiliúint.* Dhearbhaigh múinteoirí a fuair deis freastal ar CPD i réimse OCG a luachmhaire a bhí sé. Den chuid is mó, téann múinteoirí i muinín an PDST agus iad ar lorg tacaíochta, cé gur dhearbhaigh múinteoirí freisin an ról atá ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), BeLonG To, Foróige agus gníomhaireachtaí eile i dtaca le bheith ag tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí sa réimse seo. Chuir múinteoirí iar-bhunscolaíochta barúil láidir chun tosaigh nár cheart a iarraidh ach amháin ar na múinteoirí a léiríonn spéis in OCG a theagasc agus a bhfuil oiliúint faighte acu sa réimse sin, é a theagasc. Dar le bunús na múinteoirí nach mar seo a dhéantar múinteoirí a imlonnú ina scoil féin.

Sa bhunscoil, feictear gach múinteoir ina mhúinteoir OCG. Mar sin féin, go minic i rang a cúig agus a sé, bíonn muinín múinteoirí ina saincheist agus ní fheiceann múinteoirí iad féin mar na daoine is fearr chun an réimse seo a mhúineadh. Léirigh go leor múinteoirí easpa muiníne maidir le ceisteanna a bhainistiú agus ní raibh siad cinnte faoi na teorainneacha agus iad ag dul i ngleic le topaicí áirithe cosúil le atáirgeadh agus gnéaschlaonadh. Is iondúil gur fhreastail na múinteoirí a raibh muinín acu sa réimse seo ar oiliúint agus labhair siad faoin bpribhléid agus an fhreagracht ollmhór a bhain le comhráití a dhéanamh le páistí maidir le OCG. Dúirt múinteoirí ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon go bhfuil sé dúshlánach rochtain a fháil ar CPD. Léirigh siad roinnt de na cúiseanna atá leis sin lena n-áirítear:

- Tráth scaoilte ón scoil. Tá na múinteoirí ar an eolas faoi na deacrachtaí a bhaineann le múinteoirí ionaid a fháil chun a gcuid ranganna a chlúdach agus uaireanta bhí drogall orthu a gcuid scoláirí a bhí ag dul i mbun scrúdaithe a fhágáil.
- Sáraíonn an t-éileamh ar chúrsaí na spásanna atá ar fáil. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ar mhúinteoirí fanacht níos mó ná bliain amháin uaireanta chun freastal ar réamhchúrsa.
- Láthair na gCúrsaí: Reáchtáiltear cúrsaí ar bhonn réigiúnach, rud a chiallaíonn go mbíonn ar mhúinteoirí achair fhada a thiomáint uaireanta agus fanacht thar oíche. Is bac ar leith é seo ar oiliúint i gcodanna áirithe den tír.
- Ráta ard athraithe múinteoirí OSPS/OCG in iar-bhunscoileanna. Cruthaíonn sé seo éileamh leanúnach ar réamhchúrsaí.

- Easpa conairí gairmiúla in OSPS/OCG. D'fhreastail go leor múinteoirí a bhí páirteach san athbhreithniú ar réamhchúrsaí OCG blianta fada ó shin agus bhí aiféala orthu nach raibh áit ar bith acu le dul chun a gcuid eolais agus scileanna in OSPS/OCG a fhorbairt a thuilleadh. Ina theannta sin, mheas múinteoirí gur chóir go mbeadh deiseanna ag múinteoirí a bhí ag cleachtadh a ngairmeacha cáilíocht ghairmiúil a bhaint amach i réimse OSPS/OCG ach creidiúintí a charnadh.

Dúirt go leor múinteoirí gur gá an tsamhail oiliúna a athbhreithniú chun bogadh ó mhúnla aon uaire go samhail a thugann tacaíocht leanúnach ag leibhéal na scoile agus trí phobail foghlama gairmiúla múinteoirí OCG ag teacht le chéile i ngrúpaí braisle araon. Sa chomhthéacs sin,labhair roinnt múinteoirí ar dheiseanna sa scoil a thacaigh leo chun inniúlacht agus muinín a fháil, cosúil le cómhúinteoireacht agus meantóireacht. Tionscnaimh aon uaire agus neamhfhoirmiúla a bhí iontu sin go hiondúil áfach seachas a bheith leabaithe i gcleachtas scoile. Tugadh ar aird freisin nach bhfuil aon FGL ar fáil faoi láthair in OCG do mhúinteoirí atá ag obair le scoláirí faoi mhíchumas intleachtúil.

> *D'fhéach mé ar láithreán gréasáin an SFGM agus fuair mé dáta amháin, ach ní raibh áit ar bith fágtha. Tá sé cosúil le Ticketmaster – caithfidh tú a bheith ann láithreach bonn nó ní bhfaighidh tú áit… Is fadhb ollmhór í.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Bíonn sé deacair lá iomlán a thógáil le haghaidh CPD nuair nach é sin do phríomhábhar.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Ní mór go mbeadh sé ina oiliúint scoile uile.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *D'fhoghlaim mé go leor an bhliain nuair a d'oibrigh mé le comhghleacaí eile. Rinneamar cómhúinteoireacht agus bhí sí iontach. Is iontach an rud é an dóigh a ndéanann duine eile é a fheiceáil.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Múnla FGL ba bhreá liom a fheiceáil ná samhail bhraisle a bheadh ag obair le múinteoirí sa réimse céanna, cosúil le múinteoirí eile a oibríonn i scoileanna buachaillí.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Rinne mé na laethanta oiliúna bliain ó shin…. Anois ba mhaith liom a bheith in ann é a thabhairt go dtí an chéad chéim eile.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Bheadh sé go maith cáilíocht a bhaint amach. Tá an t-aitheantas sin tuillte ag an ábhar – an nglacfaí go dáiríre leis gan an t-aitheantas sin?* (Múinteoir iar-bhunscoile)

# Acmhainní

Tá múinteoirí ag úsáid réimse leathan acmhainní chun tacú leo OCG a mhúineadh. I mbunscoileanna, ar na hacmhainní is mó a úsáidtear tá lámhleabhair OCG, *Busy Bodies,* bábóga anatamaíocha agus leabhair phictiúr. Luaigh go leor múinteoirí bunscoile go dtéann na hacmhainní a úsáidtear sa chlár Stay Safe athbhreithnithe i bhfeidhm ar dhaltaí ar bhealach dearfach. Mar sin féin, léirigh roinnt

múinteoirí bunscoile éiginnteacht maidir leis na hacmhainní ba chóir nó nár cheart dóibh a úsáid, agus dúirt múinteoirí gur dúradh leo gan acmhainní áirithe a úsáid roimhe seo. Sampla amháin de sin is ea an póstaer *Different Family, Same Love*, a táirgeadh chun tacú le scoileanna tacaíocht agus aitheantas a thabhairt do gach teaghlach ina bpobail scoile, lena n-áirítear teaghlaigh chomhghnéis.

Dúirt múinteoirí iar-bhunscoile go minic gur bhain siad úsáid as téacsleabhar, go háirithe do OSPS/OCG na sraithe sóisearaí. Sa tsraith shinsearach, is iondúil go n-úsáidtear an acmhainn TRUST, acmhainn B4UDecide, agus acmhainní éagsúla ar líne. Labhair roinnt múinteoirí freisin ar a gcuid acmhainní féin a ghiniúint ag baint úsáide as gearrthóga YouTube, ailt in irisí, srl. chun plé a spreagadh. Dúirt siad gurbh fhearr le scoláirí oibriú le cásanna ón bhfíorshaol cé go gcaithfidh siad seo a bheith inchreidte agus ábhartha do scoláirí mar nach nglacann scoláirí go dáiríre leo murach sin. Leag múinteoirí béim ar an ngá atá le hacmhainní tarraingteacha agus cothrom le dáta a thabharfaidh deiseanna do dhaltaí labhairt le chéile agus plé fiúntach a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leo.

Ar an iomlán, labhair múinteoirí ar an ngá a bhí le tuilleadh acmhainní agus tacaíochta. Ina theannta sin, tá gá le hacmhainní sainiúla do mhúinteoirí atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge agus dóibh siúd atá ag obair le scoláirí le sainriachtanais oideachais. Tháinig an smaoineamh maidir le suíomh tairsí ina bhféadfadh múinteoirí rochtain a fháil ar na hacmhainní OCG go léir chun cinn go minic i gcruinnithe grúpa fócais.

> *Tá gá le físeáin agus ábhar idirghníomhach ar líne atá níos oiriúnaí do pháistí.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Tá na hábhair OCG reatha seanfhaiseanta agus tá sé an-deacair páistí a mhealladh le ceachtanna a cruthaíodh le haghaidh seomra ranga 20 bliain ó shin.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Tá gá le físeáin réalaíocha agus scéalta a bhaineann le topaicí OCG atá aoisoiriúnach chun plé a dhéanamh.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Éiríonn acmhainní seanfhaiseanta go han-tapa. Má tá na leanaí ag caitheamh na héadaí míchearta i bhfíseán, caillfidh siad suim go tapa. Ní mór iad a nuashonrú go rialta.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Níl sé oiriúnach a bheith ag baint úsáide as bileoga oibre OCG bunscoile le scoláire 18 mbliana d'aois a bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

# An Cur Chuige

Aontaíonn múinteoirí agus scoláirí gur chóir OCG a mhúineadh ar bhealach oscailte, idirghníomhach agus neamhbhreithiúnach. Dúirt go leor múinteoirí go bhfuil sraith scileanna éagsúil ag teastáil chun

OCG a mhúineadh ná iad siúd a theastaíonn chun ábhair eile a mhúineadh. Measadh go raibh an cumas díospóireachtaí grúpa a éascú agus ligean do cheisteanna a theacht chun cinn an-tábhachtach. Thug múinteoirí ar aird go minic go n-éilíonn sé seo go leor muiníne agus scile, chomh maith le caidreamh dearfach agus oscailte a bheith ann idir múinteoirí agus scoláirí.

I ngrúpaí fócais iar-bhunscoile, dúirt múinteoirí go minic go raibh claonadh acu aghaidh a thabhairt ar OCG ó *chur chuige rioscaí agus contúirtí*, áit a raibh an bhéim ar chaidrimh mhíshláintiúla a phlé seachas plé a dhéanamh ar an dóigh le cinn shláintiúla a chruthú agus a chothabháil, agus inar leagadh béim go minic ar na contúirtí a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach (lena n-áirítear STIanna). Dúirt siad gur theastaigh uathu daoine óga a chosaint ó chontúirt cé gur aontaigh siad go ginearálta go raibh cur chuige níos iomlánaíche agus níos dearfaí inmhianaithe agus ag teacht le riachtanais na scoláirí agus ag le dearcthaí sochaíocha a bhíonn ag athrú. I ngrúpaí fócais bunscolaíochta, léirigh múinteoirí gur mhian leo cur chuige níos dearfaí agus níos iomlánaíche a ghlacadh i leith OCG ach d'aontaigh siad go mbíonn baint ag OCG le ceachtanna ar leith sna ranganna sinsearacha sa bhunscoil, rud a chiallaíonn go mbreathnaítear air amhail is go bhfuil sé scartha ón gcuid eile den fhoghlaim agus mar ábhar tabú.

Bhí tuairimí measctha ann maidir le húsáid soláthróirí seachtracha. I measc na múinteoirí bunscoile, ó am go ham, cuireadh imní in iúl faoin gcleachtas. Ar an gcéad dul síos, léiríodh imní faoin easpa caidrimh roimh ré leis na scoláirí. Ar an dara dul síos, aibhsíodh i ndiaidh na n-ionchur, gur bhraith roinnt múinteoirí díchumhachtaithe ó chomhráití leantacha a bheith acu. Teorainn eile a luadh is ea go gcuireann múinteoirí siar plé le páistí go dtí go dtagann an cainteoir, agus dá bhrí sin cailltear deiseanna inteagaisc. Mhothaigh go leor múinteoirí bunscoile gur minic a bhí úsáid á baint as soláthróirí seachtracha chun *an chaint* a thabhairt agus nár cheistigh bainistíocht na scoile an cur chuige seo i leith OCG i ndáiríre.

Os a choinne sin, mheas go leor múinteoirí eile, idir mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, go raibh ról tábhachtach agus comhlántach ag soláthróirí seachtracha, go háirithe nuair a cuireadh an fhoghlaim i gcomhthéacs agus nuair a bhí obair leantach struchtúrtha i gceist. Chonaic múinteoirí iar-bhunscoile go háirithe go raibh ról úsáideach acu maidir le saincheardlanna a éascú do scoláirí na sraithe sinsearaí. Léiríonn na tuairimí seo a leanas raon tuairimí a chuireann múinteoirí in iúl go minic maidir le húsáid soláthróirí seachtracha.

> *Tugaim faoi deara leis an soláthraí seachtrach go bhfuil dícheangal eatarthu féin agus an rang. Tá gá le caidreamh a chaithfear a thógáil.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Tá gá le héascaitheoirí oilte! Is ábhar é a sheachnóidh an chuid is mó de na múinteoirí a bhfuil aithne agam orthu agus a dtabharfaidh príomhoidí neamhaird air.* (Múinteoir iar-bhunscoile)

> *D'oibreodh sé níos fearr mar chúltaca, ach ní mór am a bheith ag scoileanna le machnamh a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear an cainteoir, agus nach dtugtar isteach iad agus sin é.* (Múinteoir bunscoile)

Léirigh roinnt freagróirí ar líne nár cheart do sholáthróirí seachtracha dearcadh creidimh ar leith a chur chun cinn agus dúirt siad go bhfuil gairmithe sláinte níos oiriúnaí chun tacaíocht chothrom agus neamhbhreithiúnach a sholáthar i réimse OCG. Dúirt roinnt múinteoirí freisin go mbeadh sé cabhrach dá mbeadh liosta soláthróirí seachtracha faofa ann a bhféadfaí leas a bhaint as.

# Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Fiafraíodh de mhúinteoirí faoi rannpháirtíocht tuismitheoirí agus faoin gcaoi a bhféadfadh scoileanna oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí chun cur chuige comhoibritheach a thógáil i leith OCG. Ar an iomlán, chonaic múinteoirí na buntáistí a bhain le comhpháirtíocht a thógáil le tuismitheoirí agus léirigh siad gur mhian leo é sin a dhéanamh. Mar sin féin, bhí múinteoirí ar an eolas chomh maith faoi na dúshláin a bhaineann le comhoibriú níos fiúntaí a chothú le tuismitheoirí. Luaigh roinnt múinteoirí an brú ama a bhíonn ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí araon, agus léirigh múinteoirí eile go raibh siad neirbhíseach maidir le OCG a chur in iúl do thuismitheoirí mar gheall ar an ngrinnscrúdú a d'fhéadfadh teacht as. Mhothaigh múinteoirí eile má táthar le féachaint ar an réimse seo mar a fhéachtar ar réimsí eile curaclaim, nach mór don chumarsáid a bheith ag teacht le réimsí curaclaim eile agus cheistigh siad an raibh an bhéim ar OCG ag cruthú fadhbanna.

Go ginearálta, mheas múinteoirí go raibh tuismitheoirí sásta go nglacfadh scoileanna freagracht as OCG, go háirithe de réir mar a chuaigh na scoláirí ar aghaidh san iar-bhunscoil. Bhraith cuid acu go gcuirfeadh tuismitheoirí fáilte roimh chomhairle faoi conas comhráite a bheith acu lena páistí agus go mbeidís buíoch as tacaíocht nó acmhainní chun cabhrú leo dul i ngleic le topaicí i gcomhar leis an scoil. I measc moltaí sonracha maidir le bealaí chun cumarsáid agus comhoibriú níos fearr a chothú idir an scoil agus an baile i ndáil le OCG bhí úsáid láithreán gréasáin na scoile/teachtaireachtaí fóin, forbairt acmhainní a oireann do thuismitheoirí agus ceardlanna OCG a sholáthar do thuismitheoirí.

> *Ní mór go mbeadh ní ba mhó ionchuir ón mbaile. Ba chóir gurbh é an teaghlach an príomhoideachasóir i dtopaicí íogaire dá leithéid.* (Múinteoir bunscoile)
>
> *Bheadh acmhainní agus naisc ar líne úsáideach do thuismitheoirí.* (Múinteoir iar-bhunscoile)
>
> *Cumarsáid níos rialta faoi méid atá á dhéanamh againn ar scoil… Ceadóidh sé sin do thuismitheoirí leanúint den chomhrá sa bhaile.* (Múinteoir bunscoile)

# Cad atá ag teastáil chun OCG a fheabhsú?

Níl aon chonspóid ann faoin tábhacht a bhaineann le OCG mar chuid d'fhoghlaim páistí agus daoine óga i measc múinteoirí agus creideann siad gur chóir go mbeadh taithí ardcháilíochta OCG ag gach scoláire, ag tosú sa luath-óige agus ag leanúint ar aghaidh le linn a gcuid ama ar scoil. Mhol múinteoirí bealaí éagsúla a bhféadfaí feabhas a chur ar thaithí OCG i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon. Áirítear leo sin:

- Forbairt ghairmiúil réamhsheirbhíse agus inseirbhíse fheabhsaithe lena n-áirítear feabhsuithe ar rochtain agus cineál, chomh maith le cáilíocht ghairmiúil a thabhairt isteach in OSPS/OCG
- Deiseanna le haghaidh pleanála agus comhordaithe laistigh de scoileanna mar aon le deiseanna le haghaidh líonraithe agus foghlama comhoibríche le múinteoirí i scoileanna eile
- Níos mó ama do OSPS/OCG ar an gclár ama agus ranganna níos lú
- Creatlach do chomhpháirtíocht idir scoileanna agus soláthróirí seachtracha
- Cur chuige i leith OCG a chuireann ar chumas daoine óga foghlaim fúthu féin agus faoi dhaoine eile i bpróiseas dearfach agus rannpháirteach
- Curaclam cothrom le dáta ag cur an saol mar atá ag scoláire an lae inniu san áireamh
- Treoir agus soiléireacht fheabhsaithe ar thopaicí chun nach roghnófar topaicí áirithe agus nach gcloífear leis na topaicí níos sábháilte OSPS/OCG mar aon le roinnt solúbthachta a thabhairt do mhúinteoirí chun freagairt do riachtanais shonracha a gcuid scoláirí
- Acmhainní nuashonraithe agus tarraingteacha lena n-áirítear cásanna ón bhfíorshaol agus a bhaineann le riachtanais na scoláirí
- FGL sainiúil agus acmhainní do mhúinteoirí atá ag obair le scoláirí RSO
- Suíomh tairsí ar líne le haghaidh acmhainní teagaisc agus foghlama OCG
- Tacaíochtaí do thuismitheoirí chun comhoibriú baile-scoile a chumasú.

# Achoimre

Mar mhacalla ar pheirspictíochtaí na scoláirí agus na bpríomhoidí scoile, labhair múinteoirí faoin tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil múinteoirí chun OCG a theagasc go héifeachtach. Ba mhaith leo oiliúint fheabhsaithe a fheiceáil ag leibhéil réamhsheirbhíse agus inseirbhíse araon. Ina theannta sin, mhol múinteoirí iar-bhunscoile gur chóir OSPS a thabhairt isteach mar ábhar teagaisc aitheanta sa Mháistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) a chuirfeadh ar chumas múinteoirí a bheith cáilithe chun an t-ábhar seo a mhúineadh ar an mbealach céanna le hábhair eile. Do na múinteoirí sin atá sa chóras faoi láthair agus a bhfuil suim acu sa réimse, tacaíodh leis an smaoineamh maidir le cáilíocht ghairmiúil iarchéime in OSPS/OCG.

In iar-bhunscoileanna, aontaíonn múinteoirí go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar go leor saincheisteanna imní a bhaineann le OCG, lena n-áirítear stádas íseal an ábhair, dá bhféadfaidís an t-ábhar a roghnú lena theagasc agus rochtain a fháil ar fhorbairt ghairmiúil chuí chun tacú leo sin a dhéanamh. Laistigh de bhunscoileanna, áit a bhfuil ról ag na múinteoirí go léir i leith OCG, tacaíonn múinteoirí go láidir le croífhoireann bheag oilte a bhunú.

D'aithin múinteoirí d'aon ghuth an gá le ham maidir le pleanáil, comhordú agus cumarsáid a dhéanamh laistigh dá bhfoirne scoile. De réir dealraimh is rud neamhghnách é am struchtúrtha don phleanáil OCG i scoileanna. Ba mhaith le múinteoirí OSPS/OCG deiseanna a fháil le dul i mbun líonraithe agus foghlama comhoibríoch le múinteoirí i scoileanna eile.

Tosaíocht eile do mhúinteoirí is ea curaclam nuashonraithe a dhíríonn ar an bhfoghlaim thábhachtach is gá chun do bhealach a dhéanamh sa domhan sa lá atá inniu ann. Ba mhaith le múinteoirí níos mó soiléireachta a fháil maidir leis na topaicí ar chóir do mhúinteoirí dul i ngleic leo ag céimeanna difriúla d'fhoghlaim páistí in OCG. Chuirfeadh múinteoirí fáilte roimh threoir agus soiléireacht fheabhsaithe curaclaim cé gur chuir roinnt múinteoirí in iúl go gcaithfear treoir níos soiléire a chothromú le solúbthacht éigin chun chur ar chumas scoileanna freastal ar riachtanais scoláirí ar leith.

Mhol múinteoirí chomh maith go n-úsáidfí grúpaí ranga níos lú chun OCG a mhúineadh mar go dtacaíonn sé seo leis na cineálacha oideolaíochtaí is gá chun topaicí OSPS/OCG a mhúineadh. Ar deireadh, chuirfeadh gach múinteoir fáilte roimh acmhainní nuashonraithe agus tarraingteacha agus ba mhór acu é dá mbeifí in ann rochtain a fháil orthu sin ar láithreán gréasáin tairsí. Sonraíodh acmhainní ar leith chun dul i mbun oibre le páistí a bhfuil RSO acu agus i ngaelscoileanna.

# 6. Peirspictíochtaí na bpáirtithe leasmhara

Mar aon le foghlaim faoi thaithí scoileanna, ba chuid thábhachtach den athbhreithniú ar OCG é tuairimí a bhailiú ó na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil ról acu i maoirseacht, i dtacaíocht agus/nó i gcigireacht OCG i scoileanna. Bailíodh na tuairimí sin ar thrí bhealach:

- Reáchtáladh cruinnithe déthaobhacha agus cruinnithe comhchéime le 64 eagraíocht agus duine aonair
- Reáchtáladh siompóisiam maidir le OCG i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2018 agus bhí ionadaíocht do 51 eagraíocht páirtithe leasmhara ann agus reáchtáladh siompóisiam leantach i Meán Fómhair 2019, ar fhreastail 70 eagraíocht páirtithe leasmhara air.
- Cuireadh fáilte roimh aighneachtaí i scríbhinn ar láithreán gréasáin CNCM agus fuarthas 85 aighneacht ó eagraíochtaí agus ó ghrúpaí le linn an phróisis athbhreithnithe.

Trí na formáidí éagsúla, roinneadh smaointe maidir le láidreachtaí agus dúshláin eispéiris reatha OCG mar aon le moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí OCG a fheabhsú. Soláthraíonn líon na n-aighneachtaí a fuarthas raon leathan peirspictíochtaí maidir le OCG i scoileanna. Tugann an chaibidil seo léargas ginearálta ar an raon seo faoi na téamaí seo a leanas:

- Curaclam agus cur i bhfeidhm
- Acmhainní an tseomra ranga
- Cuir chuige
- Forbairt ghairmiúil
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí

## Curaclam agus cur i bhfeidhm

Cuireann an chuid seo peirspictíochtaí páirtithe leasmhara i láthair maidir le ceisteanna a bhaineann le hábhar curaclaim, an t-am a theastaíonn chun OCG a mhúineadh go héifeachtach, agus imlonnú

múinteoirí. Cuireann sé tuairimí in iúl freisin ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag éiteas scoile ar chur i bhfeidhm an churaclaim.

I measc na bpáirtithe leasmhara, bhí comhaontú leathan ann go bhfuil ról lárnach ag OCG in oideachas an duine óig. Thug go leor daoine a bhí rannpháirteach le fios gur *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta* teideal an churaclaim, rud a chuireann oideachas faoi *chaidrimh* ag croílár an méid a shamhlaítear. Ina theannta sin, dhearbhaigh páirtithe leasmhara éagsúla an tábhacht a bhaineann le OCG a chur ar bun laistigh de chomhthéacs caidrimh shláintiúla a fhorbairt agus d'áitigh siad go bhfuil níos mó i gceist le OCG ná daoine óga a chur ar an eolas faoi ghníomhaíocht ghnéasach. Go minic léiríodh gurb é túsphointe agus cuspóir foriomlán OCG ná cur ar chumas páistí agus daoine óga caidrimh shláintiúla a chruthú agus a chothú, mothúcháin a chur in iúl agus a bhainistiú, scileanna féinfheasachta agus féinrialúcháin a fhorbairt, déileáil leis an brú a bhaineann le bheith ag fás aníos, agus roghanna maithe a dhéanamh. Dá bhrí sin, chuir go leor in iúl nach féidir OCG maith a dheighilt ó OSPS maith.

### Ábhar an Churaclaim

Go stairiúil, bhain roinnt mearbhaill le doiciméid, treoirlínte agus acmhainní curaclaim éagsúla do OSPS agus OCG, agus léirigh go leor páirtithe leasmhara nach bhfuil scoileanna cinnte faoi cé ar chóir dóibh a bheith ag brath orthu agus iad ag pleanáil do OSPS/OCG. Luaigh roinnt acu go raibh curaclam OCG ar leith ann nach bhfuil an-oiriúnach ach atá nasctha leis an gcuraclam OSPS[2] agus nach éascaíonn sé pleanáil OCG i scoileanna. Chuir aighneachtaí scríofa agus díospóireachtaí déthaobhacha i bhfios go láidir gur gá OCG agus OSPS a fheiceáil mar aonán amháin.

Dar le go leor páirtithe leasmhara, ní hé an curaclam féin an tsaincheist lárnach. Cé go bhfuil roinnt nuashonraithe ag teastáil uaidh, creideann go leor daoine go gcuirfeadh curaclam reatha OCG, dá gcuirfí i bhfeidhm go hiomlán é, eispéireas foghlama fiúntach ar fáil do dhaltaí. Mar sin féin, rinneadh plé nach beag ar an difríocht dhealraitheach idir eispéiris OCG agus an easpa cur chuige comhsheasmhach i measc scoileanna. *Tá imní ar Aontas Múinteoirí Éireann (TUI) nach bhfuil OCG ar fáil go cothrom i ngach suíomh scoile* (Aighneacht i scríbhinn ó Aontas Múinteoirí Éireann). Sa chomhthéacs seo, ba mhaith le go leor páirtithe leasmhara go gcuirfí na ceanglais ar scoileanna a bhaineann le OCG (go háirithe iar-bhunscoileanna) i bhfeidhm go hiomlán agus go ndéanfaí monatóireacht orthu.

[2] Maratá leagtha amach in *Interim curriculum and guidelines for RSE, primary and post-primary, 1996*

Cheistigh go leor páirtithe leasmhara úsáid torthaí foghlama atá an-leathan i dtaobh churaclam OCG agus dúirt siad go bhfuil sainiúlacht níos mó níos cabhraí chun treoir a thabhairt maidir leis an méid a chaithfear a mhúineadh in OCG.

> *Is ionann an curaclam agus na hacmhainní agus an méid a mhúintear ...Dá bhrí sin ní mór dúinn a chinntiú go n-ainmnítear na topaicí nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa churaclam.* (Rannchuidiú déthaobhach ó Chlár Oideachais agus ó Chlár Sláinte Ghnéis agus Toirchis Géarchéime Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte)

Nuair a iarradh **ábhar breise** a mholadh a d'fhéadfaí a áireamh in aon churaclam athbhreithnithe OCG ba iad na téamaí seo a leanas is coitianta a moladh.

Don bhunscoil:

- Toiliú (toiliú a thabhairt isteach mar chroíphrionsabal a bhaineann le gach caidreamh idirphearsanta)
- Úsáid shábháilte an ghutháin/an idirlín
- Struchtúir éagsúla teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh LADT
- Grá agus mealladh, lena n-áirítear mealladh comhghnéis
- Féiniúlacht inscne (an chaoi a bhfeiceann duine é/í féin mar fhear/bhean).

Don iar-bhunscoil:

- Toiliú
- Léiriú gnéasach dearfach sláintiúil
- Na héifeachtaí a bhíonn ag an idirlíon agus na meáin shóisialta ar chaidrimh agus ar fhéinmhuinín
- Pornagrafaíocht
- Idirdhealú ó thaobh gnéis agus inscne agus foréigean
- Noirm agus ionchais shóisialta agus chultúrtha mar a bhaineann siad le caidrimh agus gnéasacht
- Cúrsaí LADTA+

Agus béim á leagan ar na moltaí seo bhí comhaontú forleathan ann nach bhfreastalófaí ar riachtanais an scoláire dá dtabharfaí faoi ghnéithe den fhoghlaim ar bhealach a bhí fíorasach nó eolaíoch amháin. Ní mór béim a leagan ar na gnéithe mothúchánacha agus caidrimh de OCG freisin:

> *Ní mór foghlaim shóisialta agus mhothúchánach a aithint mar chroí-inniúlachtaí laistigh den churaclam OCG, le fócas ar leith ar fhéinfheasacht agus idirdhealú a dhéanamh idir caidrimh shláintiúla agus mhíshláintiúla, ó aois chomh hóg agus is féidir.* (Comheagraíocht Neamhrialtasach, aighneacht i scríbhinn lch.1)

Ina theannta sin, luadh nach féidir go leor de na téamaí seo a mhúineadh go héifeachtach mar thopaicí neamhspleácha nó ar bhonn aonuaire. Leag roinnt rannpháirtithe béim ar na rioscaí a bhaineann le cúrsaí LADTA+ a mhúineadh ar bhealach neamh-chomhtháite go háirithe. Ní bhíonn deis ag a leithéid de chur chuige lionsa cuimsitheach a chur i bhfeidhm maidir leis an gcuraclam iomlán a mhúineadh agus tá an baol ann do ndéanfar 'daoine eile’ de lucht LADTA+ agus go gcuirfear iad i láthair mar ghrúpa aonchineálach. Tá gá le cur chuige comhtháite agus caolchúiseach maidir le féiniúlachtaí agus eispéiris LADTAI+ a theagasc.

Mhol go leor páirtithe leasmhara gur chóir go mbeadh an curaclam OCG treoraithe ag dea-chleachtas idirnáisiúnta. Ina theannta sin, moladh go mbeadh an curaclam ailínithe go hiomlán le beartas sláinte rialtas na hÉireann lena n-áirítear *Éire Shláintiúil*: *Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe 2013-2025* agus *An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach 2015-2020.*

### Am

Bhraith go leor daoine go raibh gá le níos mó ama sa seomra ranga chun OCG a mhúineadh go leordhóthanach go háirithe chun aird níos mó a thabhairt ar thopaicí a aibhsíodh san athbhreithniú. Bhí comhaontú láidir ann nach raibh an tríocha nóiméad a leithdháileadh do OSPS gach seachtain i mbunscoileanna leordhóthanach chun dul i ngleic go cuimsitheach leis an gcuraclam OSPS/OCG. Mar an gcéanna, i gcás na hiar-bhunscolaíochta bhí comhaontú ann go raibh an riachtanas íosta de sé cheacht in aghaidh na bliana le haghaidh OCG easnamhach agus neamhchabhrach mar gur minic a bhí scoileanna ag comhlíonadh an riachtanais íosta nó go raibh OCG á dhéanamh i gceardlann aonuaire. Ina theannta sin, léirigh go leor páirtithe leasmhara aiféala nach gá OSPS a sceidealú don tsraith shinsearach agus mheas siad, mar thoradh air sin, nach bhfuil aon spás ar leith ag OCG. Léirigh roinnt díobh go raibh súil acu go mbeadh OCG mar chuid den tsraith shinsearach athbhreithnithe, agus luaigh siad an tábhacht chriticiúil a bhaineann le OCG do dhaoine óga ag an bpointe sin ina saol.

Go minic i gcruinnithe déthaobhacha, pléadh na saincheisteanna agus na dúshláin éagsúla atá os comhair daoine óga, mar shampla úsáid na meán sóisialta, tionchar na pornagrafaíochta, tionchar an phiarbhrú agus na mbrúnna eile ar iompar agus ar fholláine, chomh maith leis na gnáthchora a bhaineann le caidrimh agus a bheith ag fás aníos. D'aibhsigh páirtithe leasmhara go dteastaíonn am le haghaidh plé domhain a dhéanamh agus modheolaíochtaí rannpháirteacha a úsáid maidir leis na topaicí sin. Mar gheall go mbíonn ábhar OCG íogair uaireanta agus mar gheall ar na hoideolaíochtaí rannpháirteacha agus dialógacha a thacaíonn leis, rinne go leor páirtithe leasmhara argóint freisin

maidir le ranganna níos lú. Bhraith cuid de na grúpaí a sholáthraíonn saincheardlanna i scoileanna i ngnéithe de OCG go raibh tionchar suntasach ag méid an ranga ar chlár OCG a sholáthar. D'athdhearbhaigh daoine eile an méid sin agus mhol siad gur chóir *leithdháileadh múinteoirí a mhéadú go sonrach chun clár éifeachtach OCG a chur i bhfeidhm i scoileanna* (Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire, aighneacht i scríbhinn lch5).

### Imlonnú múinteoirí

Ar fud gach cineál comhairliúcháin, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le múinteoirí a imlonnú a bhí oilte agus muiníneach i dteagasc OCG mar an rud is tábhachtaí. Bhí imní ar go leor páirtithe leasmhara go rabhthas ag braith an iomarca ar sholáthróirí seachtracha i mbunscoileanna agus bhí imní orthu chomh maith maidir le múinteoirí a imlonnú chun OCG iar-bhunscoile a mhúineadh nach bhfuil oilte nó nár léirigh gur mhian leo an t-ábhar a mhúineadh. (Féach 'Soláthróirí seachtracha' a leanas le haghaidh plé mionsonraithe air seo). Go minic chuir rannpháirtithe an athbhreithnithe síos ar OSPS mar líontóir amchláir in iar-bhunscoileanna. Thug daoine eile le fios go bhféadfaí múinteoirí a imlonnú chun OSPS a mhúineadh i mbliana ach nach mbeidís ina bhun an bhliain seo chugainn *rud a chruthaíonn eispéiris neamhréireacha agus foghlaim scoilte don scoláire* (Siompóisiam ar rannchuidiú OCG). Chuir na breithnithe seo leis an dearcadh coiteann i measc páirtithe leasmhara go bhfuil stádas íseal ag OSPS agus nach tosaíocht é i mórán scoileanna. Sainaithníodh go bhfuil ról tábhachtach ag ceannaireacht scoile mar sheift thábhachtach chun an curaclam OCG a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Chuir beagnach gach páirtí leasmhar béim ar an ról criticiúil atá ag ceannairí scoile i dtimpeallacht thacúil a chruthú inar féidir OCG a chur i bhfeidhm ar bhealach muiníneach, comhsheasmhach agus cuimsitheach.

> *Tá ról tábhachtach ag príomhoidí maidir le OCG éifeachtach a sholáthar agus tá siad ríthábhachtach i ndul chun cinn OCG.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)
>
> *Is iad na príomhoidí atá i gceannas ar an rochtain ar go leor rudaí a théann ar aghaidh sa seomra ranga; teastaíonn tacaíocht agus treoir uathu chun cleachtais a athrú.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)

### Éiteas agus cur i bhfeidhm an churaclaim

Sula ndéantar machnamh ar na dearcthaí ar éiteas a chuir na páirtithe leasmhara in iúl, is díol suntais é, i measc na ngníomhaireachtaí, na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí éagsúla, go bhfuil comhaontú beagnach d'aon ghuth ann go bhfuil curaclam OCG ag teastáil agus faoina chuspóir. Mar gheall ar an gcomhthuiscint shuntasach atá soiléir i ndearcthaí mar atá leagtha amach ag páirtithe leasmhara éagsúla, d'fhéadfaí a bheith ag súil le leibhéal ard comhaontuithe. Mar sin féin, is le linn bhreithniú ról éiteas na scoile a scarann peirspictíochtaí. Éiríonn an dá dhearcadh an-éagsúil óna chéile, ceann

a fhéachann ar éiteas mar áis chun cabhrú le scoileanna i réimse OCG, agus an pheirspictíocht mhalartach a fhéachann ar éiteas amhail is go bhfuil sé ag cur bac le soláthar cuimsitheach iomlán OCG.

D'aibhsigh na daoine sin a dhéanann ionadaíocht d'iontaobhais scoile sainchreidmheacha agus ar chomhlachtaí bainistíochta an tábhacht a bhaineann le forbairt iomlánaíoch na ndaoine óga agus sa chomhthéacs sin mheas siad gur cuid thábhachtach d'oideachas an pháiste é OCG, agus chuir in iúl nach féidir le héiteas na scoile a bheith ina bhac air sin. Chuir roinnt ionadaithe creideamh-bhunaithe in iúl go bhfuil clár cuimsitheach OCG riachtanach do gach duine óg chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh tríd an saol casta ina maireann siad agus mhaígh siad go gcumasaíonn éiteas na scoile teagasc ar an raon iomlán ábhar agus topaicí i gClár OCG.

> *Tá fonn mór orainn aghaidh a thabhairt ar an miotas go bhfuil scoileanna Caitliceacha ina bhacainn ar OCG maith. TáLe Chéile den tuairim gurb é an chéad dualgas atá ar scoileanna oideachas agus cúram a chur ar fáil do dhaltaí. Caithfidh an scoláire eolas a fháil agus tá sé de cheart aige an t-eolas sin a fháil ionas gur féidir leis cinntí eolasacha a dhéanamh.* (Cruinniú déthaobhach le Le Chéile)
>
> *…(cé) nach mór na creataí eiticiúla agus morálta atá mar bhonn taca leis an méid a mhúintear i ranganna OCG a bheith comhoiriúnach le teagasc na hEaglaise maidir le moráltacht ghnéasach, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil lánchosc ar aon fíorthaithí dhaonna nó nach bpléifidh scoileanna creidimh le haon ghné ar leith den churaclam. A mhalairt iomlán atá fíor.* (Comhchoiste na mBainisteoirí, aighneacht i scríbhinn lch.2)
>
> *Níor chóir aon cheann de na saincheisteanna éagsúla atá liostaithe ag an Aire a sheachaint; ba chóir iad go léir a fhiosrú in OCG ar bhealach oscailte, saibhir ó thaobh luachanna, scoláire-lárnach agus oiriúnach ó thaobh aoise agus céime ag teacht le mianta na dtuismitheoirí.* (An Chomhairle um Chaiticeasmaic, Oideachas (Comhdháil Easpag Éireann) agus Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, aighneacht i scríbhinn lch.13)
>
> *Cuimseoidh OCG mar chuid de churaclam na scoile eolas, díospóireacht agus plé aoisoiriúnach maidir le frithghiniúint, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha, mealladh agus caidrimh chomhghnéis, agus an brí iomlán a bhaineann le toiliú.* (Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha, aighneacht i scríbhinn, lch.6)

Teachtaireacht shoiléir eile ó pheirspictíocht na gcomhlachtaí creideamh-bhunaithe is ea an gá atá le curaclam OCG atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime agus curaclam a fhorbraítear i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí.

Mhol na daoine a raibh imní orthu faoi thionchar éiteas na scoile ar an mbealach a gcuirtear OCG i bhfeidhm go gcuireann roinnt scoileanna creideamh-bhunaithe toirmeasc ar thopaicí áirithe a theagasc agus go bhforleagan siad an curaclam le fís mhorálta nó sraith creideamh ar leith. Léirigh an Lárionad Sláinte Gnéis, Corcaigh, mar shampla, nach raibh roinnt scoileanna ag soláthar eolais ar

fhrithghiniúint mar gheall ar éiteas na scoile. Léirigh an aighneacht ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SGFM) go bhfuiltear ag súil *go soláthróidh an t-athbhreithniú nua freagraí do mhúinteoirí ar an aincheist atá rompu maidir le héiteas na scoile agus na hacmhainní is mian leo a úsáid.* Deir an aighneacht i scríbhinn ó Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)

> *nár chóir d'éiteas na scoile, reiligiúnach nó eile, an tslí ina gcuirtear an clár OCG ar fáil don scoláire a chinneadh. Tá sé de cheart ag an scoláire oideachas caidrimh agus gnéasachta oibiachtúil agus fíorasach a fháil beag beann ar an gcineál scoile a bhfreastalaíonn sé air*. (lch.3)

Mhothaigh páirtithe leasmhara go raibh tionchar éiteas na scoile níos soiléire i mbunscoileanna. Luaigh roinnt rannpháirtithe go raibh éiteas na scoile ina fhachtóir tábhachtach maidir le soláthróirí seachtracha a roghnú agus, go pointe níos lú, luaigh daoine eile teagmhais ina raibh tionchar aige ar roghnú na n-acmhainní a úsáideadh agus ar na hábhair a múineadh. Mheas roinnt páirtithe leasmhara freisin gur dóchúla go mbeadh Boird Bhainistíochta agus tuismitheoirí ag plé le curaclam OCG sa bhunscoil ná san iar-bhunscoil agus tugadh ar aird gur féidir le mionlach tuismitheoirí coimeádacha a labhraíonn amach tionchar míchuí a imirt ar a múintear.

Nuair a rinneadh plé ar fhorbairt agus ar thabhairt isteach curaclaim athbhreithnithe, bhí go leor páirtithe leasmhara den tuairim go bhféadfadh teannas maidir le héiteas na scoile teacht chun cinn dá gcuirfí moltaí praiticiúla maidir le hathrú curaclaim chun cinn. D'aithin siad go háirithe go bhféadfadh teannas eascairt as:

- tuiscintí éagsúla ar cad is brí le héiteas na scoile agus ar an gcaoi ar cheart d'éiteas scoile dul i bhfeidhm ar phleanáil churaclaim agus ar oideolaíocht
- tuiscintí éagsúla ar cad is brí le OCG 'iomlánaíoch'
- peirspictíochtaí difriúla maidir leis an ábhar ba chóir a mhúineadh agus cathain ba chóir é a mhúineadh laistigh den seomra ranga OSPS/OCG.
- an dúshlán atá ann do scoileanna idirghabháil a dhéanamh le tuismitheoirí a bhfuil réimse leathan tuairimí acu ar ról agus ar scóip OSPS/OCG agus an tslí ar cheart go mbeadh tionchar ag éiteas scoile ar OSPS/OCG a sholáthar

Chuaigh roinnt grúpaí i gcomhairle lena chéile mar chuid den athbhreithniú i bhfabhar an leasaithe ar an Acht Oideachais (1998) chun a chinntiú nach féidir le héiteas creidimh scoile cur isteach ar chur i bhfeidhm an churaclaim agus ar cheart gach páiste ar oideachas fíriciúil, criticiúil agus cuimsitheach a fháil i réimse na gcaidreamh agus na gnéasachta. Mhol an *Tuarascáil ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (2019)* de chuid an Chomhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Scileanna mar aon le

roinnt grúpaí ionadaíocha don óige agus do scoláirí, agus eagraíochtaí eile, athruithe ar an Acht Oideachais (1998).

> *Mar atá sé faoi láthair anois, níl aon fhorais ag tuismitheoir dúshlán a thabhairt do scoil faoin Acht um Stádas Comhionann, má sholáthraítear an cúrsa OCG trí éiteas creidimh na scoile.* (Aighneacht Aindiachaithe Éireann, Samhain 2019)

Ar an iomlán, cé go bhfuil éagsúlacht ann maidir leis an tionchar a mheastar a bheith ag éiteas ar thaithí OCG i scoileanna, tá comhdhearcadh leathan ann nár chóir go mbeadh éiteas scoile ina bhac ar an scoláire curaclam cuimsitheach a fháil in OCG agus tá go leor comhthuisceana i measc grúpaí chun tábhacht OCG a chur chun cinn laistigh d'oideachas iomlánaíoch, bunaithe ar thuiscint ar an duine daonna a bheith caidreamhach agus gnéasach.

### Soláthróirí seachtracha

Bhí raon tuairime le feiceáil freisin maidir le ról na soláthróirí seachtracha maidir le tacú le OCG i scoileanna. Cheistigh roinnt páirtithe leasmhara an luach a bhaineann le hionchur gearr aon uaire mar a bhíonn i gceist leis na hidirghabhálacha seo i scoileanna go minic. Labhair go leor páirtithe leasmhara faoi na cúiseanna éagsúla ar úsáid scoileanna soláthróirí seachtracha lena n-áirítear nádúr íogair an ábhair, leibhéal compord na múinteoirí féin i dteagasc OCG agus, i gcásanna áirithe, beartas scoile a áiríonn úsáid a bhaint as tacaíocht sheachtrach.

Bhraith roinnt páirtithe leasmhara gur gá an úsáid shuntasach a bhaintear as soláthróirí seachtracha, go háirithe i rang a cúig agus a sé sa bhunscoil, a athmheasúnú. Léirigh roinnt ionadaithe scoláirí go bhfeictear OCG mar ábhar toirmisc nuair a thugtar ar láimh do sholáthróirí seachtracha agus labhair na scoláirí faoi bheith ag mothú imníoch faoin *gcaint*, iad fágtha le níos mó ceisteanna go minic, iad *ag mothú gur tugadh neamhaird orthu nó go bhfuil siad dofheicthe* (ionchur déthaobhach). Mar sin féin, d'áitigh roinnt aighneachtaí i scríbhinn gur chóir go mbeadh soláthróirí seachtracha rannpháirteach go leanúnach i mbunscoileanna: *tá ciall ag baint le soláthróirí seachtracha a bheith ag déileáil le roinnt gnéithe den chlár i scoileanna mar cuidíonn sé le páistí ceisteanna a chur nach bhféadann siad a iarraidh ar a múinteoir ranga* (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, aighneacht i scríbhinn lch.10).

Cé go measann formhór na bpáirtithe leasmhara go bhfuil an múinteoir ranga foirfe chun OCG a mhúineadh creideann go leor páirtithe leasmhara gur acmhainn luachmhar iad soláthróirí seachtracha agus gur féidir leo an curaclam OCG a threisiú nó a chomhlánú, go háirithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Chomh maith leis sin, áitíodh le linn roinnt díospóireachtaí déthaobhacha go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag soláthróirí seachtracha, mar gheall ar nádúr íogair an ábhair

agus mar gheall go bhfuil an domhan ag éirí níos gasta agus níos casta, agus go dtabharfaidís eolas speisialaithe agus cothrom le dáta do scoileanna. Bhí taithí dhearfach ag ionadaithe de chuid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha (ar nós BelongTo, ShoutOut, an Líonra Éigeandála um Éigniú, Cúnamh do Mhná) agus seirbhísí pobalbhunaithe oideachais sláinte (ar nós Aids West agus Squashy Couch, Sláinte Ógánach Tusla Phort Láirge) agus iad ag obair sna scoileanna. Chuir roinnt soláthróirí seachtracha in iúl go raibh imní orthu gur tugadh cuireadh dóibh an t-aon cheacht OCG a bhí ar fáil do dhaltaí a sholáthar. Dúirt daoine eile go bhfuair siad cuireadh ó scoileanna d'fhonn cur chuige neamhtheagmhálach a chothabháil. Aon áit a raibh comhpháirtíocht idir an scoil agus an soláthróir seachtrach, áfach, measadh go raibh OCG thar a bheith éifeachtúil agus éifeachtach i gceist.

D'aibhsigh cruinnithe le páirtithe leasmhara an saineolas maidir le hoideachas caidrimh agus sláinte gnéasachta atá ar fáil laistigh den earnáil óige agus i seirbhísí áitiúla sláinte do dhéagóirí. Tugadh ar aird gur féidir le scoileanna a gclár OCG a fheabhsú go mór nuair a chruthaíonn siad naisc leis na seirbhísí seo. Fuarthas amach san athbhreithniú freisin gur mheas roinnt eagraíochtaí go raibh sé deacair comhpháirtíochtaí le scoileanna áitiúla a chothabháil mar gheall ar easpa maoinithe nó go raibh a gcuid deontas sonraithe chun críche úsáidí eile seachas obair i scoileanna.

> *Tá saibhreas eolais san earnáil phobail agus dheonach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhreithnigh an tAire go sonrach.* (Seirbhísí Clare Haven, aighneacht i scríbhinn lch. 4)
>
> *Tacaíonn obair i gcomhpháirtíocht le scoileanna leis an gcuraclam OSPS a chomhlánú le fianaise a thugann aitheantas do luach pacáiste idirghabhálacha ag baint úsáide as bearta éagsúla, lena dtugtar teachtaireachtaí comhlántacha.* (Lárionad Sláinte Gnéis Chorcaí, aighneacht i scríbhinn lch.5)

D'ainneoin raon leathan tuairimí maidir le soláthróirí seachtracha OCG, ba é an comhaontú ginearálta go bhfuil ról tábhachtach ag soláthróirí seachtracha i dtacú le scoileanna faoi láthair agus go leanfaidh siad orthu ag déanamh amhlaidh go dtí go gcuirfear ar chumas múinteoirí na scileanna agus an mhuinín a fhorbairt ionas gur féidir leo gach gné den churaclam OCG a mhúineadh.

# Acmhainní

Tá na bunábhair acmhainní a úsáideann formhór na scoileanna chun tacú le teagasc agus foghlaim OCG beagnach 20 bliain d'aois. Tá comhaontú forleathan ann idir páirtithe leasmhara go bhfuil gá anois leis na hacmhainní reatha a nuashonrú agus acmhainní breise a chruthú do shuíomhanna bunscoile agus iar-bhunscoile araon. I measc na moltaí bhí scéalta, físeáin, agus acmhainní

cásbhunaithe cothrom le dáta, a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le comhráite agus rannpháirtíocht le páistí agus le daoine óga. Moladh go minic go bhféadfaí na hacmhainní sin a choimeád ar spás ar líne.

> *Ní mór acmhainní OCG agus acmhainní eile a nuashonrú agus a chur i láthair i stíl nua-aimseartha, atá níos éasca le húsáid.* Líonra OSPS, aighneacht i scríbhinn lch.6)

> *Mholfaimis ardán forlíontach a mbeadh rochtain shrianta air ar líne le sraith acmhainní.* (Dámh na Míochaine Sláinte Poiblí, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, aighneacht i scríbhinn lch.4)

Aibhsíodh i roinnt díospóireachtaí déthaobhacha an méid acmhainní atá ar fáil ag leibhéal na hiar-bhunscoile nach mbíonn múinteoirí ar an eolas fúthu i gcónaí. Tugadh faoi deara freisin go n-úsáidtear go leor acmhainní den scoth i suíomhanna neamhfhoirmiúla oideachais óige a d'fhéadfadh a bheith chomh luachmhar agus úsáideach céanna in OCGscoilbhunaithe. Léirigh na cruinnithe déthaobhacha freisin an tábhacht a bhaineann le foghlaim OCG a shocrú leis na scoláirí féin agus a gcuid tuairimí a lorg maidir leis na hacmhainní agus modheolaíochtaí is fearr a oibríonn.

Ina theannta sin, moladh go gcuirfí acmhainní ar fáil do thuismitheoirí chun tacú leo dul i mbun OCG lena bpáistí. D'fhéadfadh na hacmhainní seo cur le curaclam na scoile agus cur ar chumas tuismitheoirí agus scoileanna oibriú i gcomhpháirtíocht.

# Cuir chuige

Mhaígh líon beag de na haighneachtaí gur cheart go gcuirfeadh OCG béim ar chur chuige an staonta i scoileanna na hÉireann, ach mhol formhór na bpáirtithe leasmhara cur chuige cuimsitheach agus / nó iomlánaíoch chun freastail ar riachtanais daoine óga sa lá atá inniu ann. Tá sé tábhachtach aird a thabhairt air gur úsáideadh na téarmaí sin go hidirmhalartaithe uaireanta agus go raibh tuiscint éagsúil ag páirtithe leasmhara éagsúla orthu. Chomh maith leis sin, cé gur mhol go leor páirtithe leasmhara cur chuige níos cuimsithí nó iomlánaíoch, thug a lán daoine le fios go bhfuil an cleachtas reatha ag druidim i dtreo an staonta, le fócas láidir ar na rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach. Ní raibh siad cinnte go mbeadh scoileanna agus tuismitheoirí in ann glacadh le scoileanna a úsáideann cur chuige níos iomlánaíche i leith OCG.

> *Éascaíonn Oideachas Cuimsitheach Gnéasachta eolas, meonta agus scileanna atá cruinn agus aois-oiriúnach a fhorbairt. Cuireann sé luachanna dearfacha chun cinn, lena n-áirítear meas ar chearta an duine, comhionannas inscne agus éagsúlacht. Cuireann sé dearcadh agus scileanna ar fáil a chuireann le caidrimh shábháilte, shláintiúla agus dhearfacha.* (Cumann Pleanála Clainne na hÉireann, aighneacht i scríbhinn lch. 1)

> *Tógfaidh sé tamall aistriú chuig cur chuige iomlánaíoch i leith OCG; teastaíonn cur chuige céimnithe uainn.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)

Is cuma faoin ainm a thugann páirtithe leasmhara ar an gcur chuige ba chóir a ghlacadh, bhí comhaontú láidir ann gur chóir go mbeadh an cur chuige:

- Scoláire-lárnach
- Iomlánaíoch
- Ionchuimsitheach
- Oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de
- Ar bhonn scoil uile

Déantar cur síos mionsonraithe orthu sin thíos.

### Foghlaim scoláire-lárnach

Bhí comhaontú leathan i measc páirtithe leasmhara go bhfuil sé de cheart ag gach páiste agus duine óg taithí ardchaighdeáin a fháil ar OSPS/OCG atá sofhreagrach agus ábhartha dá saol. Chun é seo a bhaint amach, ní mór cur ar chumas daoine óga a gcuid riachtanas foghlama féin a aithint agus tionchar a imirt ar roghnú na gceisteanna agus na dtopaicí a phléitear in OCG. Roinn roinnt soláthróirí seachtracha samplaí den chaoi a n-oibríonn siad le scoláirí chun an fhoghlaim a chomhchruthú. Ina theannta sin, moladh, ní hamháin gur cheart go mbeadh daoine óga in ann tionchar a imirt ar a gcuid foghlama ó lá go lá in OCG ach gur cheart go mbeadh tionchar acu freisin ar an gcuraclam féin.

> *Is ceart daonna é rannpháirtíocht bhríomhar daoine óga in athbhreithniú, athmheas agus athdhearadh an churaclaim agus tá sé ríthábhachtach chun ábharthacht agus rath an churaclaim a chinntiú.* (Seirbhísí Amnesty International Ireland, aighneacht i scríbhinn lch. 6)

Tugadh le fios go n-éilíonn foghlaimscoláire-lárnach oideolaíocht a chuireann ar chumas na scoláirí iompar, dearcthaí agus luachanna a scrúdú agus páirt a ghlacadh go hoscailte i bplé sa seomra ranga gan breithiúnas. Mhol go leor páirtithe leasmhara ag plé comhchéime go gciallaíonn sé sin ...*éascú seachas teagasc… foirmeacha traidisiúnta teagaisc a bhriseadh… múinteoirí ag déileáil lena n-aineolas.* Aibhsíodh an ról atá ag féiniúlacht agus féinfheasacht an mhúinteora go minic i gcruinnithe déthaobhacha chomh maith leis na meonta a chaithfidh múinteoir a thabhairt chuig an seomra ranga OCG.

> *Ní mór dúinn teagasc a dhéanamh ar bhealach nach bhfuil breithiúnach agus meas a bheith againn ar scoláirí amhail is go bhfuil rud éigin le tabhairt acu… guth a thabhairt do scoláirí agus féachaint le spás an tseomra ranga a dhéanamh níos fabhraí don phlé.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)

## Iomlánaíoch

Cé go raibh bealaí éagsúla ann chun cur síos a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann le cur chuige iomlánaíche, fuarthas arís is arís eile go raibh gá le cur chuige níos iomlánaíoch. Dá réir sin, breathnaítear ar OCG mar phróiseas feadh an tsaoil *idir an luath-óige agus an iar-bhunscoil agus ní mór féachaint air mar chontanam* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG). Chun a bheith fíor-iomlánaíoch mhol roinnt díospóireachtaí déthaobhacha gur gá ról OCG sa luath-óige a scrúdú freisin.

Ina theannta sin, cothromaíonn agus nascann cur chuige iomlánaíoch OCG na gnéithe caidrimh agus gnéasachta agus, i dtaca leis sin, threisigh na páirtithe leasmhara go láidir leis na scoláirí a dúirt go raibh sé tábhachtach foghlaim faoin dá rud. Mhol roinnt páirtithe leasmhara gur gá athrú ón gcur chuige bunaithe ar thopaic ina dhéantar saincheisteanna a mhúineadh ar bhealach deighilte (m.sh. ceachtanna maidir le toiliú, féiniúlacht inscne, srl). chun cur chuige iomlánaíoch a úsáid. Ina ionad sin, feictear dóibh go gcuirfeadh cur chuige iomlánaíoch ar chumas na scoláirí naisc a dhéanamh ar fud topaicí agus topaicí a fhiosrú ó réimse peirspictíochtaí - bitheolaíoch, mothúchánach, cultúrtha, agus sóisialta. Ar deireadh, d'aontaigh na páirtithe leasmhara go gclúdaíonn cur chuige iomlánaíoch an raon iomlán topaicí atá tábhachtach do pháistí agus do dhaoine óga ag gach céim dá bhforbairt agus go bhfuil sé dearfach ó thaobh cur chuige de.

> *Ba chóir na fíricí a bhaineann le sásamh agus áthas, chomh maith leis na freagrachtaí, contúirtí agus deacrachtaí caidrimh agus gnéasachta a chur i láthair agus a phlé chun foghlaim éifeachtach agus chothrom sa réimse seo a chinntiú.* (Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iar-Bhunscolaíochta, aighneacht i scríbhinn lch 1)

## Ionchuimsitheach

Luaigh go leor páirtithe leasmhara go ndeimhníonn OCG rathúil féiniúlacht na bhfoghlaimeoirí go léir agus mhol siad gur chóir go mbeadh cuimsiú ag croílár aon chur chuige. Mhaígh go leor daoine nach gcuimsíonn OCG reatha gach scoláire, ag tagairt go sonrach do scoláirí LADTA+ agus do scoláirí le RSO i ndáil leis sin. Thagair go leor páirtithe leasmhara don chur chuige heitreanormatach i leith OCG a theagasc atá soiléir sa churaclam agus sna hacmhainní teagaisc. Léirigh grúpaí ionadaíocha scoláirí imní faoi leith faoin dtost a bhíonn ann uaireanta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna maidir le saincheisteanna LADTA+ agus labhair siad faoin tionchar atá aige seo ar a bpiaraí LADTA+. I gcomhthéacs na bunscoile, mhol go leor daoine go ndéanfaí ionadaíocht do gach páiste agus a dteaghlaigh sa churaclam. Leagadh béim air go gcuirfeadh sé as don bealach leathan cuimsitheach a bhféadfaí dul i ngleic leis an topaic trí OSPS dá gcuirfí saincheisteanna LADTA+ díreach laistigh de OCG ag an mbunleibhéal.

Moladh sa bhunscoil go bhféadfaí an Curaclam OSPS a úsáid chun teaghlaigh éagsúla a iniúchadh sa snáithaonad 'Mé féin agus mo theaghlach' agus go bhféadfaí féiniúlacht agus léiriú inscne a chur i láthair tríd an tsnáithaonaid a bhaineann le féiniúlacht. Is féidir le cur chuige den sórt sin tacú le clár OCG scoile agus é a fheabhsú, go háirithe in ardranganna bunscoile. Aibhsíodh go bhfuil cuid de na cuir chuige a úsáideann scoileanna chun cuimsiú a chothú maidir le saincheisteanna LADTA+ ach seachtainí mar *Stand Up* (feachtas feasachta frithbhulaíochta homafóbach agus trasfóbach a bhí á reáchtáil ag BeLonG To) ina dtionscnaimh dhearfacha ach go bhfuil cuir chuige eile ag teastáil leis. Dúirt roinnt ionadaithe de chuid na scoláirí gur minic a phléitear ceisteanna LADTA+ ar scoil *mar dhíospóireachtaí 'ar son' agus 'in aghaidh'*. Ina theannta sin, dúirt siad nár chóir féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh a phlé sa rang agus *nach féidir díospóireacht a dhéanamh faoi fhéiniúlacht duine.* Rinne daoine eile tagairt don straitéis Óige LADTA+ a mholann go sonrach go bhforbródh scoileanna (lena n-áirítear bunscoileanna) polasaí scoile uile chun a chinntiú go gcuimsítear saol LADTA+ sa churaclam teagaisc.

> *… bíonn náire, teachtaireachtaí measctha agus go ró-mhinic, tost timpeall ar na réimsí inscne, gnéasachta agus caidrimh i go leor seomraí ranga ar fud na hÉireann.* (BeLong To, aighneacht i scríbhinn lch. 1)
>
> *Ní mór an teagasc maidir le féiniúlacht inscne a chur ar fud chlár OCG seachas a bheith comhdhlúite i bplean ceachta nó dhó gan labhairt faoi ina dhiaidh sin riamh arís.* (Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne, aighneacht i scríbhinn lch. 4)
>
> *Ní mór do phaistí a bhfuil i gceist le caidrimh shláintiúla LADTAI+ a fheiceáil chomh maith le caidrimh heitrighnéasacha.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)

Réimse eile imní a aibhsíodh tríd an athbhreithniú ná soláthar OCG do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. D'aibhsigh díospóireachtaí déthaobhacha nach dtugtar aitheantas go minic d'fhéiniúlachtaí pearsanta agus gnéis daoine óga a bhfuil RSO acu. Tarraingíodh aird ar an tionchar atá ag droch-OCG ar dhaoine óga leochaileacha agus ar dhaoine fásta a bhfuil RSO acu sa phlé a rinneadh le Seirbhísí Aosaigh sa réimse, agus le grúpaí abhcóideachta ar nós Cuimsiú Éireann agus As I Am.

Aibhsíodh le linn roinnt díospóireachtaí déthaobhacha oideachais speisialta an cleachtas go ndéantar páistí le RSO a tharraingt as ranganna OSPS le haghaidh uaireanta acmhainne a dhéanamh suas. Leagadh béim le linn díospóireachtaí déthaobhacha ar an dóigh nach mbreathnaítear OCG go minic ach ó thaobh na sábháilteachta de nuair a bhíonn páistí le riachtanais speisialta oideachais i gceist. Léirigh páirtithe leasmhara áfach go bhfuil féiniúlachtaí gnéis ag páistí a bhfuil RSO acu nach mór a urramú freisin. Moladh go gcaithfeadh scoileanna machnamh a dhéanamh ar na timpeallachtaí is

fearr le haghaidh foghlama do pháistí le RSO, bíodh siad lena bpiaraí sa rang nó i ngrúpaí níos lú. Tugadh faoi deara gur chóir do scoileanna na riachtanais OCG a aithint i gcomhairle le tuismitheoirí.

> *Ba cheart samhail dhifreáilte mhúinteoireachta agus rannpháirtíochta a úsáid leis an réimse ábhair chriticiúil seo a chur ar fáil do scoláirí ag a bhfuil RSO nó Béarla easnamhach nó iad siúd atá ag deireadh an scála aibíochta.* (Comhchoiste na mBainisteoirí, aighneacht i scríbhinn lch.3)

### Oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de

Bhí comhdhearcadh láidir ann go gcaithfidh OCG a bheith oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de agus a bheith freagrach do riachtanais an pháiste agus an duine óig agus iad ag fás. Luadh go minic go raibh claonadh ag daoine fásta glacadh leis go bhfuil páistí soineanta agus nach bhfuil a fhios ag daoine fásta uaireanta faoi shaol daoine óga. I gcruinniú comhchéime amháin dúradh, *ná teorannaigh foghlaim do pháistí mar gheall gur teorannaíodh d'fhoghlaim féin, tá siad ag fás aníos i ré dhifriúil.*

Ar an mbonn céanna, bhí roinnt páirtithe leasmhara feasach ar na scileanna a theastaíonn ó mhúinteoirí chun an méid atá oiriúnach nó mí-oiriúnach a aithint agus chun idirdhealú a dhéanamh idir an fhoghlaim agus na gnéithe íogaire de OCG i rang de 30 páiste atá comhdhéanta de chéimeanna éagsúla forbartha.

> *Is mór ag príomhoidí roinnt solúbthachta maidir leis an gclár a sholáthar a ligeann dóibh é a chur in oiriúint ó thaobh aoise agus aibíochta an scoláire. Níl cur chuige uilechoiteann inmhianaithe ná praiticiúil.* (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, aighneachtaí i scríbhinn lch. 10)
>
> Caithfidh OCG a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de agus caithfidh sé na leibhéil éagsúla aibíochta a thiocfaidh chun cinn sa seomra ranga céanna a chur san áireamh. (The Iona Institute, aighneacht i scríbhinn lch. 2)

### Cur chuige scoile uile

Tarraingíodh aird ar thábhacht cur chuige scoile uile i leith OCG i rith an athbhreithnithe. Dhearbhaigh go leor díospóireachtaí déthaobhacha an tábhacht a bhaineann le cur chuige scoile uile ina gcothaítear cultúr comhfhreagrachta chun tacú le OCG laistigh den seomra ranga agus ar na pasáistí. Mar sin féin, rinne páirtithe leasmhara é seo a chothromú nuair a d'éiligh siad ar scoileanna croí-fhoireann múinteoirí a bhunú a mbeadh saineolas acu agus a thacóidh le cur chuige scoile uile.

Léirigh roinnt samplaí ó obair neamhfhoirmiúil na hearnála óige conas a d'fhéadfaí cur chuige comhoibritheach agus traschuraclaim a chur isteach in aon cur chuige a ghlacfaí. Sna samplaí seo dúradh go bhfuil OCG níos éifeachtaí nuair a dhéantar é a normalú agus a chomhtháthú i ngnáthchomhrá sa seomra ranga mar gheall go dtagann *deiseanna inmhúinte* chun cinn laistigh den OSPS agus ar bhealach traschuraclaim.

# Forbairt ghairmiúil

Aithníodh forbairt ghairmiúil mar an bhfachtóir ba thábhachtaí maidir le muinín agus scileanna múinteoirí a fhorbairt d'fhonn caighdeán OCG a fheabhsú i scoileanna. Go deimhin, luadh go minic go mbraitheann cur i bhfeidhm rathúil ar *infheistíocht in FGL éifeachtach do mhúinteoirí* (Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, aighneacht i scríbhinn lch.14). D'aontaigh na páirtithe leasmhara go léir go raibh díocas i measc múinteoirí d'fhorbairt ghairmiúil sa réimse seo. Ba chúis shásaimh do SGFM é go raibh clúdach ionadaíoch curtha ar fáil do chúrsaí in 2018 agus 2019 agus dúirt sé gur chuir sé le líon mór daoine ag roghnú cúrsaí agus go raibh an t-éileamh ar chúrsaí i bhfad níos mó ná na háiteanna a bhí ar fáil. Bhí comhdhearcadh ar fud na bpáirtithe leasmhara go bhfuil gá le contanam forbartha gairmiúla a chuimsíonn oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil ionghairme.

Luaigh páirtithe leasmhara go minic nach bhfuil aon cháilíocht ghairmiúil in OSPS/OCG (ar aon dul le hábhair eile) ar fáil sna hollscoileanna agus sna coláistí oideachais[3] agus dá bhrí sin go bhfuil múinteoirí a mhúineann OCG i scoileanna ag tosú taobh thiar. D'aibhsigh na daoine sin a bhfuil baint acu le hoiliúint OSPS agus OCG an dúshlán a bhaineann leis an easpa eolais agus scileanna sin a dhéanamh suas in dhá lá oiliúna. Dúirt duine amháin gur mhothaigh sé cosúil le *huisce a dhoirteadh isteach i mbuicéad a bhfuil poll ann*. Tugadh faoi deara freisin go raibh an tseirbhís tacaíochta do OSPS/OCG difriúil ó sheirbhísí tacaíochta d'ábhair eile agus dúradh *níl FGL á dhéanamh againn. Is oiliúint tosaigh múinteoirí atá á dhéanamh againn.*

Cuireann nádúr tosaigh an chuid is mó de FGL i réimse OSPS agus OCG leis an gclaonadh go ndíreodh cúrsaí ar eolas a thabhairt faoin gcuraclam agus ar acmhainní teagaisc a sholáthar. Tugadh faoi deara go bhfuil cur chuige bunaithe ar thopaicí agus acmhainní i leith FGL i réim a dhíríonn ar 'cad' atá á theagasc seachas 'cén tslí' le OCG a theagasc. Aithníodh go bhfuil sé seo deacair é sin a sheachaint nuair a bhíonn muinín íseal ag múinteoirí agus dá bhrí sin go bhfuiltear ag brath go mór ar acmhainní agus ar éileamh acmhainní. Ba mhaith leis na daoine a bhíonn ag tacú le múinteoirí go mbeidís in ann an taithí maidir le FGL in OCG a shíneadh chun cur ar chumas múinteoirí na scileanna, na dearcthaí agus na meonta atá riachtanach chun OCG a éascú go sciliúil a fhorbairt. Tá easpa ama le haghaidh FGL agus an ráta ard athruithe i measc múinteoirí a bhíonn ag gabháil do theagasc an ábhair in iar-bhunscoileanna i measc na bhfachtóirí a mhaolaíonn ina aghaidh sin. Tugadh faoi deara freisin go

[3] Fuair an t-athbhreithniú neamhréireacht shuntasach i measc na gcoláistí maidir le soláthar ama d'oiliúint OSPS agus OCG do mhúinteoirí bunscoile faoi oiliúint agus ní thugann ach líon beag coláistí rogha do mhic léinn a bhíonn ag ullmhú do theagasc iar-bhunscoile modúil ghearra roghnacha in OSPS a dhéanamh. Ní chuireann aon choláiste oiliúint ar fáil atá ar aon dul le hábhair churaclaim eile.

mbeadh gá le taithí forbartha gairmiúla feabhsaithe chun na cineálacha FGL a d'aithin múinteoirí agus príomhoidí scoile a sholáthar. Maidir leis seo, mhol roinnt cruinnithe déthaobhacha gur chóir cuimhneamh ar chur chuige idirghníomhaireachta chun FGL a sholáthar do mhúinteoirí OSPS/OCG i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon. Aibhsíodh chomh maith gur gá go gcuimseodh an tacaíocht a thugtar do scoileanna FGL uile-scoile toisc go bhfuil seisiúin foirne uile cabhrach chun fís agus cur chuige comhroinnte a chruthú.

Faoi dheireadh, bhí cuid mhór páirtithe leasmhara míshásta le nádúr roghnach an FGL do mhúinteoirí atá ag teagasc OSPS/OCG faoi láthair agus d'áitigh siad gur cheart go mbeadh FGL éigeantach. De bhreis air sin, bhí comhaontú láidir ann i measc páirtithe leasmhara i dtaca leis an ngá atá le conairí creidiúnaithe gairmiúla a chuimsiú in oiliúint tosaigh múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

> *Níl aon leithscéal don easpa oiliúna éigeantaí múinteora le haghaidh OCG nuair a bhíonn ar mhúinteoir céim a bhaint amach chun ábhar eile a theagasc.* (Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann, aighneacht scríofa lch 4)
>
> *Céim thábhachtach is ea speisialtóireacht i réimse an OSPS.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)
>
> *Ní mór níos mó ná cúrsaí aon nó dhá-lá a dhéanamh sula mbeidh tú i do mhúinteoir OSPS.* (Siompóisiam ar rannchuidithe OCG)

# Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Mheas gach aon pháirtí leasmhar rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhforbairt polasaí OCG scoile agus sa chumarsáid leantach i dtaca lena chur i bhfeidhm a bheith tábhachtach. Bhí páirtithe leasmhara den tuairim gurb iondúil nach mbíonn tuismitheoirí feasach ar na polasaithe ná cláir OCG a bhíonn ag scoileanna agus thug siad le fios freisin go mbíonn sé de chlaonadh ag scoileanna tabhairt faoin gcumarsáid le tuismitheoirí i dtaca le OCG, de ghnáth, *díreach roimh ionchur* agus trí chumarsáid i scríbhinn. Aontaíodh a luachmhaire a bhí cruinnithe duine le duine le grúpaí de thuismitheoirí nó tuismitheoirí aonair, de réir mar is gá. Tugann sé seo deis, ní hamháin chun eolas a roinnt faoin méid atá á theagasc ach, chomh maith leis sin, chun feasacht a chothú ar luach OCG agus mar a chosnaíonn OCG a gcuid páistí. Dúirt roinnt páirtithe leasmhara gurbh é an taithí a bhí acu féin ná nuair a thuigeann tuismitheoirí an clár gur lú seans go n-iarrfaidís go dtarraingeofaí a bpáiste amach as an rang. Sa chás go n-iarrann tuismitheoirí aistarraingt an pháiste, cuireadh béim air i roinnt aighneachtaí scríofa gur gá do scoileanna a leithéid seo d'aistarraingt a láimhseáil go híogair.

Ar an iomlán, bhí comhaontú ann go bhfuil níos mó eolais de dhíth ar thuismitheoirí faoi chur chuige na scoile le gur féidir an cur chuige iontaoibhe agus comhpháirtíochta is inmhianaithe a fhorbairt.

Tugadh le fios go bhféadfadh sé go mbeadh ceachtanna le foghlaim ag scoileanna ó eispéiris na hearnála óige neamhfhoirmeálta mar go mbíonn oideachasóirí i suíomhanna grúpa óige i gcónaí ag iarraidh a chinntiú go mbíonn tuismitheoirí feasach ar na cláir OCG a mbíonn baint ag a bpáistí leo. Is é an dearcadh a bhí ag ionadaithe a oibríonn san earnáil seo *nach mbainfidh tú aon rud amach mura dtéann tú i gcion ar na tuismitheoirí ar dtús* (Siompóisiam ar OCG). Tugadh le fios i roinnt aighneachtaí go bhféadfadh sé, trí churaclam leasaithe nó nuashonraithe a fhorbairt, go dtiocfadh deis chun cinn rannpháirtíocht tuismitheoirí a threisiú.

> *Tá deis ann rannpháirtíocht tuismitheoirí a threisiú a thuilleadh, go háirithe i gcás páistí ar deacair dul i bhfeidhm orthu agus pobail scoile ina bhféadfadh srianta a bheith ag baint le teagasc OCG.* (Dámh na Míochaine Sláinte Poiblí, Coláiste Ríoga na Lianna, aighneacht scríofa lch 4)

Ar a bharr sin, aibhsíodh i roinnt mhaith aighneachtaí scríofa an gá atá le tacaíocht níos suntasaí do thuismitheoirí ó thaobh acmhainní agus eolais de chun cabhrú leo a ról féin a ghlacadh sa ghné thábhachtach seo d'oideachas a bpáistí.

# Achoimre

D'aontaigh páirtithe leasmhara gur cuid ríthábhachtach den churaclam é OCG ag leibhéal na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta agus shainaithin roinnt dúshlán i dtaca leis an gcuraclam reatha agus lena chur i bhfeidhm. Agus iad ag teacht leis na guthanna scoile éagsúla a tuairiscíodh i gcaibidlí roimhe seo sa tuarascáil seo, shainaithin siad forbairt ghairmiúil múinteoirí mar eochairchumasóir i dtaca le OCG feabhsaithe. D'aibhsigh páirtithe leasmhara bearnaí sa soláthar reatha réamhsheirbhíse agus inseirbhíse agus mhol contanam d'fhorbairt ghairmiúil le haghaidh OCG a chuimseodh oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ionghairme.

Ba mhinic a luadh an gá atá le héascú oilte OCG agus, sa chomhthéacs sin, measadh ról na soláthróirí seachtracha a bheith ina rud dearfach go maith. Bhraith roinnt páirtithe leasmhara go rabhthas róspleách ar sholáthróirí seachtracha, go háirithe ag leibhéal na bunscolaíochta; san iar-bhunscolaíocht, is iondúil gur glacadh leis go raibh sé d'acmhainn ag comhpháirtíochtaí idir soláthróirí seachtracha agus scoileanna clár OCG na scoile a fheabhsú.

Agus iad feasach ar raon agus doimhne an tsaineolais atá ann i réimse OCG, ba mhaith le páirtithe leasmhara freisin go mbunófaí níos mó comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí idir na gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRnna) éagsúla, d'fhonn

comhoibriú a éascú i dtaca le forbairt FGL agus acmhainní nuashonraithe (lena n-áirítear spás ar líne a choimeád).

Tháinig brú ama agus curaclam ró-ualaithe aníos freisin sna comhráití le páirtithe leasmhara faoi OCG. Ina ainneoin seo, bhíothas ar aon intinn, den chuid is mó, gur gá topaicí breise a theagasc mar chuid de OCG an lae inniu chun dul i ngleic le dúshláin chomhaimseartha i saol daoine óga. Bhí go leor tacaíochta ann don smaoineamh go ndéanfaí croí-thopaicí in OCG a shonrú go soiléir agus a leagan síos ina n-ábhair foghlama riachtanacha.

Luadh éiteas ina fhadhb fhéideartha i dtaca le curaclam cuimsitheach OCG a theagasc, cé nach raibh gach duine ar aon intinn faoi sin. D’áitigh roinnt daoine go n-éascaíonn éiteas scoile curaclam cuimsitheach cé gur bhreathnaigh daoine eile ar éiteas scoile mar rud a chuireann bac ar roinnt topaicí a theagasc nó a chuireann topaicí i láthair trí lionsa áirithe.

Aontaíodh go forleathan gur fearr glacadh le cur chuige iomlánaíoch cuimsitheach agus cur chuige atá oiriúnach d’aois agus do leibhéal forbartha i leith OCG. De bhreis air sin, feictear air mar fhiontar uile-scoile ina mbíonn an fhoghlaim scoláire-láraithe.

# 7. Comhairle i dtaca le treonna todhchaí

Tá caidrimh agus gnéasacht ina ngné lárnach de shaol an chine dhaonna agus, ag an am céanna, ar na gnéithe is dúshlánaí a bhaineann le saol sona a bheith ag duine. Is eispéireas casta dúshlánach é don uile dhuine tuiscint a chur ar na gnéithe seo den saol agus iad a ionramháil. Tá sé intuigthe, dá réir sin, go bhfuil sé thar a bheith dúshlánach oideachas a chur ar pháistí agus daoine óga sna réimsí seo; tá sé ar cheann de na tascanna is dúshlánaí san oideachas, d’fhéadfaí a rá. Tá dúshláin ar leith ag baint leis an tasc seo i sochaithe agus córais scoile atá ag athrú, pé acu dá ndeoin féin nó de bharr riachtanais, ó am nuair a chuir luachanna reiligiúnacha creatlach treorach ar fáil go dtí tírdhreach athraithe ina mbíonn luachanna agus iompair éagsúla le sonrú agus ina mbíonn teacht ag daoine ar ábhair ar bith, nach mór, ar an idirlíon, beag beann ar aois nó céim forbartha.

Nuair a bhíonn luachanna pearsanta agus sochaí i gceist, ní haon ionadh é gur topaic chonspóideach é OCG. Rinneadh ceisteanna i dtaca lenar cheart a theagasc agus cá huair, an duine is oiriúnaí lena theagasc agus an cur chuige is éifeachtaí lena aghaidh a phlé go díocasach ar feadh an athbhreithnithe agus tá raon na bpeirspictíochtaí agus na ndearcthaí a cuireadh chun tosaigh soiléir sa tuairisc seo. Tá comhaontú láidir le sonrú san athbhreithniú freisin, áfach, i dtaca le roinnt ceisteanna. Ar an gcéad dul síos, tá comhdhearcadh soiléir ann gur cuid thábhachtach d’oideachas páistí agus daoine óga é Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta scoilbhunaithe agus go bhfuil sé de fhreagracht ar scoileanna, i gcomhpháirt le tuismitheoirí, é seo a ghlacadh go dáiríre. Ina theannta sin, chonacthas cóineasú smaointe san athbhreithniú i dtaca leis an ngá atá le feabhsúchán maidir leis na coinníollacha a theastaíonn chun tacú le OCG éifeachtach i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Ar a bharr sin, bhí go leor comhaontaithe ann i dtaca leis na dúshláin atá ann agus leis an gcaoi ar gá dul i ngleic leo.

Is léiriú é raon agus scála na rannpháirtíochta sa phróiseas comhairliúcháin ar an leibhéal spéise agus airde atá ag daoine ar an ngné seo d’oideachas páistí. Bunaithe ar eolas a fuarthas ón iliomad guthanna ar éisteadh leo agus aighneachtaí a fuarthas i gcaitheamh an athbhreithnithe, leagtar amach sa chaibidil seo comhairle CNCM i dtaca leis na heochairdhúshláin ar gá tabhairt fúthu d’fhonn teagasc agus foghlaim OCG i scoileanna na hÉireann a fheabhsú. Tá an chomhairle leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- An cur chuige i leith OCG
- An curaclam

- Na coinníollacha cearta a chruthú le haghaidh OCG éifeachtach
- Gnéithe eile ar gá machnamh a dhéanamh orthu.

# Cur chuige

Tá an cur chuige i leith an tsoláthair do OCG atá leagtha amach anseo bunaithe ar chearta agus riachtanais páistí agus daoine óga mar atá leagtha amach san iomad conarthaí agus ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine ina bhfuil tagairt don cheart chun oideachais agus don chaighdeán is airde sláinte. Áirítear orthu sin *Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine; Coinbhinsiún NA um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha; Coinbhinsiún NA um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas;* agus *Coinbhinsiún NA maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú.*

Is ionann na comhaontuithe bunúsacha seo agus an bhunsraith faoi oideachas gnéasachta cuimsitheach i ngach tír a thugann uirthi féin seasamh leis na cearta seo. Le linn an athbhreithnithe dheireanaigh a rinne sé faoi *Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* in 2016, mhol an Coiste um Chearta an Linbh d'Éirinn an méid seo a leanas:

> *Glacadh le polasaí cuimsitheach sláinte atáirgthe d'ógánaigh agus a chinntiú go bhfuil oideachas sláinte atáirgthe agus gnéasaí mar chuid den churaclam éigeantach scoile atá dírithe ar chailíní agus buachaillí ógánta.*[4]

Athdhearbhaíodh é seo in 2018 i moltaí ón *gCoiste maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú*, nuair a iarradh ar Éirinn:

> *Oideachas éigeantach caighdeánaithe aois-oiriúnaithe ar shláinte agus cearta gnéasacha a chomhtháthú sna curaclaim scoile, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasach do chailíní agus buachaillí ógánta a chuimsíonn iompair fhreagracha ghnéasacha agus atá dírithe ar thoircheas luath a chosc; agus a chinntiú go mbíonn sé oibiachtúil ó thaobh na heolaíochta de agus go ndéantar monatóireacht agus meastóireacht ghrinn ar a sholáthar sna scoileanna.* [5]

Tugann an fhianaise ón athbhreithniú seo le tuiscint go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann sa soláthar OCG ó scoil go scoil i dtaca leis na nithe a theagasctar, an chaoi a dteagasctar iad, an duine a dhéanann an teagasc agus an t-am a chuirtear ar fáil lena aghaidh. I gcás thromlach na scoláirí, is féidir a n-eispéireas de OCG a choimriú leis an ráiteas *nach raibh go leor ar fáil, gur tháinig sé rómhall, agus é ró-bhitheolaíoch.* De bhreis air sin, pléann an cur chuige ceannasach go heisiach, nach mór, leis na rioscaí agus na contúirtí a bhaineann le caidrimh agus gnéasacht agus gan aon deiseanna ann

---

[4] Coiste um Chearta an Linbh (2016), Concluding Observations on the combined third and fourth period of Ireland, CRC/C/IRL/CO/3-4, para 58(c)

[5] Coiste ar gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (2017), Concluding Observation on the combined sixth and seventh periodic reports of Ireland, CEDAW/C/IRL/CO/6-7, para 38(c), lch. 10

le haghaidh plé leorga ar na gnéithe dearfacha, sláintiúla taitneamhacha de chaidrimh, mar aon leis na dúshláin. D'aontaigh bunús na ndaoine go bhfuil sé inmhianaithe go mbogfaí i dtreo cur chuige níos iomlánaíche agus níos dearfaí. Ina theannta sin, tá comhaontú ann gur ceart an OCG a bheith oiriúnach don chéim forbartha, ábhartha ó thaobh cultúir agus comhthéacs de agus cruinn ó thaobh na heolaíochta de. Chun é seo a bhaint amach, tá gá le fís agus tuiscint chomhroinnte ar cad is oideachas caidrimh agus gnéasachta maith ann. Chun críche an athbhreithnithe seo agus le haghaidh obair a dhéanfar sa todhchaí i dtaca le forbairtí curaclaim sa bhunscolaíocht agus san iar-bhunscolaíocht, **is é an cur síos atá ag CNCM ar OCG, ná próiseas curaclambhunaithe de theagasc agus foghlaim maidir leis na gnéithe cognaíocha, mothúchánacha, fisiceacha agus sóisialta de chaidrimh agus gnéasacht. Tá sé d'aidhm aige páistí agus daoine óga a fheistiú leis an eolas, na scileanna, an meon agus na luachanna a chuirfidh ar a gcumas féinfheasacht agus féinmhuinín a fhorbairt; a sláinte, folláine agus dínit féin a aithint; caidrimh dhearfacha mheasúla, shóisialta agus ghnéasacha a fhorbairt; breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann a gcuid roghanna i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile; agus, tuiscint a chur ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí féin i dtaca leo féin agus le daoine eile**[6].

Tá an cur síos ag teacht leis na riachtanais a shonraigh na scoláirí bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta a ndeachthas i gcomhairle leo san athbhreithniú a deir gur mhaith leo eispéireas OCG ina bhfuil cothromaíocht idir na gnéithe caidrimh agus gnéasachta den fhoghlaim san ábhar seo agus na gnéithe mothúchánacha agus cognaíocha. Aithníonn sé freisin go gcuimsíonn OCG, mar aon le rudaí eile, chomhroinnt fhíriciúil na faisnéise eolaíche. Amhail gach oideachas, tá luachanna agus meonta i gceist; is ionann an rang OCG agus spás sábháilte inar féidir iad seo a aithint, a phlé, a fhiosrú agus a cheistiú.

Ba cheart aon chur chuige a nglacfaí leis d'fhonn forbairt todhchaí an OCG a chothú a bheith bunaithe ar chroí-phrionsabail, lena n-áirítear iad sin a raibh páirtithe leasmhara ar aon intinn fúthu san athbhreithniú seo (leagtha amach ar lgh 63-66 den tuairisc seo). Tá siad go léir bunaithe ar ghealltanas chun ceart gach páiste i leith oideachas ardchaighdeáin OCG a chur chun cinn agus is féidir iad a choimriú mar seo a leanas:

- **Scoláire-láraithe** – bíonn cur chuige scoláire-láraithe rannpháirteach, comhráiteach agus freagrach do riachtanais shainaitheanta scoláirí. Cumasaíonn sé sin páistí agus daoine óga leis an eolas, na scileanna agus na luachanna dearfacha a fhorbairt atá ag teastáil le go mbeidh caidrimh

[6] Tá an cur síos seo bunaithe ar eolas ó UNESCO, *International technical guidance on sexuality education*, 2018, lch 16

dhearfacha shásúla acu a fhorbairt agus iad in ann freagracht a ghlacadh as a sláinte agus folláine ghnéasach féin agus sláinte agus folláine ghnéasach daoine eile.

- **Iomlánaíoch** – tosaíonn cur chuige iomlánaíoch i leith OCG go luath san óige agus leanann leis ar feadh an oideachais iar-bhunscolaíochta, ag cothromú agus ag nascadh na foghlama faoi na gnéithe caidrimh agus na gnéithe gnéasachta de OCG. Aithníonn sé an comhthéacs sóisialta, cultúrtha, polaitiúil, reiligiúnach agus eacnamaíoch a théann i bhfeidhm ar noirm agus iompair agus ar ghnéithe pearsanta agus idirphearsanta na gcaidreamh agus na gnéasachta. Ar a shaintréithe eile, tá an acmhainneacht topaicí OCG a nascadh trasna na foghlama in OSPS agus in ábhair eile ar bhonn leanúnach.
- **Ionchuimsitheach** – cuimsíonn cur chuige ionchuimsitheach léargas ar an duine aonair agus ar dhifríochtaí pearsanta mar acmhainn lenar féidir saol agus foghlaim daoine eile a shaibhriú. Cuimsíonn sé meas ar an ilchineálacht mar ghné de shaol agus de ghnéasacht daoine, agus cruthaíonn deis le go mothóidh gach páiste agus duine óg go bhfuil luach leis nó léi agus ról aige nó aici trí theagasc agus foghlaim. I seomra ranga ionchuimsitheach OSPS/OCG, is féidir an éagsúlacht a úsáid mar bhunús chun teacht le chéile agus éisteacht agus foghlaim óna chéile. Bíonn a leithéid de spás ionchuimsitheach agus trasnaíonn réimsí na gnéasachta, na hinscne, an chultúir, na heitneachta, na míchumas/gcumas, na reiligiún agus na gcreideamh.
- **Oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de** – ciallaíonn sé sin go mbíonn OCG ag teacht le agus ábhartha do shaol páistí agus daoine óga agus go dtacaíonn sé leis an bhfoghlaim ar bhealach tráthúil atá íogair ó thaobh céim forbartha de. Sainaithnítear, lena leithéid de chur chuige, an chroí-fhoghlaim ar cheart do gach páiste agus duine óg tabhairt fúithi ag na céimeanna éagsúla dá bhfoghlaim agus cruthaítear, freisin, solúbthacht don mhúinteoir chun freagairt don chomhthéacs áitiúil agus do riachtanais shainiúla scoláirí.
- **Cur chuige uile-scoile** – aithníonn an cur chuige seo na deiseanna chun OCG a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Éilíonn sé cultúr de fhreagracht chomhroinnte agus fís den OCG a chuireann ar chumas scoláirí an fhoghlaim a fhiosrú trí chur chuige idirdhisciplíneach. Cuireann sé san áireamh freisin spiorad nó éiteas saintréitheach na scoile, nó d’fhéadfadh sé go gcuirfeadh roinnt scoileanna béim ar ghné spioradálta na gcaidreamh agus na gnéasachta.

# An Curaclam

Is é an curaclam an príomhbhealach trína gcinntítear comhsheasmhacht agus dul chun cinn san fhoghlaim in OCG. Ní raibh sé idéalach gur forbraíodh, go stairiúil, curaclaim agus treoirlínte éagsúla

do OCG agus OSPS ó lár na 1990idí. Ag leibhéal na scoile, is é a d’eascair as sin ná scaradh OCG ón OSPS i dtaca le pleanáil agus teagasc sa seomra ranga agus ag leibhéal córais, d’eascair scaradh sa FGL le haghaidh OCG agus OSPS as. Aibhsíodh san athbhreithniú gur gá an t-aon churaclam comhtháite amháin a chruthú ina leagtar amach an fhoghlaim le haghaidh OSPS/OCG mar ábhar amháin. Cé gur dócha go dtiocfaidh sonraíochtaí OSPS ar leithligh chun cinn don fhoghlaim sa bhunscolaíocht, sraith shóisearach agus sraith shinsearach mar chuid d’fhorbairtí sa todhchaí, is é an chroí-dhifríocht go ndéanfaí OSPS agus OCG a chomhtháthú in aon ábhar agus clár amháin. Chruthódh sé seo deiseanna le haghaidh comhsheasmhacht mhéadaithe thar gach gné de OSPS agus thar na céimeanna éagsúla den fhoghlaim, rud as a n-eascródh leanúnachas ó thaobh eispéiris de in OSPS/OCG ón oideachas luath-óige[7] go dtí an iar-bhunscolaíocht.

Tá an gá atá le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gcuraclam soiléir. Agus an curaclam á athfhorbairt, ní mór tabhairt faoi na gnéithe seo a leanas de OSPS/OCG (mar a d’aithin an tAire, Aibreán 2018):

- Na héifeachtaí a bhíonn ag an idirlíon agus na meáin shóisialta ar chaidrimh
- Féiniúlacht agus féinmhuinín
- Toiliú agus mar a bhaineann sé le gach caidreamh idirphearsanta
- Cúrsaí LADTA+
- Léiriú gnéasach dearfach sláintiúil
- Forbairtí i dtaca leis an bhfrithghiniúint

De bhreis air sin, ní mór dúinn soiléireacht a thabhairt i dtaca leis na topaicí nach mór plé leo ag céimeanna difriúla d’fhorbairt páistí. Mar sin féin, ní fhéadaimid leanúint de bheith ag cur le curaclam atá ró-ualaithe cheana agus is gá scálú siar éigin a bheith ann, mar shampla, aon fhorluí nó dúbailt ábhair idir leibhéil/blianta gan údar a bheith leis a bhaint amach. Ní mór freisin athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh an ama a mholtar do OSPS/OCG ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile lena chinntiú gur féidir plé mar is cuí leis an bhfoghlaim thábhachtach san ábhar seo.

Ní mór i gcónaí cothromaíocht a bheith ann idir curaclam ábhartha suas chun dáta a chruthú agus an gá go mbeadh scoileanna in ann freagairt dá gcomhthéacs uathúil áitiúil agus do riachtanais a gcuid

[7] Mar chuid dá Phlean Straitéiseach 2019-2021, cuirfidh CNCM tús le hathbhreithniú ar an mbonn fianaise le haghaidh cúram agus oideachas luath-óige d’fhonn forbairtí a dhéanfar sa todhchaí ar chreatchuraclam Aistear a threorú. Cuideoidh an obair seo lena chinntiú go leanfaidh an creatchuraclam de bheith ag soláthar luath-bhunsraith iomchuí don ghné seo d’fhoghlaim agus d’fhorbairt páistí.

scoláirí. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach go rachadh scoileanna i gcomhairle lena gcuid scoláirí ar bhonn rialta d'fhonn a gcuid riachtanais iarbhír agus sonraithe a shainaithint sa réimse seo den oideachas. [8]

# Na coinníollacha cearta a chruthú le haghaidh OCG éifeachtach

Nuair a rinneadh breithmheas ar chur i bhfeidhm OCG in 2007, tugadh le fios gur tháinig *stádas íseal OSPS chun cinn mar thionchar suntasach diúltach ar scoileanna* (Maynock et al.) D'athdhearbhaigh go leor daoine le linn an athbhreithnithe seo an stádas agus an tosaíocht íseal a thugtar do OCG a bheith ina mbacainn i dtaca le OCG éifeachtach. Tá tosca ag leibhéal scoile agus ag leibhéal córais a chuireann leis seo. **Ag leibhéal scoile,** luadh, i ngach comhairliúchán, ríthábhacht a bheith le ról an phríomhoide i dtaca leis na coinníollacha a chruthú chun curaclam éifeachtach cumasaithe OCG a chur ar fáil sa scoil. Bíonn deis ar leith ag ceannasaithe scoile dul i bhfeidhm ar an 'ailtireacht' a thacaíonn le OCG laistigh de scoileanna; mar atá,

- an t-am a chuirtear ar fáil do OSPS/OCG
- imlonnú múinteoirí ag a mbeadh spéis agus scileanna sa réimse seo
- croí-fhoireann/foireann speisialtóra a bhunú
- am a chur ar fáil le haghaidh phleanáil agus comhordú OSPS/OCG
- múinteoirí a shaoradh le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach agus foghlaim chomhoibríoch
- athbhreithniú polasaí OCG a éascú ar bhonn rialta
- teagmháil bhríoch le tuismitheoirí agus cur chuige comhpháirtíochta i leith na foghlama faoi OCG.

Ina theannta sin, féadann príomhoidí tacú leis an tuiscint ar OCG mar rud a tharlaíonn laistigh den phobal ar fad agus den suíomh uile-scoile. **Ag leibhéal córais**, aithníodh le torthaí an athbhreithnithe seo roinnt gnéithe tábhachtacha chun OCG níos éifeachtaí a fhorbairt i scoileanna na hÉireann.

[8] Féach Nell Noddings, mar a bpléann sí an chontúirt a bhaineann le curaclam a bhunú ar an tuairim a bheadh ag daoine fásta de riachtanais scoláirí seachas ar a gcuid riachtanas féinaitheanta féin. Noddings, N. (2005). *Identifying and responding to needs in education. Cambridge Journal of Education, Imleabhar 35*(2).

Déanfar iad seo a mheas faoi na ceannteidil a leanas: Forbairt ghairmiúil, Acmhainní agus Comhpháirtíochtaí.

## Forbairt ghairmiúil

Tá torthaí an athbhreithnithe seo ag teacht le taighde idirnáisiúnta mar ar sainaithníodh go bhfuil forbairt ghairmiúil na n-oideachasóirí ar cheann de na tosca ríthábhachtacha a thacaíonn le feabhsúchán i gcaighdeán an oideachais caidrimh agus gnéasachta. Tá forbairt ghairmiúil múinteoirí, ag leibhéal réamhsheirbhíse agus inseirbhíse, lárnach chun tabhairt faoi bhunús na gceisteanna a sainaithníodh san athbhreithniú seo. Mar sin, cad go díreach atá ag teastáil?

Ar an rud is práinní, tá gá le níos mó oiliúna ar ábhar agus oideolaíocht OSPS/OCG san oiliúint tosaigh do mhúinteoirí bunscoile agus cláir MGO iar-bhunscolaíochta chun acmhainneacht múinteoirí a fheabhsú sa réimse seo. San oiliúint tosaigh do mhúinteoirí, ba cheart deiseanna a chur ar fáil do na múinteoirí go léir atá faoi oiliúint a dtuiscint féin ar chaidrimh, folláine agus gnéasacht daoine a fhiosrú mar aon leis an tionchar a bhíonn ag a meonta, luachanna agus taithí féin ar a gcuid teagaisc. I gcás múinteoirí faoi oiliúint ar mian leo speisialtóireacht a dhéanamh i dteagasc OSPS/OCG ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta nó a bheadh ag cuimhneamh ar ról comhordaitheora i dtaca le OSPS/OCG i mbunscoil, ní mór comhphlé a thionscnamh i dtaca le bealaí le conairí agus cáilíochtaí gairmiúla a bhunú sa réimse seo. Is amhlaidh gurb é OSPS an t-aon ábhar ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta is féidir a theagasc gan aon cháilíocht ná creidiúnú ón gComhairle Mhúinteoireachta agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar stádas an ábhair agus ar mhuinín múinteoirí.

Aibhsíodh san athbhreithniú seo an t-eolas, na scileanna agus na meonta faoi leith atá ag teastáil ó mhúinteoirí OSPS/OCG. Fágann sé go bhfuil oiliúint speisialtóra d'oideachasóirí, agus go háirithe do mhúinteoirí ag barr na bunscoile agus san iar-bhunscolaíocht, ríthábhachtach. Ar a bharr sin, ní hionann an fhorbairt ghairmiúil le haghaidh OCG agus ábhair eile, ní hamháin toisc go dtagann múinteoirí chuig an FGL gan ach oiliúint theoranta réamhsheirbhíse faighte acu sa réimse seo, ach, freisin, toisc gur gá do mhúinteoirí a gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt le linn FGL OCG, mar aon le machnamh a dhéanamh ar a meonta, luachanna agus eispéiris féin chomh maith. B'ionann saincháilíocht iarchéime in OSPS/OCG a chur ar fáil agus céim mhór chun tosaigh i dtreo OSPS/OCG éifeachtach a sholáthar i scoileanna san fhadtéarma mar go gcuirfeadh sé ar chumas múinteoirí uas-sciliú a dhéanamh sa réimse seo.

Ar bhonn níos gearrthréimhsí, ní mór breithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith FGL. Le cur chuige i leith FGL atá bunaithe ar thopaicí agus acmhainní agus atá dírithe ar an 'Cad a

theagascfaimid' seachas ar an 'Cén chaoi a dteagascfaimid é', ní féidir ach méid áirithe a bhaint amach i dtaca le hinniúlacht agus muinín múinteoirí a fhorbairt agus ní dócha go bhforbrófar na scileanna éascaithe atá de dhíth ar mhúinteoirí agus an réimse seo den churaclam á theagasc acu. Mar a thug go leor daoine le fios san athbhreithniú, tá níos mó ná dhá lá de FGL de dhíth ar mhúinteoirí le múinteoir OSPS/OCG a dhéanamh díobh. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar aistriú ó mhúnla a bhfuil nádúr aon-uaire ag baint leis go dtí múnla a thacaíonn le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí. Agus ní mór go mbeadh múinteoirí in ann a leithéid de thacaíocht a fháil ag leibhéal scoile agus go háitiúil. B'fhiú aird a thabhairt freisin ar phobail foghlama gairmiúla de mhúinteoirí OSPS/OCG a bhunú ar bhonn áitiúil mar go léiríonn an taighde gur fearr a fhoghlaimíonn múinteoirí nuair a bhíonn deiseanna acu ceisteanna leasa coitinn a phlé agus cleachtas a chomhroinnt. Tá an fhorbairt ghairmiúil leanúnach dóibh sin a bhíonn ag éascú FGL tábhachtach fosta.

Le tacú le forbairtí sa FGL, tá cur chuige idirghníomhaireachta, agus réimse leathan de ghníomhaireachtaí a mbeadh saineolas acu sa réimse seo páirteach ann, éigeantach. Mar chéad chéim, bheadh cruinniú idir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SGFM), an tAonad um Chur chun Cinn na Sláinte de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) tairbheach chun bealaí úra a fhiosrú le hacmhainneacht a fhorbairt sa réimse tábhachtach seo den oideachas. Ba cheart breathnú freisin ar an ról agus ar an ionchur a bheadh ag páirtithe éagsúla ó thaobh sholáthar FGL de, lena n-áirítear iad sin a bhfuil saineolas agus taithí acu ar obair le daoine óga i suíomhanna neamhfhoirmeálta oideachais.

Ba cheart breithniú ar na bealaí is fearr le freastal ar riachtanais scoláirí a bheadh faoi mhíchumas intleachtach a chur san áireamh freisin in aon chlár forbartha gairmiúla do mhúinteoirí amach anseo, mar aon le bealaí le tacú le príomhoidí scoile tríd an FGL sa réimse seo.

### Acmhainní

Aithnítear nach ionann acmhainní, astu féin, agus leigheas ar go leor de na fadhbanna a sainaithníodh san athbhreithniú seo. Tacaíocht eile, áfach, ar sainaithníodh í tríd an athbhreithniú seo ná an gá le hiniúchadh a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair, a mheas cé acu atá siad suas chun dáta agus oiriúnach don fheidhm nó nach bhfuil agus riachtanais áiseanna i réimse OCG a shainaithint. Ar a bharr sin, déanfar tacar de threoirlínte uileghabhálacha a fhorbairt d'fhonn cruthú na n-áiseanna amach anseo a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh na háiseanna ag teacht leis an gcuraclam agus leis an gcur chuige atá mar thaca faoi. Beidh CNCM ag comhoibriú le roinnt

gníomhaireachtaí de chuid ROS agus FSS d'fhonn suíomh tairsí ar líne a chruthú mar ar féidir áiseanna reatha agus úra a choimeád agus a mhodhnú.

### Comhpháirtíochtaí le héascaitheoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha

Tháinig ról na soláthróirí seachtracha maidir le bheith ag tacú le OCG scoilbhunaithe aníos ar feadh an athbhreithnithe. Mar aitheantas ar bhonn inniúlachta agus muiníne na múinteoirí a theagascann OCG, bonn a bhíonn neamhchothrom agus measartha íseal, uaireanta, tagann ann don ghá do scoileanna tarraingt ar shaineolas seachtrach. Ina leithéid de chásanna aithnítear a luachmhaire atá ionchur na soláthróirí seachtracha nuair a phleanáiltear é i gcomhpháirt leis an scoil agus nuair a chomhlánaíonn sé an teagasc agus an fhoghlaim níos leithne a bhíonn ag tarlú in OSPS/OCG. Tabharfar faoi threoir bhreise a fhorbairt do scoileanna ar bhealaí le comhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt le soláthróirí agus gníomhaireachtaí seachtracha (lena n-áirítear seirbhísí óige agus sláinte áitiúla) de thoradh an athbhreithnithe seo.

## Gnéithe eile nach mór breis machnaimh a dhéanamh orthu

Agus muid i mbun plé ar na coinníollacha atá ag teastáil chun OCG éifeachtach a éascú, ní mór dúinn an ról a bhíonn ag **éiteas scoile** a aithint. In 2007, ba é an tátal a bhain Maynock et al. as an scéal ná

> *tá débhríocht ag baint go fóill le ceist an éitis scoile agus an tionchar a bhíonn aige ar OCG, agus dá thoradh sin, tá an fhéidearthacht ann go mbainfeadh múinteoirí a léirmhíniú pearsanta féin as an 'éiteas' agus go dtiocfadh ann do dhifríochtaí sna bealaí a dtugann siad faoi ábhar OCG. (lch 30)*

Mar an gcéanna, san athbhreithniú seo, fuarthas amach go bhfuil méid áirithe débhrí ann i dtaca leis an dóigh a bhféachann daoine ar éiteas na scoile agus an tionchar a bhíonn aige ar chur chuige na scoile i leith OCG. Cuireadh speictream de dhearcthaí chun tosaigh, uathu sin a áitíonn gur bacainn é an t-éiteas scoile roimh OCG éifeachtach go dtí daoine eile a mheasann an t-éiteas scoile ina chreatlach cumasaithe le haghaidh OCG éifeachtach; cé gur díol spéise é go bhfuil daoine le sonrú, i ngach cineál scoile, a thacaíonn le cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch i leith OCG agus guth láidir acu.

Cé go n-aithníonn an t-athbhreithniú gur ábhar teannais agus éiginnteachta é an t-éiteas scoile do roinnt scoileanna/múinteoirí i dtaca le bheith ag plé le roinnt gnéithe de OSPS/OCG, is é an tátal ar thángthas air nach féidir, ag an bpointe seo, an t-éiteas scoile a dhealú ó na tosca eile a théann i

bhfeidhm ar theagasc OCG. Is é an t-eochairchumasóir i dtaca le teagasc níos muiníní agus níos cuimsithí OCG ná inniúlacht agus muinín múinteoirí a fhorbairt. Ina theannta sin, ní mór go mbeadh curaclam soiléir ann le tacú le múinteoirí agus tacaíocht ag scoileanna lena chur i bhfeidhm mar aon le polasaí soiléir scoile a chumasaíonn agus a thacaíonn leo. Tá gá freisin le hábhair agus deiseanna feabhsaithe tacaíochta do mhúinteoirí i scoileanna agus idir scoileanna le cleachtas a chomhroinnt. Nuair nach mbíonn na heilimintí seo i bhfeidhm, ní foláir nó go mbíonn amhras ann faoin méid ba cheart do mhúinteoirí a bheith ag teagasc agus is féidir éiteas scoile a úsáid ansin mar bhealach le topaicí íogaire áirithe a sheachaint i roinnt cásanna.

Ar an iomlán, fuarthas amach san athbhreithniú go bhfuil forbairt tagtha ar an tuiscint ar chuspóir agus ról OCG sa tsochaí níos leithne ó ceapadh an chéad churaclam OCG agus tá braistint ann go gcaithfear tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do scoileanna chun cláir éifeachtacha a sholáthar sa réimse tábhachtach seo den oideachas. Nuair a bhí siad sin a oibríonn ar OCG i scoileanna ag breithniú ar an nasc idir éiteas scoile agus na cláir OCG acu mar thoisc i bhforbairtí a dhéanfar sa todhchaí maidir le OCG, ba chosúil tosaíocht íseal go leor ag an éiteas scoile ar liosta inar tugadh tosaíocht níos mó do cháilíocht mhúinteora, tacaíocht ghairmiúil do mhúinteoirí, leithdháileadh ama, curaclam agus ábhair thacaíochta cothrom le dáta.

Tugann an fócas ar **fholláine scoláirí** i bpolasaithe agus i gcleachtas oideachais idir dheis agus dúshlán do scoileanna. Le háit na folláine mar cheann de na ceithre chroí-théama in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009), tabhairt isteach na folláine mar réimse curaclaim sa Chreat úr don tSraith Shóisearach agus, níos deireanaí, foilsiú an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (2018-2023)* cruthaítear spásanna agus deiseanna lenar féidir athbhreithniú a dhéanamh ar ról OSPS/OCG i dtaca le bheith ag tacú le folláine scoláirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh treoirlínte agus tacaíocht bhreise de dhíth ar scoileanna chun na naisc a dhéanamh agus an deis a thapú.

Ba cheart béim a chur freisin ar ról na Cigireachta, agus chiorcláin na Roinne Oideachais agus Scoileanna (ROS), maidir le tacú le dea-chleachtas in OSPS/OCG. Gné de na Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí a tugadh isteach le déanaí a bhfuil sé d'fhéidearthacht aige OCG a fheabhsú i scoileanna is ea go bhfiafrófar de na scoláirí féin faoina dtaithí ar OCG mar chuid den phróiseas cigireachta. Chuirfí fáilte freisin roimh mhéadú ar **chigireacht agus monatóireacht ar OSPS/OCG** ag leibhéal na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta.

Ceist eile a d'eascair as an athbhreithniú ar fiú breithniú a dhéanamh uirthi is ea **ról na dtuismitheoirí** maidir le hoideachas a chur ar a bpáistí faoi chaidrimh agus gnéasacht. Ní fhéadann scoileanna é a dhéanamh leo féin agus ní mór tuismitheoirí a spreagadh agus tacú leo chun a bhfreagrachtaí féin a chomhlíonadh i dtaca leis an réimse seo d'oideachas a bpáistí freisin. Tacaíonn aighneachtaí ó gach

peirspictíocht agus grúpa páirtithe leasmhara le luach agus riachtanas na rannpháirtíochta tuismitheoirí i dtaca le clár OCG na scoile a chur i bhfeidhm. Beidh sé tábhachtach, i dtaca le forbairtí a dhéanfar sa todhchaí, machnamh a dhéanamh ar dhóigheanna le cumarsáid a fheabhsú faoina mbítear ag teagasc in OCG agus ar thacaíocht do thuismitheoirí lena chur ar a gcumas comhráití a thosú lena bpáistí sa bhaile. Sa chomhthéacs seo, is fiú breithniú ar acmhainní ilmheán a fhorbairt. Ar bhonn níos leithne, is ceist í rannpháirtíocht tuismitheora ar gá d'fhorais tuismitheoirí breithniú uirthi i gcomhpháirt leis na ranna rialtais iomchuí agus d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé seo breithniú ar bhealaí le cur leis an obair atá sa siúl cheana ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus feachtas poiblí oideachais agus faisnéise a thionscnamh d'fhonn faisnéis chruinn a chur ar fáil i dtaca le hábhar agus raon OSPS/OCG agus na buntáistí a thagann leis do pháistí agus daoine óga.

Faoi dheireadh, mar aitheantas ar ról tábhachtach na dtuismitheoirí sa réimse seo den oideachas agus rannpháirtíocht agus spéis shuntasach na dtuismitheoirí sa phróiseas athbhreithnithe, leanfaidh CNCM de bheith ag obair le grúpaí ionadaíocha tuismitheoirí chun deiseanna a chruthú le haghaidh chomhphlé agus comhairliúcháin de réir mar a thabharfar an obair forbartha curaclaim chun cinn.

# Treonna don todhchaí

Cuireann an t-athbhreithniú seo leis an mbailiúchán suntasach de thaighde a d'aibhsigh cheana ceisteanna móra a bhaineann le cur i bhfeidhm OSPS/OCG i scoileanna[9]. Fuair sé amach go bhfuil go leor de na ceisteanna a sainaithníodh i dtuarascálacha roimhe seo fós gan athrú agus, go deimhin, go bhfuil dúshláin úra ann freisin, go háirithe mar gheall ar an gcomhthéacs athraitheach sóisialta agus teicneolaíochta ina bhfuil OCG á theagasc.

Leagtar amach san athbhreithniú réimse ceisteanna a théann i bhfeidhm ar sholáthar OCG éifeachtach do gach scoláire, ach rinneadh iarracht gan na hairíonna a bhaineann le réimse curaclaim atá ag streachailt eispéireas cuimsitheach bríoch a bhunú do chách a mheascadh le domhainchastacht agus cúis na deacrachta – cohórt iomlán de mhúinteoirí oilte muiníneacha a bheith in easnamh agus easpa tosaíochta a bheith ann do OSPS/OCG ar roinnt bealaí ag leibhéal scoile agus leibhéal córais. Agus níor cheart dúinn neamhaird a thabhairt ar chastacht agus scála an mhéid a bheidh i gceist chun eispéireas OSPS/OCG a fheabhsú don scoláire agus níor cheart dul i muinín réitigh éasca, ghasta nó ghearrthréimhseacha amháin. Mar sin féin, ní fhéadann na scoláirí inár gcuid scoileanna fanacht.

[9] Tagairt in Keating et al, (2018) *Relationships and Sexuality Education (RSE) in Primary and Post-primary Irish Schools.*

Níorbh aon chabhair é cur síos a dhéanamh ar na fadhbanna go léir atá ann, gan céimeanna a mholadh le soláthar OCG i scoileanna a fheabhsú. Sa chuid seo, rinneadh idir ghníomhartha láithreacha agus ghníomhartha níos fadtréimhsí a shainaithint (Féach iarscríbhinn E le haghaidh amlíne tháscach gníomhartha). Ní mór breithniú a dhéanamh orthu seo freisin i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe níos leithne atá ar bun faoi láthair in CNCM, go háirithe athfhorbairt an churaclaim bunscoile agus an t-athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.

# Gníomhartha

### Tosaíocht OSPS/OCG don athfhorbairt curaclaim

Tá deiseanna ann, leis na hathbhreithnithe reatha ar an mbunoideachas agus ar an tsraith shinsearach, chun breithniú a dhéanamh ar áit OSPS/OCG laistigh den churaclam agus chun ceisteanna a phlé a bhaineann lena chuspóir, cur chuige, ábhar agus leithdháileadh ama. Ós rud é go bhfuil comhaontú tar éis teacht chun cinn i dtaca leis an ngá atá le curaclam atá suas chun dáta, comhtháite, agus a chomhcheanglaíonn OSPS agus OCG ón luathóige go dtí deireadh an oideachais iar-bhunscolaíochta, déanfaidh CNCM tosaíocht d’obair sa réimse seo mar chuid de na forbairtí curaclaim níos leithne sna hearnálacha seo. Is minic a bhraitheann múinteoirí gur léiriú é an méid ama a leithdháiltear ar churaclam nó ar ábhar ar an stádas atá aige. Déanfaidh athbhreithnithe curaclaim atá idir lámha ag leibhéal bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta breithniú ar an leithdháileadh ama atá ag teastáil le haghaidh soláthar éifeachtach OSPS/OCG.

### Treoirlínte eatramhacha

Is léir go bhfuil gá le hathbhreithniú agus leasú ar na curaclaim OSPS agus OCG chun an t-aon churaclam comhtháite amháin a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais páistí agus daoine óga sa lá atá inniu ann. Ní mór go ndéanfaí an obair forbartha curaclaim seo i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcuraclam bunscolaíochta agus an athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach atá sa siúl faoi láthair, dhá athbhreithniú a mbeidh go leor ama i gceist lena gcur i gcrích. Idir an dá linn, déanfaidh CNCM Treoirlínte Eatramhacha a fhorbairt agus a fhoilsiú le tacú le teagasc OSPS/OCG ar bhonn níos gearrthréimhsí. Gheofar treoir ó na Treoirlínte Eatramhacha seo maidir le dóigheanna le tabhairt faoin gcuraclam reatha ar bhealach níos iomlánaíche, tabharfaidh siad soiléireacht maidir le bealaí le topaicí a theagasc sa dóigh go n-ionchorprófar téamaí ón athbhreithniú seo iontu agus beidh moltaí ann i dtaca le bealaí leis na topaicí a theagasc ar shlí atá iomlán ionchuimsitheach. Cuimseoidh siad freisin samplaí de raon cleachtas maidir le pleanáil agus teagasc OSPS/OCG ag leibhéal uile-scoile agus leibhéal ranga le tacú le comhroinnt an dea-chleachtais sa réimse seo den oideachas. Ar a bharr sin, tabharfaidh na Treoirlínte Eatramhacha treoir fheabhsaithe do scoileanna

maidir le bheith ag obair i bpáirt le soláthróirí seachtracha OCG chun clár cuimsitheach OSPS/OCG a fhorbairt.

### Acmhainní

Beidh CNCM ag comhoibriú le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara bainteacha chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní atá ann faoi láthair agus chun riachtanais acmhainní sa réimse seo a shainaithint. Ina theannta sin, déanfaidh CNCM tacar de threoirlínte uileghabhálacha a fhorbairt chun forbairt acmhainní agus áiseanna amach anseo a threorú. Beidh CNCM páirteach freisin in obair chun suíomh tairsí a fhorbairt mar a mbeidh múinteoirí agus ceannasaithe scoile in ann teacht ar acmhainní reatha agus todhchaí OSPS/OCG.

### Athbhreithniú ar chláir oiliúna tosaigh múinteoirí

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an am a leithdháiltear do OSPS/OCG san oiliúint tosaigh múinteoirí mar aon leis an gcur chuige a nglactar leis i dtaca le hacmhainneacht múinteoirí a fhorbairt sa réimse seo. Tá tionscadal taighde ar bun faoi láthair ag foireann taighde TEACH RSE in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), le himscrúdú a dhéanamh ar eispéiris agus riachtanais múinteoirí faoi oiliúint i dtaca lena bhforbairt ghairmiúil in OSPS/OCG. Tá torthaí an tionscadail sin le foilsiú i mí an Mheithimh, 2020. Beidh na torthaí seo agus an fhorbairt leanúnach atá ROS a dhéanamh i dtaca le Ráiteas Polasaí um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, ina gcuidiú chun athbhreithniú ar OSPS/OCG mar chuid den oiliúint tosaigh múinteoirí a threorú.

### Creidiúnú OSPS ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta

B'ionann saincháilíocht fochéime in OSPS/OCG agus/nó cáilíocht iarchéime in OSPS/OCG agus céim mhór chun tosaigh i dtreo OSPS/OCG éifeachtach a sholáthar i scoileanna san fhadtéarma. Moltar go ndéanfadh ROS, comhpháirtithe oideachais bainteacha agus páirtithe leasmhara tosaíocht de chúrsaí creidiúnaithe a fhorbairt i dteagasc OSPS/OCG ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta.

### Forbairt ghairmiúil fheabhsaithe do mhúinteoirí

Ba cheart an clár forbartha gairmiúla le haghaidh OSPS/OCG a fhairsingiú agus a dhoimhniú. Ní mór rochtain ar an bhforbairt ghairmiúil a fheabhsú agus breithniú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfadh gníomhaireachtaí éagsúla comhoibriú chun clár úr idirbheartaithe ilghnéitheach marthanach comhsheasmhach forbartha gairmiúla a sholáthar in OSPS/OCG trí chur chuige ilmhódach ilghníomhaireachtaí. Ba cheart go mbeadh breithniú sa chlár freisin ar raon geografach na ndeiseanna do mhúinteoirí a bheith páirteach san fhoghlaim chomhoibritheach duine le duine. Tá gá

freisin le FGL sainiúil do mhúinteoirí a bhíonn ag obair le páistí ar a bhfuil ASD nó a bheadh faoi mhíchumas intleachtach agus FGL do cheannasaithe scoile. Ba cheart deiseanna le haghaidh FGL a thús-ualú mar ullmhúchán le haghaidh curaclam athfhorbartha.

### Comhoibriú idirghníomhaireachta

Déanfaidh CNCM a sciar féin chun comhoibriú agus naisc idirghníomhaireachta a éascú idir an earnáil oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta d'fhonn comhroinnt an tsaineolais, na foghlama agus na n-acmhainní a bhaineann le OCG a fheabhsú. Déanfaidh CNCM, freisin, líonrú a thionscnamh idir grúpaí/gníomhaireachtaí a bhíonn ag obair le tacú le scoileanna ar thionscnaimh spriocdhírithe, amhail toiliú agus ceisteanna LADTAI+.

### Folláine

Tabharfaidh CNCM faoi imscrúdú ar na bealaí a mbíonn scoileanna ag pleanáil le haghaidh folláine mar chuid den tsraith shóisearach agus gheobhaidh amach an méid atá deiseanna chun foghlaim scoláirí in OSPS/OCG ag tarlú agus cé na tacaíochtaí breise atá ag teastáil.

# Achoimre

**Ba cheart cuir chuige i leith OCG a bhunú ar chearta agus riachtanais daoine óga**

1. Ní mór an bunús ar a gcomhaontófaí cur chuige i leith an tsoláthair do OCG a bhunú ar chearta agus riachtanais páistí agus daoine óga mar atá leagtha amach san iomad conarthaí agus ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine ina bhfuil tagairt don cheart chun oideachais agus don chaighdeán is airde sláinte.

**Ba cheart go nglacfaí le cur chuige iomlánaíoch i leith OCG**

**2.** Ní mór OCG a bhogadh i dtreo cur chuige níos iomlánaíche. Ina theannta sin, ba cheart OCG a bheith scoláire-láraithe, ionchuimsitheach, oiriúnach d'aois agus do leibhéal forbartha agus nádúr uile-scoile a bheith ag baint leis.

**Ní mór do scoileanna dul i gcomhairle lena gcuid scoláirí ar bhonn rialta d'fhonn a gcuid riachtanais iarbhír agus sonraithe a shainaithint i réimse OCG**

3. Aibhsíonn an t-athbhreithniú a thábhachtaí atá sé go rachadh scoileanna i gcomhairle lena gcuid scoláirí ar bhonn rialta d'fhonn a gcuid riachtanais iarbhír agus sonraithe a shainaithint sa réimse seo den oideachas agus iad seo a chur san áireamh sa phleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama.

**Ba cheart OCG a bheith mar chuid den aon churaclam comhtháite OSPS amháin agus é a nuashonrú chun réimsí a sainaithníodh san athbhreithniú a chur san áireamh**

4. D'aibhsigh an t-athbhreithniú an gá atá le curaclam amháin a chruthú ina leagfaí amach an fhoghlaim le haghaidh OSPS/OCG mar ábhar amháin agus a chuirfeadh ar fáil, ar bhonn céimnitheach, leanúnachas eispéiris in OSPS/OCG ón oideachas luath-óige go dtí an iar-bhunscolaíocht. De bhreis air sin, ní mór topaicí a sainaithníodh san athbhreithniú agus ar aibhsigh an tAire iad, a chur san áireamh i gcuraclam nuashonraithe OSPS/OCG.

**Ní mór sainoiliúint agus sainchonairí le haghaidh forbairt ghairmiúil a fhorbairt i réimse an OSPS/OCG**

5. Aibhsíodh san athbhreithniú seo an t-eolas, na scileanna agus na meonta faoi leith atá ag teastáil ó mhúinteoirí a theagascann OSPS/OCG. Ní mór an rochtain ar fhorbairt ghairmiúil

a fheabhsú trí chontanam ón oiliúint tosaigh múinteoirí go dtí an t-oideachas inseirbhíse, ach cur chuige comhoibritheach ilghnéitheach ilghníomhaireachtaí a úsáid. Ba cheart a leithéid de chur chuige a thús-ualú mar ullmhúchán le haghaidh curaclam athfhorbartha.

**Treoirlínte Eatramhacha a fhorbairt**

6. Déanfaidh CNCM Treoirlínte Eatramhacha a fhorbairt agus a fhoilsiú le tacú le teagasc OSPS/OCG. Cuirfidh siad treoir ar fáil maidir le dóigheanna le tabhairt faoin gcuraclam reatha ar bhealach níos iomlánaíche, tabharfaidh siad soiléireacht maidir le bealaí le topaicí a theagasc sa dóigh go n-ionchorprófar téamaí ón athbhreithniú seo iontu agus beidh moltaí ann i dtaca le bealaí leis na topaicí a theagasc ar shlí atá iomlán ionchuimsitheach.

**Athbhreithniú ar acmhainní reatha agus acmhainní suas chun dáta a fhorbairt**

7. Beidh CNCM ag comhoibriú le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara bainteacha chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní atá ann faoi láthair agus chun riachtanais acmhainní sa réimse seo a shainaithint. Ina theannta sin, déanfaidh CNCM tacar de threoirlínte uileghabhálacha a fhorbairt chun forbairt acmhainní amach anseo a threorú agus tabharfaidh faoi chomhoibriú le páirtithe leasmhara eile chun suíomh tairsí a fhorbairt mar a mbeidh na hacmhainní ar fáil.

**Tacú le scoileanna i dtaca le OSPS/OCG a fheabhsú i gcomhthéacs na pleanála le haghaidh Folláine mar chuid de shraith shóisearach úr**

8. Beidh CNCM ag comhoibriú chun tacaíocht agus treoir a sholáthar do scoileanna agus iad ag pleanáil le haghaidh folláine sa tsraith shóisearach.

**Maoirsiú ROS ar OSPS/OCG**

9. Tá gá le maoirsiú cuimsitheach ar agus tacaíocht do OSPS/OCG ón gCigireacht agus ó ROS chun gur féidir freastal ar na riachtanais a sainaithníodh san athbhreithniú seo.

**Acmhainní agus tacaíocht do thuismitheoirí i réimse an OSPS/OCG**

10. Beidh feabhsúchán ar an gcumarsáid le tuismitheoirí agus ar a rannpháirtíocht ina ghné thábhachtach d'fhorbairtí todhchaí sa réimse seo agus tá sé éigeantach chun go bhféadfar aon churaclam leasaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart acmhainní a fhorbairt chun feasacht ar OSPS/OCG a ardú agus le tacú le tuismitheoirí mar chomhpháirtithe san oideachas.

# Aguisín A: Lucht freastail ag Cruinnithe comhairliúcháin Déthaobhacha agus Comhchéime

| | |
|---|---|
| ▪ Accord, Dublin Catholic Marriage Care Service<br>▪ Seirbhísí d'Aosaigh, Ospidéal Stewart, Baile Átha Cliath<br>▪ Aids West, Gaillimh<br>▪ Atheist Ireland<br>▪ As I Am<br>▪ Cumann na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha (ACCS)<br>▪ Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha (ATCC)<br>▪ BeLonG To<br>▪ Catholic Education and Ireland Schools Trust (CEIST)<br>▪ Cumann Bainistíochta Bunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)<br>▪ Comhairle na nÓg, Corcaigh<br>▪ Bunscoileanna Pobail<br>▪ An Chomhairle um Chaiticeasmaic, Oideachas (Comhdháil Easpag Éireann) agus Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha<br>▪ An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGO) | ▪ Ionchuimsiú Éireann<br>▪ Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath<br>▪ Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC)<br>▪ Cumann Pleanála Clainne na hÉireann (IFPA)<br>▪ Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU)<br>▪ Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)<br>▪ Painéal Comhairleach don Óige LADTI<br>▪ Iontaobhas Scoileanna Le Chéile<br>▪ Gréasán Oideachais Loreto<br>▪ Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach<br>▪ Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin<br>▪ Bord Oideachais Bunscolaíochta Moslamach<br>▪ Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas<br>▪ Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)<br>▪ An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)<br>▪ Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI) |

| | |
|---|---|
| ▪ Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna<br>▪ An Roinn Forbartha Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath<br>▪ An Roinn Altranais agus Eolaíochtaí Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath<br>▪ An Roinn Eolaíochta Sóisialta agus Sláinte, Ollscoil na Ríona<br>▪ An tIonad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath<br>▪ Iontaobhas Scoileanna Éamainn Rís<br>▪ Ag Foghlaim le Chéile (Bunscoil agus Iar-bhunscoil)<br>▪ Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)<br>▪ Iar-chomhairleoirí Sheirbhís Tacaíochta OSPS<br>▪ Iar-Stiúrthóir Sheirbhís Tacaíochta OSPS<br>▪ Iar-cheannasaí Fhoireann Sláinte agus Folláine Bunscolaíochta agus Iar-Bhunscolaíochta SGFM<br>▪ Iar-Stiúrthóir Sheirbhísí Tacaíochta OCG<br>▪ Foróige<br>▪ Bord Oideachais an tShionaid Ghinearálta<br>▪ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Clár Oideachais<br>▪ Ionad Taighde um Chur Chun Cinn na Sláinte, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. | ▪ Pavee Point<br>▪ An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Bunscolaíocht (SGFM)<br>▪ An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Iar-Bhunscolaíocht (SGFM)<br>▪ Gréasán Éigeandála um Éigniú Éireann<br>▪ Scoil an Oideachais, Ollscoil Luimnigh<br>▪ Scoil an Oideachais, Coláiste Hibernia<br>▪ Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.<br>▪ Ionad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh<br>▪ Clár Sláinte Gnéasaí agus Toirchis Géarchéime<br>▪ ShoutOut<br>▪ Gréasán OSPS<br>▪ SpunOut.ie<br>▪ Squashy Couch, Sláinte Ógánach Tusla, Port Láirge<br>▪ Coláiste Montessori San Niocláis, Baile Átha Cliath<br>▪ Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)<br>▪ Seirbhísí Tusla um Fhoréigean Gnéasach<br>▪ Obair d'Ógra Éireann |

# Aguisín B: Páirtithe leasmhara a d'fhreastail ar imeachtaí comhairliúcháin siompóisiam

| | |
|---|---|
| ▪ Accord, Dublin Catholic Marriage Care Service<br>▪ Aids West, Gaillimh<br>▪ An Foras Pátrúnachta<br>▪ Cumann na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha (ACCS)<br>▪ Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)<br>▪ Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha (ATCS)<br>▪ BeLonG To<br>▪ Catholic Education and Ireland Schools Trust (CEIST)<br>▪ Cumann Bainistíochta Bunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)<br>▪ Lárionad Ceannaireachta Scoile<br>▪ Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann<br>▪ Bunscoileanna Pobail<br>▪ An Chomhairle um Chaiticeasmaic, Oideachas (Comhdháil Easpag Éireann) agus Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha<br>▪ An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGO)<br>▪ An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)<br>▪ An tIonad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath | ▪ Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach<br>▪ Mercy Secondary School, Inse Chór<br>▪ Bord Oideachais Bunscolaíochta Moslamach<br>▪ Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí<br>▪ Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas<br>▪ Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)<br>▪ Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht (NPCP)<br>▪ Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann<br>▪ An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)<br>▪ Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.<br>▪ An tOmbudsman do Leanaí (OCO)<br>▪ An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Bunscolaíocht (SGFM)<br>▪ An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Iar-Bhunscolaíocht (PDST)<br>▪ Ollscoil na Ríona, Béal Feirste<br>▪ Gréasán Éigeandála um Éigniú Éireann<br>▪ Scoil an Oideachais, Coláiste Hibernia<br>▪ Scoil Etchen Naofa, Cionn Átha Gad, an Iarmhí<br>▪ Bunscoil Phobail Scoil Gráinne, Ongar, Baile Átha Cliath<br>▪ Ionad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh |

| | |
|---|---|
| ▪ Iontaobhas Scoileanna Éamainn Rís<br>▪ Ag Foghlaim le Chéile (Bunscoil agus Iar-bhunscoil)<br>▪ Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)<br>▪ Foróige<br>▪ Dámh na Míochaine Sláinte Poiblí, Coláiste Ríoga na Lianna<br>▪ Inscne, Gnéaschlaonadh, Sláinte Ghnéasach agus VEID, Luimneach<br>▪ Clár Sláinte Gnéasaí agus Toirchis GéarchéimeFheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)<br>▪ Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)<br>▪ Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU)<br>▪ Ionchuimsiú Éireann<br>▪ Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath<br>▪ Cumann Pleanála Clainne na hÉireann (IFPA)<br>▪ Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann<br>▪ Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)<br>▪ Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)<br>▪ Seirbhís Tacaíochta Oiliúna na Sraithe Sóisearaí (JCT)<br>▪ Iontaobhas Scoileanna Le Chéile<br>▪ Oifig Oideachais Loreto<br>▪ Ollscoil Mhá Nuad, Roinn Frobel an Oideachais Bunscoile agus Luath-Óige | ▪ ShoutOut<br>▪ Gréasán OSPS<br>▪ SpunOut.ie<br>▪ Squashy Couch, Sláinte Ógánach Tusla, Port Láirge<br>▪ St Catherine's N.S, Ascaill Dhún Uabhair, Baile Átha Cliath<br>▪ St. Marys N.S, Sráid Dorset, Baile Átha Cliath<br>▪ St. Paul's CBS, Sráid Stanhope, Baile Átha Cliath<br>▪ Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)<br>▪ Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga<br>▪ Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)<br>▪ Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)<br>▪ An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath<br>▪ Ollscoil Luimnigh<br>▪ Cúnamh do Mhná<br>▪ Obair d'Ógra Éireann |

# Aguisín C: Liosta na nAighneachtaí Scríofa[10]

**Grúpaí agus Eagraíochtaí Sainleasa**

- Abortion Rights Campaign*
- Accord, Dublin Catholic Marriage Care Service
- Alliance for Defence of Family and Marriage
- Amnesty International, Éire
- Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
- Cumann Iontaobhaithe Scoileanna Caitliceacha (ATCS)*
- Atheist Ireland*
- Eaglais Bhaisteach Bhaile Bhlainséir
- BeLonG To
- Cumann Bainistíochta Bunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)*
- Eaglais Bhaisteach an Chabháin
- Seirbhísí Clare Haven, Co. an Chláir
- Christian Association Ireland
- Consent Matters Ireland
- COPE Gaillimh
- An Chomhairle um Chaiticeasmaic, Oideachas (Comhdháil Easpag Éireann) agus Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha*
- Cybersmarties Ltd
- Deoise Ail Finn, Sligeach*
- An tIonad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath*
- Ag Foghlaim le Chéile
- Dámh na Míochaine Sláinte Poiblí, Coláiste Ríoga na Lianna
- Comhaighneacht ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (SpunOut.ie, BeLonG To, ShoutOut, NYCI, USI, HIV Ireland, Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga, ISSU, IFPA , Foróige)
- LADT Éireann*
- Lumen Fidei
- Ollscoil Mhá Nuad, Roinn Frobel an Oideachais Bunscoile agus Luath-Óige MGOnna Grúpa 1
- Ollscoil Mhá Nuad, Roinn Frobel an Oideachais Bunscoile agus Luath-Óige MGOnna Grúpa 2
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht (NPC)
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Iar-bhunscolaíocht
- Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann (NYCI)
- Outcomer Youth, Dún Dealgan
- Foireann Sláinte agus Folláine na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Bunscolaíocht (PDST)
- Ionad Éigeandála um Éigniú Éireann*
- Ruhama
- Safe, Éire
- ShoutOut*
- Solidarity, the Left Alternative
- Gréasán OSPS*

[10] Rinne eagraíochtaí a bhfuil réiltín taobh lena n-ainm aighneacht sa dá chéim den chomhairliúchán. Aon áit a bhfuarthas cead aighneachtaí scríofa ón gcomhairliúchán a fhoilsiú, tá na haighneachtaí sin ar fáil ar líne https://www.ncca.ie/en/updates-and-events/consultations/review-of-relationships-and-sexuality-education-rse

| | |
|---|---|
| ▪ Foróige*<br>▪ Cairde don Saol, Baile Locha Riach<br>▪ Inscne, Gnéaschlaonadh, Sláinte Ghnéasach agus VEID, Luimneach<br>▪ Human Life International<br>▪ Ionchuimsiú Éireann<br>▪ Institiúid na gComhairleoirí Treorach<br>▪ Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC)<br>▪ Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) Grúpa LADT*<br>▪ Cumann Pleanála Clainne na hÉireann (IFPA)<br>▪ Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU)<br>▪ Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB) | ▪ SpunOut.ie*<br>▪ Squashy Couch, Sláinte Ógánach Tusla, Port Láirge<br>▪ St. Cecilia's N.S<br>▪ Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)<br>▪ TEACH OCG, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath<br>▪ Ionad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh*<br>▪ The Iona Institute<br>▪ Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga<br>▪ Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)<br>▪ Turn2me.org<br>▪ Seirbhísí Tusla um Fhoréigean Gnéasach, Tionscadal Manuela*<br>▪ Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)<br>▪ We Care About Our Children<br>▪ Uplift<br>▪ Obair d'Ógra Éireann |

# Aguisín D: Obair i scoileanna

| Bunscoil | Cineál | Patrún | An Comhthéacs | Suíomh | Méid |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Measctha | Bunscoil Phobail | Scoil Uirbeach | Co. Bhaile Átha Cliath | c650 |
| 2 | Measctha | Eaglais na hÉireann | Scoil Uirbeach | Co. Bhaile Átha Cliath | c250 |
| 3 | Measctha | Caitliceach | Scoil Uirbeach DEIS | Co. Bhaile Átha Cliath | c150 |
| 4 | Buachaillí | Caitliceach | Scoil Uirbeach DEIS | Co. Bhaile Átha Cliath | c108 |
| 5 | Measctha | Caitliceach | Scoil Tuaithe Ghaeltachta | Co. na Mí | c203 |
| 6 | Measctha | Caitliceach | Scoil Tuaithe | Co. Luimnigh | c208 |
| 7 | Measctha | Caitliceach | Scoil Uirbeach Speisialta | Co. Bhaile Átha Cliath | c. 20 |
| 8 | Measctha | Caitliceach | Scoil Uirbeach Speisialta | Co. Luimnigh | c. 50 |
| 9 | Cailíní | Caitliceach | Scoil Uirbeach | Co. Bhaile Átha Cliath | c. 500 |
| 10 | Measctha | Caitliceach | Scoil Tuaithe DEIS | Co. Bhaile Átha Cliath | c. 80 |
| 11 | Measctha | Ag Foghlaim le Chéile | Scoil Uirbeach | Co. Dhún na nGall | c. 200 |
| 12 | Measctha | Caitliceach | Scoil Uirbeach Deis | Contae Phort Láirge | c. 350 |
| 13 | Measctha | Caitliceach | Gaelscoil Uirbeach | Contae Phort Láirge | c. 200 |

| Iarbhunscoil | Cineál | Patrún | An Comhthéacs | Suíomh |
|---|---|---|---|---|
| 14 | Buachaillí | Meánscoil Dheonach DEIS | Scoil Uirbeach | Co. Bhaile Átha Cliath |
| 15 | Cailíní | Meánscoil Dheonach DEIS | Scoil Uirbeach | Co. Bhaile Átha Cliath |
| 16 | Buachaillí | Meánscoil Dheonach | Scoil Uirbeach | Co. Mhuineacháin |
| 17 | Buachaillí | Meánscoil Dheonach | Scoil Uirbeach | Co. Thiobraid Árann |
| 18 | Cailíní | Meánscoil Dheonach | Scoil Uirbeach | Co. Mhuineacháin |
| 19 | Measctha | BOO | Scoil Uirbeach | Co. Chorcaí |
| 20 | Measctha | BOO | Scoil Uirbeach | Co. Bhaile Átha Cliath |
| 21 | Measctha | BOO | Scoil Tuaithe | Co. Lú |
| 22 | Measctha | Pobalscoil | Scoil Uirbeach | Co. Lú |
| 23 | Measctha | Coláiste Pobail (ACCS) | Scoil Uirbeach | Co. na Mí |

# Aguisín E: Amlíne tháscach le haghaidh gníomhartha CNCM

Léiríonn an amlíne seo dátaí tosaithe agus críochnaithe le haghaidh roinnt eochair-ghníomhartha molta ón Athbhreithniú ar OCG. Tá na dátaí seo táscach mar gheall ar na tosca seo a leanas;

- Tá cuid de na gníomhartha faoi réir comhoibriú agus amlínte idirghníomhaireachta agus forbairt tacaí agus bonneagar teicneolaíochta
- Tá an sceideal le haghaidh forbairt curaclaim sa réimse seo faoi réir próisis churaclaim níos leithne amhail an tAthbhreithniú ar an mBunscolaíocht agus Athfhorbairt agus Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.

| Gníomh Molta | Dáta tosaithe | Dáta críochnaithe táscach |
|---|---|---|
| Treoir Eatramhach le haghaidh OCG bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta agus creat foriomlán a fhorbairt d'fhonn forbairtí todhchaí in OSPS/OCG a threorú | R1 2020 | R4 2020 |
| Imscrúdú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh OSPS/OCG faoi Fholláine na sraithe sóisearaí | R1 2020 | R3 2020 |
| Suíomh tairsí le haghaidh acmhainní | R1 2020 | *Le comhaontú leis na gníomhaireachtaí bainteacha* |
| Sonraíocht OSPS/OCG na sraithe sóisearaí a athfhorbairt | R4 2020 | R4 2021 |
| Sonraíocht OSPS/OCG na sraithe sinsearaí a athfhorbairt | R4 2021 | R4 2022 |
| Sonraíocht bunscolaíochta OSPS/OCG a athfhorbairt | R1 2021 | *Lena foilsiú comhuaineach leis an gcuraclam iomlán bunscolaíochta athfhorbartha* |

-

# Leabharliosta


An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh. (2016). *Concluding observations on the combined third and fourth periodic reports of Ireland*. Tuarascáil Uimh.: CRC/C/IRL/CO/3-4.

Coiste ar gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (2017). *Concluding observations on the combined sixth and seventh periodic reports of Ireland*. Tuarascáil Uimh. CEDAW/C/IRL/CO/6-7, 9.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999). *Curaclam na Bunscoile.* Baile Átha Cliath

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2011) *Creat* Curaclam OSPS na Sraithe Sinsearaí. Baile Átha Cliath

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2016) Gearrchúrsa OSPS: Sonraíochtaí *don tsraith shóisearach.* Baile Átha Cliath

Tithe an Oireachtais (2019) Mhol an *Tuarascáil an Chomhchoiste Oideachais agus Scileanna ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta*. Baile Átha Cliath

Keating et al (2018) *Relationships and Sexuality Education (RSE) in Primary and Post-Primary Irish Schools: A Research Paper*. Baile Átha Cliath

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1996) *Relationships and Sexuality Education: An Aspect of Social, Personal and Health Education*. Baile Átha Cliath

Noddings, N (2005) *Identifying and responding to needs in education*. Cambridge Journal of Education, Imleabhar 35(2).

(UNESCO, 2018). *International Technical Guidance on Sexuality Education: An Evidence-informed approach*. Eagrán Leasaithe. Páras, UNESCO.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment